

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 252



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

30 Meán Fómhair 2022

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2022/1670 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad 1
- ★ Rialachán Tarmiligthe (AE) 2022/1671 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2022 lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 89(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ 4
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1672 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2022 lena gcláraítear ainm sa chláir um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint (“Bardejovský Med/Med z Bardejova” (STFC)) 7
- ★ Rialachán (AE) 2022/1673 ón gCoimisiún an 27 Meán Fómhair 2022 lena mbunaítear iamh iascach le haghaidh tuinníní colgacha san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T i gcás soithí a bhfuil bratach na hÉireann ar foluain acu 8
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1674 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 maidir le praghsanna ionadaíoch a shocrú in earnáil na feola éanlaithe clóis agus in earnáil na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe 11
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1675 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2022 lena socraítear na praghsanna ionadaíoch, na dleachtanna allmhairiúcháin agus na dleachtanna allmhairiúcháin breise is infheidhme maidir le molás in earnáil an tsiúcra ón 1 Deireadh Fómhair 2022 amach 14
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1676 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith clóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ⁽¹⁾ 17

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2022/1677 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint, a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh 64
 - ★ Cinneadh (AE) 2022/1678 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2022 lena gceaptar beirt chomhaltaí, arna moladh ag Poblacht na Slóivéine, de Choiste na Réigiún 70
 - ★ Cinneadh (AE) 2022/1679 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2022 lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na Danmhairge, de Choiste na Réigiún 72
 - ★ Cinneadh (AE) 2022/1680 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2022 lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún 73
 - ★ Cinneadh (CBES) 2022/1681 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 27 Meán Fómhair 2022 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/513 (EUNAVFOR MED IRINI/4/2022) 74
 - ★ Cinneadh (CBES) 2022/1682 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1465 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin 76
 - ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1683 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2022 maidir leis an gcoibhéis idir an creat rialála i ndáil le contrapháirtithe lárnacha sa Cholóim agus ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ 78
 - ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1684 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2022 maidir leis an gcoibhéis idir an creat rialála le haghaidh contrapháirtithe lárnacha sa Téaváin agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le Tithe Imréitigh Todhchaíochtaí atá faoi mhaoirseacht an Choimisiúin um Maoirseacht Airgeadais ⁽¹⁾ 82
- GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA
- ★ Cinneadh Uimh. 1/2022 ón gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Chosaiv an lena leasaítear an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Chosaiv, den pháirt eile, trí Phrótocal III a ghabhann leis agus a bhaineann leis an gcoincheap “táirgí tionscnaimh” a ionadú [2022/1685] 87

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/1670 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle ⁽¹⁾, socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.
- (2) Le Rialachán (AE) 2022/109, arna leasú le Rialachán (AE) 2022/1091 ón gComhairle ⁽²⁾, socraítear gabháil iomlán incheadaithe shealadach (TAC) i gcomhair ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i bhfolimistéir 9 agus 10 de chuid na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéaláíocht na Mara (ICES) agus in uiscí an Aontais den Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CECAF) 34.1.1 le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022, go dtí go bhfoileofar an chomhairle eolaíoch arna soláthar ag ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023. Tar éis fhoilsiú na comhairle sin an 17 Meitheamh 2022, lena ligtear don iascach leanúint ar aghaidh, ba cheart an TAC cinntitheach le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023 a shocrú. Ba cheart an TAC a shocrú ar leibhéal 15 777 dtona mar a léirítear sa chomhairle sin.
- (3) Le Rialachán (AE) 2022/109, bunaítear coinníoll speisialta maidir leis na cuótaí bolmán (*Trachurus* spp.) i bhfolimistéir 9 ICES. Ní bhunaítear le Rialachán (AE) 2022/109 an céatadán a bheidh faoi réir an choinníll speisialta sin, ag fanacht ar chomhairle eolaíoch nuashonraithe ó ICES a bheith ar fáil maidir le solúbthachtaí idirlimistéir idir folimistéir 9 agus roinn 8c ICES. An 18 Lúnasa 2022, d'fhoilsigh ICES Seirbhís Theicniúil maidir le solúbthachtaí idirlimistéir idir folimistéir 9 agus roinn 8c ICES. Is iomchuí don Aontas an céatadán atá faoi réir an choinníll speisialta sin a bhunú i gcomhréir leis an tSeirbhís Theicniúil sin ó ICES.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2022/109 a leasú dá réir sin.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 21, 31.1.2022, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2022/1091 ón gComhairle an 30 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 176, 1.7.2022, lch. 5).

- (5) Ba cheart feidhm a bheith ag an teorainn ghabhála le haghaidh ainseabhaithe i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais de CECAF 34.1.1 ón 1 Iúil 2022. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcoinníoll speisialta maidir le cuótaí bolmán (*Trachurus* spp.) i bhfolimistéir 9 ICES ón 1 Eanáir 2022. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlithiúla ná don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint, ós rud é go méadaítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh ainseabhaithe agus go dtugtar isteach solúbthacht idirlimistéir maidir leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh bolmán. I bhfianaise a phráinne atá sé cur isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán (AE) 2022/109

Leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag na forálacha a bhaineann leis an mbolmán i bhfolimistéir 9 ICES ón 1 Eanáir 2022. Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha a bhaineann le hainseabhaithe i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais de CECAF 34.1.1 ón 1 Iúil 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. SÍKELA

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Cuid A d'Iarscríbhinn IA a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/109 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara tábla:

"Speiceas:	An t-ainseabhaí <i>Engraulis encrasicolus</i>	Limistéar:	9 agus 10; Uiscí an Aontais de CECAF 34.1.1 (ANE/9/3411)
An Spáinn	7 546	(⁽¹⁾)	TAC réamhchúraim
An Phortaingéil	8 231	(⁽¹⁾)	
An tAontas	15 777	(⁽¹⁾)	
TAC	15 777	(⁽¹⁾)	

(⁽¹⁾) Ní fhéadfar an cuóta a ghabháil ach ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023.”.

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú tábla is fiche:

"Speiceas:	An bolmán <i>Trachurus spp.</i>	Limistéar:	9 (JAX/09.)
An Spáinn	35 516	(⁽¹⁾)	TAC anailíseach
An Phortaingéil	101 761	(⁽¹⁾)	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo
An tAontas	137 277		
TAC	143 505		

(⁽¹⁾) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 3 % den chuóta seo a iascach in 8c (JAX/*08C).”.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/1671 ÓN gCOIMISIÚN
an 9 Meitheamh 2022

lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 89(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 85(2), an tríú fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nach mbeidh feidhm ag an oibleagáid imréitigh a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán sin, go dtí an 18 Meitheamh 2021, maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar is féidir a thomhas go hoibiachtúil mar chonarthaí a laghdaíonn rioscaí infheistíochta a bhaineann go díreach le sócmhainneacht airgeadais na socrúithe scéimeanna pinsean, agus le heintitis a bunaíodh chun cúiteamh a sholáthar do chomhaltaí socrúithe scéimeanna pinsean i gcás mainneachtana. Tugadh an idirthréimhse sin isteach chun go bhféadfaí réitigh theicniúla inmharthana a fhorbairt chun comhthaobhacht airgid agus neamhairgid a aistriú trí shocrúithe scéimeanna pinsin mar chorrach athrúcháin, agus ar an gcaoi sin aon éifeacht dhíobhálach ar shochair scoir pinsinéirí a bheidh ann amach anseo a sheachaint, ar éifeachtaí iad a tharlódh mar gheall ar an oibleagáid imréitigh a chur i bhfeidhm láithreach maidir leis na conarthaí díorthach thar an gcuntar sin.
- (2) Le hAirteagal 85(2), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, tugtar de chumhacht don Choimisiún síneadh a chur faoi dhó leis an idirthréimhse a leagtar síos in Airteagal 89(1) den Rialachán sin, síneadh bliana gach uair, sa chás go gcinneadh an Coimisiún nár forbraíodh aon réiteach teicniúil inmharthana chun comhthaobhacht airgid agus neamhairgid a aistriú trí shocrúithe scéimeanna pinsean mar chorrach athrúcháin agus nár tháinig aon athrú ar na héifeachtaí díobhálacha ar shochair scoir pinsinéirí a bheidh ann amach anseo mar gheall ar chonarthaí díorthach a imréiteach go lárnach. Chun na críche sin, le hAirteagal 85(2), an chéad fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascálacha bliantúla a ullmhú, go dtí síneadh deiridh na hidirthréimhse, chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a forbraíodh nó nár forbraíodh réitigh theicniúla inmharthana den sórt sin agus cé acu an gá nó nach gá aon bheart a ghlacadh chun na réitigh theicniúla inmharthana sin a éascú.
- (3) Ghlac an Coimisiún dhá thuarascáil bhliantúla an 23 Meán Fómhair 2020 ⁽²⁾ agus an 6 Bealtaine 2021 ⁽³⁾ faoi seach. Sna tuarascálacha sin, thug an Coimisiún faoi deara go bhfuil iarrachtaí déanta ag rannpháirtithe sa mhargadh thar na blianta réitigh theicniúla iomchuí a fhorbairt lena n-áirítear claochlú comhthaobhachta ag comhaltaí imréitigh nó trí mhargaí athcheannaigh imréitithe. Thug an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil tús curtha ag roinnt socrúithe scéimeanna pinsean le cuid dá bpunanna díorthach a imréiteach go lárnach ar bhonn deonach. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil gurbh é an príomhdhúshlán a bhí fós ann maidir le socrúithe scéimeanna pinsean rochtain a fháil, i ndálaí anáis sa mhargadh, ar leachtacht chun an corrlach athrúcháin a bhreacadh, toisc go méadófaí go tapa agus go mór leis an gceanglas sin an riosca go n-ídeofaí leithdháilí airgid na socrúithe scéimeanna pinsean.
- (4) Le hAirteagal 85(2), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ceanglaítear ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA), i gcomhar leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, leis an Údarás Baincéireachta Eorpach agus leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach, ceanglaítear orthu tuarascálacha bliantúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin, tuarascálacha ina measúnófar cé acu a rinne nó nach ndearna

⁽¹⁾ IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

⁽²⁾ COM(2020) 574 final.

⁽³⁾ COM(2021) 224 final.

contrapháirtithe lárnacha, comhaltaí imréitigh agus socruithe scéimeanna pinsean iarracht iomchuí agus cé acu a d'fhorbair nó nár fhorbair siad réitigh theicniúla inmharthana lena n-éascaítear rannpháirtíocht na socruithe sin in imréiteach lárnach trí chomhthaobhacht airgid agus neamhairgid a bhreacadh mar chorrílaigh athrúcháin, lena n-áirítear impleachtaí na réiteach sin ar leachtacht an mhargaidh agus ar an gcomh-thimthriallacht agus ar na himpleachtaí dlíthiúla nó na himpleachtaí eile a d'fhéadfadh a bheith acu.

- (5) I Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/962 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, tá síneadh curtha uair amháin ag an gCoimisiún leis an idirthréimhse a leagtar síos in Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, go dtí an 18 Meitheamh 2022.
- (6) An 25 Eanáir 2022, chuir ESMA isteach an tuarascáil is déanaí uaidh maidir le cé acu a rinne nó nach ndearna contrapháirtithe lárnacha, comhaltaí imréitigh agus socruithe scéimeanna pinsean iarracht iomchuí agus cé acu a d'fhorbair nó nár fhorbair siad réitigh theicniúla inmharthana lena n-éascaítear rannpháirtíocht socruithe den sórt sin in imréiteach lárnach trí chomhthaobhacht airgid agus neamhairgid a bhreacadh mar chorrílaigh athrúcháin. Cé gur dhearbhaigh ESMA, den chuid is mó, na torthaí a bhí aige roimhe sin, ar torthaí iad a leagadh amach i dtuarascálacha a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin roimhe sin, dhírigh sé sa tuarascáil sin ar ullmhacht oibríochtúil na socruithe scéimeanna pinsean chun conarthaí díorthach thar an gcuntar a imréiteach. Cé go bhfuil conarthaí díorthach thar an gcuntar á n-imréiteach go deonach ag socruithe scéimeanna pinsean, ar socruithe scéimeanna pinsean iad a bhfuil a líon ag méadú go seasta, agus cé go bhfuil forbairt dhearfach ag teacht ar choinníollacha leachtachta, thángthas ar an gconclúid, freisin, i dtuarascáil ESMA go bhfuil méid leordhóthanach ama ag teastáil ó shocruithe scéimeanna pinsean agus ó rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh chun bailchríoch a chur ar a gcuid socruithe imréitigh agus ar a gcuid socruithe maidir le bainistíocht comhthaobhachta. Dá bhrí sin, chuir ESMA in iúl gur gá síneadh breise bliana a chur leis an idirthréimhse a leagtar síos in Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.
- (7) Sa mheasúnú is déanaí ón gCoimisiún ar staid ullmhachta na socruithe scéimeanna pinsean chun a bpunanna díorthach a imréiteach go lárnach ⁽⁵⁾, tháinig an Coimisiún ar chonclúid atá cosúil le conclúid ESMA. De réir anailís an Choimisiúin, bhí coinníollacha leachtachta le haghaidh socruithe scéimeanna pinsean fós láidir, fiú le linn tréimhsí struis sa mhargadh a bhí ann le déanaí, agus tá coinne leis go leanfaidh siad de bheith ag forbairt go dearfach de réir mar a úsáidfidh na cistí samhlacha rochtana malartacha ar an margadh athcheannaigh. Mar thoradh ar ionchas dearfach maidir le rochtain ar leachtacht, thosaigh líon méadaitheach socruithe scéimeanna pinsean ag imréiteach ar a laghad cuid dá bpunann díorthach go deonach. Ní mór am chun teacht in aibíocht a thabhairt do na samhlacha malartacha chun rochtain a fháil ar leachtacht tríd an margadh athcheannaigh, áfach, agus ní mór do shocruithe scéimeanna pinsean feabhas a chur ar a gcleachtais inmheánacha maidir le leachtacht agus bainistíocht comhthaobhachta.
- (8) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún, agus tuarascáil ESMA á cur san áireamh aige, gur gá bliain amháin eile a chur leis an idirthréimhse a leagtar síos in Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.
- (9) Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an idirthréimhse a leagtar síos in Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.
- (10) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne chun a áirithiú go gcuirfear síneadh leis an idirthréimhse sula rachaidh sí in éag,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear síneadh leis an idirthréimhse a leagtar síos in Airteagal 89(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 go dtí an 18 Meitheamh 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/962 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2021 lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 89(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 213, 16.6.2021, lch. 1).

⁽⁵⁾ COM(2022) 254.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1672 ÓN gCOIMISIÚN
an 23 Meán Fómhair 2022

lena gcláraítear ainm sa chláir um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint (“Bardejovský Med/Med z Bardejova” (STFC))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ⁽¹⁾ agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 rinneadh an t-iarratas a thíolaic an tSlóvaic ar chláirú an ainm “Bardejovský Med/Med z Bardejova” a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽²⁾.
- (2) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart an t-ainm “Bardejovský Med/Med z Bardejova” a chláirú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar an t-ainm “Bardejovský Med/Med z Bardejova” (STFC) a chláirú.

Leis an ainm a shonraítear sa chéad mhír sainítear táirge de chuid Aicme 1.4. Táirgí eile de bhunadh ainmhíoch (uibheacha, mil, táirgí déiríochta éagsúla seachas im, etc.) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ⁽³⁾.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

⁽²⁾ IO C 223, 8.6.2022, lch. 63.

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

RIALACHÁN (AE) 2022/1673 ÓN gCOIMISIÚN**an 27 Meán Fómhair 2022****lena mbunaítear iamh iascach le haghaidh tuinníní colgacha san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T i gcás soithí a bhfuil bratach na hÉireann ar foluain acu**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle ⁽²⁾ cuótaí le haghaidh 2022.
- (2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta le haghaidh 2022 ídithe ag gabhála an stoic tuinníní colgacha san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T, ag soithí a bhfuil bratach na hÉireann ar foluain acu nó atá cláraithe in Éirinn.
- (3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1***Ídiú cuótaí**

Maidir leis an gcuóta iascaireachta a leithdháiltear le haghaidh 2022 ar Éirinn le haghaidh an stoic tuinníní colgacha san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T, dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2***Toirmisc**

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a bhaineann leis an stoc dá dtagraítear in Airteagal 1 ag soithí a bhfuil bratach na hÉireann ar foluain acu nó atá cláraithe in Éirinn. Go sonrach, beidh toirmeasc ar éisc ón stoc sin a ghabhann na soithí sin a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm**Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽¹⁾ IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 21, 31.1.2022, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Virginijus SINKEVIČIUS
Comhalta den Choimisiún

—

IARSCRÍBHINN

Uimh.	05/TQ109
Ballstát	Éire
Stoc	ALB/AN05N
Speiceas	An tuinnín colgach (<i>Thunnus alalunga</i>)
Crios	An tAigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T
Dáta deiridh	16.8.2022

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1674 ÓN gCOIMISIÚN
an 28 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 maidir le praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnáil na feola éanlaithe clóis agus in earnáil na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 183, pointe (b), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socrúithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1216/2009 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 614/2009 ón gComhairle ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 5(6), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is éard a leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 ón gCoimisiún ⁽³⁾ rialacha mionsonraithe chun córas na ndleachtanna allmhairithe breise a chur chun feidhme, agus le praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnáil na feola éanlaithe clóis agus in earnáil na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe.
- (2) Is éard a léiríonn faireachán rialta ar na sonraí a úsáidtear chun praghsanna ionadaíocha d'fheoil éanlaithe agus do tháirgí uibheacha a shocrú, sin agus an faireachán rialta ar ghealacáin uibhe, gur cheart na praghsanna allmhairithe ionadaíocha ar tháirgí áirithe a leasú chun an éagsúlacht praghsanna de réir áit tionscnaimh cuid de na hearraí a chur san áireamh.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 a leasú dá réir sin.
- (4) Toisc gur gá a áirithiú go mbeidh feidhm ag an mbeart seo a thúsce is féidir ach a mbeidh na sonraí nuashonraithe ar fáil, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1484/95.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

⁽²⁾ IO L 150, 20.5.2014, lch. 1.

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 1995 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun an córas dleachtanna allmhairithe breise a chur chun feidhme agus chun praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnálacha na feola éanlaithe clóis agus na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe, agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 163/67/CEE (IO L 145, 29.6.1995, lch. 47).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiún,
Ar son an Uachtaráin,
Wolfgang BURTSCHER
An tArd-Stiúrthóir
Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha
Tuaithe*

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN I

Cód AC	Tuairisc ar na hearraí	Praghas ionadaíoch (EUR/100 kg)	An ráthaíocht dá dtagraítear in Airteagal 3 (EUR/100 kg)	Tionscnamh ⁽¹⁾
0207 14 10	Gearrthacha gan chnámh ó chineálacha éanlaithe den speiceas <i>Gallus domesticus</i> , iad reoite	238,3	19	TH

(¹) Ainmníocht na dtíortha arna socrú le Rialachán (AE) 2020/1470 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hainmníocht na dtíortha agus na gcríoch le haghaidh an staidrimh Eorpaigh maidir le trádáil idirnáisiúnta in earraí agus maidir leis an mionscagadh geografach i ndáil le staidreamh gnó eile (IO L 334, 13.10.2020, lch. 2)."

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1675 ÓN gCOIMISIÚN**an 29 Meán Fómhair 2022****lena socraítear na praghsanna ionadaíocha, na dleachtanna allmhairiúcháin agus na dleachtanna allmhairiúcháin breise is infheidhme maidir le molás in earnáil an tsiúcra ón 1 Deireadh Fómhair 2022 amach**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagail 183 agus 193a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 951/2006 ⁽²⁾ ón gCoimisiún, go measfar gurb é an praghas allmhairiúcháin CAL (costas, árachas agus last-táille) le haghaidh molás den cháilíocht chaighdeánach a shainmhíneáil in Airteagal 27 den Rialachán sin an 'praghas ionadaíoch'.
- (2) Chun na praghsanna ionadaíocha a shocrú, ní mór gach faisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 951/2006 a chur san áireamh, seachas sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 30 den Rialachán sin agus ba cheart na praghsanna sin a shocrú, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir leis an modh dá bhforáiltear in Airteagal 33 den Rialachán sin.
- (3) Ba cheart praghsanna nach mbaineann leis an gcáilíocht chaighdeánach a choigeartú suas nó síos, de réir cháilíocht an mholáis a thairgtear, i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (CE) Uimh. 951/2006.
- (4) De bhun Airteagal 40 de Rialachán (CE) Uimh. 951/2006, i gcás inar mó an praghas ionadaíoch ar mholás dá dtagraítear in Airteagal 34(2) móide an dleacht allmhairiúcháin is infheidhme maidir le molás cána a thagann faoi chód AC 1703 10 00, nó maidir le molás biatais a thagann faoi chód AC 1703 90 00, ná EUR 8.21/100 kg, le haghaidh an táirge atá i gceist, cuirfear na dleachtanna allmhairiúcháin ar fionraí agus cuirfear méid na difríochta a chinnfidh an Coimisiún ina n-ionad.
- (5) Má chuirtear na dleachtanna allmhairiúcháin ar fionraí de bhun Airteagal 40 de Rialachán (CE) Uimh. 951/2006, ba cheart méideanna sonracha le haghaidh na ndleachtanna sin a shocrú an tráth céanna a shocraítear na praghsanna ionadaíocha.
- (6) I gcás ina mbeidh difríocht idir an trucearphraghas le haghaidh an táirge lena mbaineann agus an praghas ionadaíoch, ba cheart dleachtanna allmhairiúcháin breise a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán (CE) Uimh. 951/2006.
- (7) Ba cheart na praghsanna ionadaíocha, na dleachtanna allmhairiúcháin agus na dleachtanna allmhairiúcháin breise is infheidhme maidir le hallmhairí moláis a chumhdaítear le cóid AC 1703 10 00 agus 1703 90 00 a shocrú i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 40 de Rialachán (CE) Uimh. 951/2006.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme 2016/1733 ⁽³⁾ ón gCoimisiún a aisghairm.
- (9) Toisc gur gá a áirithiú go mbeidh feidhm ag an mbeart seo a thúsce is féidir ach a mbeidh na sonraí nuashonraithe ar fáil, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe,

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 951/2006 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 318/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le trádáil le trúú tíortha in earnáil an tsiúcra (IO L 178, 1.7.2006, lch. 24).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1733 ón gCoimisiún an 28.9.2016 lena socraítear na praghsanna ionadaíocha agus na dleachtanna allmhairiúcháin breise is infheidhme maidir le molás in earnáil an tsiúcra ón 1 Deireadh Fómhair 2016 amach (IO L 262, 29.9.2016, lch. 27).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach na praghsanna ionadaíocha, na dleachtanna allmhairiúcháin agus na dleachtanna allmhairiúcháin breise is infheidhme maidir le hallmhairiúcháin moláis a chumhdaítear le cód AC 1703 10 00 agus le cód AC 1703 90 00 san larscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1733.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2022

*Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Wolfgang BURTSCHER
An tArd-Stiúrthóir
Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha
Tuaithe*

IARSCRÍBHINN

**PRAGHSANNA IONADAÍOCHA, DLEACHTANNA ALLMHAIRIÚCHÁIN AGUS DLEACHTANNA
ALLMHAIRIÚCHÁIN BREISE IS INFHEIDHME MAIDIR LE MOLÁS IN EARNÁIL AN tSIÚCRA ÓN
1 DEIREADH FÓMHAIR 2022 AMACH**

(in EUR)

Cód AC	Praghas ionadaíoch in aghaidh 100 kg (glanmheáchan) den táirge lena mbaineann	Dleacht allmhairiúcháin in aghaidh 100 kg (glanmheáchan) den táirge lena mbaineann ⁽¹⁾	Dleacht bhreise in aghaidh 100 kg (glanmheáchan) den táirge lena mbaineann
1703 10 00 ⁽²⁾	22,96	0	-
1703 90 00 ⁽²⁾	14,30	0	-

⁽¹⁾ I gcomhréir le hAirteagal 40 de Rialachán (CE) Uimh. 951/2006, cuirtear an méid seo in ionad ráta dleachta na Comhtharaife Custaim a shocraítear le haghaidh na dtáirgí seo.

⁽²⁾ Le haghaidh na cáilíochta caighdeánaí a shainmhínítear in Airteagal 27 de Rialachán (CE) Uimh. 951/2006.

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1676 ÓN gCOIMISIÚN**an 29 Meán Fómhair 2022**

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 230(1) agus 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2016/429, ceanglaítear gur gá coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ⁽²⁾ leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speiceas agus de chatagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ⁽³⁾ bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus catagóirí ainmhithe, na táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas.
- (4) Thar aon ní eile, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas.
- (5) Thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi cheithre ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis in Alberta, Ceanada, ráigeanna a deimhníodh le hanailís saotharlainne (RT-PCR) an 31 Lúnasa 2022, an 4 Meán Fómhair 2022, an 12 Meán Fómhair 2022 agus an 13 Meán Fómhair 2022.
- (6) Thairis sin, thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis in Saskatchewan, Ceanada, ráigeanna a deimhníodh le hanailís saotharlainne (RT-PCR) an 9 Meán Fómhair 2022 agus an 12 Meán Fómhair 2022.
- (7) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis gar do Milford Haven, Pembrokeshire, an Bhreatain Bheag, an Ríocht Aontaithe, agus deimhníodh í an 9 Meán Fómhair 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis teacht isteach dóibh (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

- (8) Thairis sin, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis gar do Crewe, Cheshire Thoir, Cheshire, Sasana, an Ríocht Aontaithe, agus deimhníodh í an 16 Meán Fómhair 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (9) Thairis sin arís, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis gar do Bury St Edmunds, Suffolk Thiar, Suffolk, Sasana, an Ríocht Aontaithe, agus deimhníodh í an 17 Meán Fómhair 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (10) Thairis sin arís, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis gar do Clacton on Sea, Tendring, Essex, Sasana, an Ríocht Aontaithe, agus deimhníodh í an 18 Meán Fómhair 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (11) Thairis sin arís, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis gar do Honington, Suffolk Thiar, Suffolk, Sasana, an Ríocht Aontaithe, agus gar do Attleborough, Breckland, Norfolk, Sasana, agus deimhníodh iad an 19 Meán Fómhair 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (12) Thairis sin, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis gar do Dartington, South Hams, Devon, Sasana, an Ríocht Aontaithe, agus deimhníodh í an 20 Meán Fómhair 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (13) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis atá ann in Morrison County, stát Minnesota, na Stáit Aontaithe, agus deimhníodh í an 7 Meán Fómhair 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (14) Thairis sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis in Meeker County, stát Minnesota, na Stáit Aontaithe, agus deimhníodh í an 8 Meán Fómhair 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (15) Sa bhreis air sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis agus a deimhníodh an 9 Meán Fómhair 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR): ceann amháin atá ann in Fresno County, stát California, na Stáit Aontaithe agus ceann atá ann in Becker County, stát Minnesota, na Stáit Aontaithe.
- (16) Sa bhreis air sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi cheithre ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis agus a deimhníodh an 13 Meán Fómhair 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR): ceann amháin atá ann in Ingham County, stát Michigan, na Stáit Aontaithe, dhá cheann atá ann i Stát Minnesota, na Stáit Aontaithe (ráig amháin in Brown County agus ráig amháin in Stearns County), agus ceann amháin in Sanpete County, stát Utah, na Stáit Aontaithe.
- (17) Sa bhreis air sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis agus a deimhníodh an 14 Meán Fómhair 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR): ceann atá ann in Meeker County, stát Minnesota, na Stáit Aontaithe agus ceann atá ann in Otter Tail County, stát Minnesota, na Stáit Aontaithe.
- (18) Sa bhreis air sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi thrí ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis agus a deimhníodh an 15 Meán Fómhair 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR): ceann amháin atá ann in Teton County, stát Montana, na Stáit Aontaithe, ceann amháin atá ann in Fresno County, stát California, na Stáit Aontaithe agus ceann amháin atá ann in Obion County, stát Tennessee, na Stáit Aontaithe.
- (19) Sa bhreis air sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi shé ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis agus a deimhníodh an 20 Meán Fómhair 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR): dhá cheann atá ann i Stát Minnesota, na Stáit Aontaithe (ceann amháin in Brown County agus ceann eile in Stearns County), dhá cheann atá ann in Clark County, Stát South Dakota, ceann amháin in Sanpete County, stát Utah, na Stáit Aontaithe agus ceann amháin in Washington County, stát Pennsylvania, na Stáit Aontaithe.
- (20) Sa bhreis air sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi cúig ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis agus a deimhníodh an 21 Meán Fómhair 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR): ceann amháin atá ann in Gooding County, stát Idaho, na Stáit Aontaithe, dhá cheann atá ann i Stát Minnesota, na Stáit Aontaithe (ráig amháin in Otter Tail County agus ráig amháin in Roseau County), ceann amháin in Sanpete County, stát Utah, na Stáit Aontaithe agus ceann amháin in Weld County, stát Colorado, na Stáit Aontaithe.

- (21) Thairis sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardhphataigineach atá ann in éanlaith chlóis in Ward County, stát North Dakota, na Stáit Aontaithe, agus deimhníodh í an 22 Meán Fómhair 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (22) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardhphataigineach, bhunaigh údaráis tréidliachta Ceanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe crios rialaithe 10 km timpeall ar na bunaíochtaí atá buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreach an fhliú éanúil ardhphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.
- (23) Chuir Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faisnéis faoi bhráid an Choimisiún maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardhphataiginigh a chosc. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. Ar bhonn na meastóireachta sin agus chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, níor cheart údarú a thabhairt a thuilleadh do choinníneachtaí d'éanlaith chlóis, do tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis ná d'fheoil úr ó éanlaith chlóis ná d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ó na limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Ceanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe mar gheall ar na ráigeanna den fhliú éanúil ardhphataigineach atá ann le déanaí.
- (24) Chuir Ceanada faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina gcríoch i ndáil le cúig ráig déag den fhliú éanúil ardhphataigineach atá ann i mbunaíochtaí éanlaithe clóis i gcúigí Alberta (7), British Columbia (2), Ontario (3), agus Saskatchewan (3), Ceanada, ráigeanna a deimhníodh idir an 26 Márta 2022 agus an 18 Bealtaine 2022.
- (25) Thairis sin, tá faisnéis nuashonraithe curtha isteach ag an Ríocht Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch i ndáil le dhá ráig den fhliú éanúil ardhphataigineach i mbunaíochtaí éanlaithe clóis gar do Ludlow, Ludlow, Shropshire, Sasana, an Ríocht Aontaithe, ráigeanna a deimhníodh an 1 Meitheamh 2022 agus an 7 Meitheamh 2022 agus ráig eile gar do Bexhill-on-Sea, Rother, East Sussex, Sasana, an Ríocht Aontaithe, a deimhníodh an 15 Meitheamh 2022.
- (26) Sa bhreis air sin, chuir na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina gcríoch i ndáil le ceithre ráig déag den fhliú éanúil ardhphataigineach atá ann i mbunaíochtaí éanlaithe clóis i Stáit Minnesota (2), Utah agus South Dakota, na Stáit Aontaithe, ráigeanna a deimhníodh idir an 06 Aibreán 2022 agus an 21 Bealtaine 2022.
- (27) Chuir Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinne siad chun leathadh breise an ghalair sin a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardhphataigineach, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú, agus tá na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe ar a gcríocha.
- (28) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe isteach agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil na ráigeanna den fhliú éanúil ardhphataigineach i mbunaíochtaí éanlaithe clóis díothaithe agus nach bhfuil aon riosca ag baint a thuilleadh le tráchtearraí éanlaithe clóis a theacht isteach san Aontas ó na criosanna i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe ná sna Stáit Aontaithe ar ina leith a cuireadh teacht isteach na dtráchtearraí éanlaithe clóis ar fionraí de dheasca na ráigeanna sin.
- (29) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardhphataigineach i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.
- (30) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardhphataigineach agus an riosca tromchúiseach atá ann go dtabharfaí isteach san Aontas é, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.
- (31) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2022

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.3:

‘CA Ceanada	CA-2.3	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		26.3.2022	15.9.2022
		Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		26.3.2022	15.9.2022
		Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		26.3.2022	15.9.2022
		Raitígh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		26.3.2022	15.9.2022
		Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		26.3.2022	15.9.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		26.3.2022	15.9.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		26.3.2022	15.9.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		26.3.2022	15.9.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		26.3.2022	15.9.2022
Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		26.3.2022	15.9.2022';		

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.28:

‘CA Ceanada	CA-2.28	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		21.4.2022	10.9.2022
		Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		21.4.2022	10.9.2022
		Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		21.4.2022	10.9.2022
		Raitígh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		21.4.2022	10.9.2022
		Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		21.4.2022	10.9.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		21.4.2022	10.9.2022

	US-2.261	State of Montana - Teton 01 Teton County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 112.4998240°W 48.1536387°N).
	US-2.262	State of Tennessee - Obion 01 Obion County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 89.2254751°W 36.5477376°N).
	US-2.263	State of Minnesota - Meeker 08 Meeker County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.5242898°W 45.3474267°N).
	US-2.264	State of Minnesota - Otter Tail 05 Otter Tail County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 95.7698216°W 46.7250564°N).

US-2.265	State of California - Fresno 05 Fresno County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 119.3669341°W 36.6754261°N)
US-2.266	State of Minnesota - Brown 02 Brown County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.4730339°W 44.2507232°N)
US-2.267	State of Minnesota - Stearns 11 Stearns County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.9629480°W 45.5338997°N)
US-2.268	State of South Dakota - Clark 04 Clark County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.5989286°W 44.9530109°N)
US-2.269	State of South Dakota - Clark 05 Clark County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.6720830°W 45.0348083°N)
US-2.270	State of Utah - Sanpete 05 Sanpete County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 111.6125576°W 39.4290968°N)
US-2.271	State of Pennsylvania - Washington 01 Washington County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 80.2535308°W 40.4437487°N)
US-2.272	State of Idaho - Gooding 03 Gooding County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 114.9011741°W 42.9315832°N)
US-2.273	State of Minnesota - Otter Tail 06 Otter Tail County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 95.3632375°W 46.3113010°N)
US-2.274	State of Minnesota - Roseau 01 Roseau County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 96.1430910°W 48.7808842°N)
US-2.275	State of Utah - Sanpete 06 Sanpete County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 111.6754287°W 39.3653472°N)
US-2.276	State of Colorado - Weld 04 Weld County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 104.7833461°W 40.3077412°N)
US-2.277	State of North Dakota _ Ward 01 Ward County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 101.7438938°W 48.4826610°N);

(2) in Iarscríbhinn XIV, leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.3:

'CA Ceanada	CA-2.3	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		26.3.2022	15.9.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		26.3.2022	15.9.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		26.3.2022	15.9.2022';

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.28:

'CA Ceanada	CA-2.28	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		21.4.2022	10.9.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		21.4.2022	10.9.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		21.4.2022	10.9.2022';

(iii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.35:

'CA Ceanada	CA-2.35	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		22.4.2022	21.8.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		22.4.2022	21.8.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		22.4.2022	21.8.2022';

(iv) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.42 go CA-2.46:

'CA Ceanada	CA-2.42	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		26.4.2022	5.8.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		26.4.2022	5.8.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		26.4.2022	5.8.2022
	CA-2.43	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		27.4.2022	9.9.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		27.4.2022	9.9.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		27.4.2022	9.9.2022
	CA-2.44	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		26.4.2022	16.9.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		26.4.2022	16.9.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		26.4.2022	16.9.2022

CA-2.45	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		28.4.2022	1.9.2022
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		28.4.2022	1.9.2022
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		28.4.2022	1.9.2022
CA-2.46	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		28.4.2022	18.8.2022
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		28.4.2022	18.8.2022
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		28.4.2022	18.8.2022';

(v) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.50 agus CA-2.51:

'CA Ceanada	CA-2.50	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		2.5.2022	29.8.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		2.5.2022	29.8.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		2.5.2022	29.8.2022
CA-2.51	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		2.5.2022	21.8.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		2.5.2022	21.8.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		2.5.2022	21.8.2022';	

(vi) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.53:

'CA Ceanada	CA-2.53	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		3.5.2022	3.9.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		3.5.2022	3.9.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		3.5.2022	3.9.2022';

(vii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.57:

'CA Ceanada	CA-2.57	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		5.5.2022	30.8.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		5.5.2022	30.8.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		5.5.2022	30.8.2022';

(viii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.61:

'CA Ceanada	CA-2.61	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		12.5.2022	26.8.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		12.5.2022	26.8.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		12.5.2022	26.8.2022';

(ix) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.64:

'CA Ceanada	CA-2.64	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		18.5.2022	10.9.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		18.5.2022	10.9.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		18.5.2022	10.9.2022';

(x) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.68:

'CA Ceanada	CA-2.68	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		4.5.2022	26.8.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		4.5.2022	26.8.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		4.5.2022	26.8.2022';

(xi) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.79 agus CA-2.84 tar éis na rónna le haghaidh chrios CA-2.78:

'CA Ceanada	CA-2.79	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		31.8.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		31.8.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		31.8.2022	
	CA-2.80	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		4.9.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		4.9.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		4.9.2022	
	CA-2.81	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		9.9.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		9.9.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		9.9.2022	
	CA-2.82	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		13.9.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		13.9.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		13.9.2022	

CA-2.83	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		12.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		12.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		12.9.2022	
CA-2.84	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		12.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		12.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		12.9.2022;	

(xii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.123 agus GB-2.124:

“GB an Ríocht Aon- taithe	GB-2.123	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		1.6.2022	13.9.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		1.6.2022	13.9.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		1.6.2022	13.9.2022
	GB-2.124	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		7.6.2022	11.9.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		7.6.2022	11.9.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		7.6.2022	11.9.2022;

(xiii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.126:

“GB an Ríocht Aon- taithe	GB-2.126	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		15.6.2022	18.9.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		15.6.2022	18.9.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		15.6.2022	18.9.2022;

(xiv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.143 go GB-2.149 tar éis na rónna le haghaidh chrios GB-2.142:

“GB an Ríocht Aon- taithe	GB-2.143	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		9.9.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		9.9.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		9.9.2022	
	GB-2.144	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		16.9.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		16.9.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		16.9.2022	

GB-2.145	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		17.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		17.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		17.9.2022	
GB-2.146	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		18.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		18.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		18.9.2022	
GB-2.147	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		19.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		19.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		19.9.2022	
GB-2.148	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		19.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		19.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		19.9.2022	
GB-2.149	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		20.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		20.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		20.9.2022';	

(xv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chríos US-2.108:

“US Na Stáit Aontaithe	US-2.108	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		6.4.2022	16.9.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		6.4.2022	16.9.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		6.4.2022	16.9.2022';

(xvi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chríos US-2.174:

“US Na Stáit Aontaithe	US-2.174	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		22.4.2022	14.9.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		22.4.2022	14.9.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		22.4.2022	14.9.2022';

(xvii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.179:

“US Na Stáit Aontaithe	US-2.179	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		25.4.2022	16.9.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		25.4.2022	16.9.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		25.4.2022	16.9.2022’;

(xviii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.222:

“US Na Stáit Aontaithe	US-2.222	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		21.5.2022	15.9.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		21.5.2022	15.9.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		21.5.2022	15.9.2022’;

(xix) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna le haghaidh chriosanna US-2.253 go US-2.277 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.252:

“US Na Stáit Aontaithe	US-2.253	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		7.9.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		7.9.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		7.9.2022	
	US-2.254	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		8.9.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		8.9.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		8.9.2022	
	US-2.255	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		9.9.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		9.9.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		9.9.2022	
	US-2.256	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		9.9.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		9.9.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		9.9.2022	
	US-2.257	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		13.9.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		13.9.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		13.9.2022	

US-2.258	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		13.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		13.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		13.9.2022	
US-2.259	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		13.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		13.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		13.9.2022	
US-2.260	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		13.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		13.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		13.9.2022	
US-2.261	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		15.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		15.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		15.9.2022	
US-2.262	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		15.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		15.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		15.9.2022'	
US-2.263	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		14.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		14.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		14.9.2022	
US-2.264	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		14.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		14.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		14.9.2022	
US-2.265	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		15.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		15.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		15.9.2022	
US-2.266	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		20.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		20.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		20.9.2022	

US-2.267	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		20.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		20.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		20.9.2022	
US-2.268	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		20.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		20.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		20.9.2022	
US-2.269	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		20.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		20.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		20.9.2022	
US-2.270	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		20.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		20.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		20.9.2022	
US-2.271	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		20.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		20.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		20.9.2022	
US-2.272	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		21.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		21.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		21.9.2022	
US-2.273	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		21.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		21.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		21.9.2022	
US-2.274	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		21.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		21.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		21.9.2022	
US-2.275	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		21.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		21.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		21.9.2022	

US-2.276	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		21.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		21.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		21.9.2022	
US-2.277	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitígh	POU	N, P1		22.9.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		22.9.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		22.9.2022'	

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2022/1677 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Meán Fómhair 2022

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint, a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint ⁽¹⁾ (“an Comhaontú”), thug an tAontas an Comhaontú sin i gcrích le Cinneadh (AE) 2020/1832 ón gComhairle ⁽²⁾ agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 2021.
- (2) De bhun Airteagal 10 den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste a rialacha nós imeachta féin a chinneadh.
- (3) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a leagan síos, maidir lena rialacha nós imeachta, ós rud é go mbeidh na rialacha sin ceangailteach ar an Aontas.
- (4) Chun cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Daon Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint, a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

⁽¹⁾ IO L 408 I, 4.12.2020, lch. 3.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2020/1832 ón gComhairle an 23 Samhain 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint (IO L 408 I, 4.12.2020, lch. 1).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. NEKULA

DRÉACHT
CINNEADH Uimh ... ÓN gCOMHCHOISTE
an ...
maidir lena rialacha nós imeachta a ghlacadh

TÁ AN COMHCHOISTE

Ag féachaint don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha ⁽¹⁾ agus iad a chosaint, agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint ('an Comhaontú'), thug an tAontas an Comhaontú sin i gcrích le Cinneadh (AE) 2020/1832 ón gComhairle ⁽²⁾ agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 2021.
- (2) De bhun Airteagal 10 den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste a rialacha nós imeachta féin a chinneadh.
- (3) Chun cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Glactar leis seo rialacha nós imeachta an Chomhchoiste, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ..., ...

Thar ceann an Chomhchoiste
Na Comhchathaoirligh

⁽¹⁾ IO L 408I, 4.12.2020, lch. 3.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2020/1832 ón gComhairle an 23 Samhain 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint (IO L 408I, 4.12.2020, lch. 1).

IARSCRÍBHINN

Rialacha nós imeachta an Chomhchoiste*Airteagal 1***Raon feidhme agus freagrachtaí**

An Chomhchoiste a bunaíodh de bhun Airteagal 10 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint ('an Comhaontú'), comhlíonfaidh sé a dhualgais dá bhforáiltear in Airteagal 10 den Chomhaontú. Go sonrach, beidh sé freagrach as an méid seo a leanas:

- (a) Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú a leasú a mhéid a bhaineann leis na tagairtí don dlí is infheidhme maidir leis na Páirtithe agus Iarscríbhinní eile a ghabhann leis an gComhaontú a leasú;
- (b) faisnéis a mhalartú maidir le forbairtí reachtacha agus beartais a mhéid a bhaineann le tásca geografacha agus aon ábhar comhleasa eile i réimse na dtásc geografach;
- (c) faisnéis a mhalartú maidir le tásca geografacha chun a gcosaint a chur san áireamh i gcomhréir leis an gComhaontú.

*Airteagal 2***Comhdhéanamh agus cathaoirleach**

1. Is é a bheidh sa Chomhchoiste ionadaithe de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') de pháirt, agus ionadaithe de chuid an Aontais Eorpaigh, den pháirt eile.
2. Beidh ionadaithe de chuid na Síne agus an Aontais Eorpaigh ina gcomhchathaoirligh ar an gComhchoiste.
3. Féadfaidh gach comhchathaoirleach feidhmeanna uile an chomhchathaoirligh nó aon cheann díobh a tharmligean chuig ionadaí ainmnithe, agus sa chás sin, beidh an fheidhm chéanna ag na tagairtí uile don chomhchathaoirleach anseo feasta maidir leis an ionadaí ainmnithe.
4. Ainmneoidh gach comhchathaoirleach teagmhálaí maidir leis na hábhair uile a bhaineann leis an gComhchoiste. Beidh na teagmhálaithe sin freagrach go comhphárteach as dualgais rúnaíochta an Chomhchoiste.

*Airteagal 3***Cruinnithe**

De bhun Airteagal 10(2) den Chomhaontú, déanfar láthair chruinniú an Chomhchoiste a mhalartú anonn agus anall idir na Páirtithe. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile ag am agus i láthair agus ar bhealach, a bhféadfadh físchomhdháil a bheith san áireamh ann, arna gcinneadh ag an dá Pháirtí, ach tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis do cheachtar Páirtí sin a iarraidh.

*Airteagal 4***Comhfhreagras**

1. Cuirfear comhfhreagras le comhchathaoirligh an Chomhchoiste ar aghaidh chuig na teagmhálaithe lena ndáileadh ar chomhaltaí an Chomhchoiste.
2. Féadfaidh comhfhreagras le comhchathaoirligh an Chomhchoiste a bheith in aon fhoirm scríofa, lena n-áirítear i bhfoirm ríomhphoist.

*Airteagal 5***Clár oibre na gcruinnithe**

1. Déanfaidh na teagmhálaithe clár oibre sealadach a tharraingt suas roimh gach cruinniú den Chomhchoiste. Cuirfear ar aghaidh é, i dteannta na ndoiciméad ábhartha, chuig comhaltaí an Chomhchoiste, lena n-áirítear comhchathaoirligh an Chomhchoiste, tráth nach déanaí ná 15 lá roimh an gcruinniú. Féadfar aon mhír a chumhdaítear le hAirteagail 10 agus 11 den Chomhaontú a áireamh ar an gclár oibre sealadach.
2. Féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh, 21 lá ar a laghad roimh an gcruinniú, go n-áireofar míreanna chumhdaítear le hAirteagail 10 agus 11 den Chomhaontú ar an gclár oibre sealadach. Áireofar na míreanna sin ar an gclár oibre sealadach.
3. Scaipfear leagan críochnaitheach den chlár oibre sealadach ar na comhchathaoirligh ar a laghad 5 lá roimh an gcruinniú.
4. Glacfaidh na comhchathaoirligh an clár oibre d'aon toill ag tús gach cruinnithe. Féadfar aon mhír eile seachas na míreanna atá ar an gclár oibre sealadach a chur leis an gclár oibre, má chomhaontaíonn na comhchathaoirligh amhlaidh.

*Airteagal 6***Cinntí**

1. Glacfaidh an Comhchoiste a chinntí de chomhthoil, dá bhforáiltear in Airteagal 10(2) den Chomhaontú.
2. Beidh sínithe na gcomhchathaoirleach lecinntí an Chomhchoiste. Déanfar foráil i ngach cinneadh maidir le dáta a theacht i bhfeidhm.
3. I gcinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste beidh an dáta glactha agus tuairisc ar a n-ábhar.

*Airteagal 7***Nós imeachta i scríbhinn**

1. Féadfar cinneadh ón gComhchoiste a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn i gcás ina gcomhaontaíonn an dá Pháirtí amhlaidh. Is é a bheidh sa nós imeachta i scríbhinn malartú nótaí idir comhchathaoirligh an Chomhchoiste.
2. Déanfaidh comhchathaoirleach an Pháirtí a mholann úsáid an nós imeachta i scríbhinn an dréachtchinneadh a chur faoi bhráid chomhchathaoirleach an Pháirtí eile, agus tabharfaidh an comhchathaoirleach sin freagra air, agus cuirfidh sé in iúl an nglacann sé leis an dréachtchinneadh nó nach nglacann. Féadfaidh comhchathaoirleach an Pháirtí eile leasuithe a mholadh nó tuilleadh ama a iarraidh chun machnamh a dhéanamh. Má chomhaontaítear an dréacht-chinneadh, glacfar é i gcomhréir le hAirteagal 6.

*Airteagal 8***Miontuairiscí**

1. Déanfaidh teagmhálaí an Pháirtí is óstach an Chomhchoiste na dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú a tharraingt suas laistigh de 21 lá tar éis an chruinnithe. Sna dréacht-mhiontuairiscí, luafar na moltaí agus na cinntí a glacadh agus déanfar nóta d'aon chonclúid eile ar thángthas uirthi.
2. Formheasfaidh an dá Pháirtí na miontuairiscí i scríbhinn laistigh de 28 lá ó bhí an cruinniú ann nó faoi dháta ar bith eile a chomhaontóidh ag na Páirtithe. Nuair a bheidh siad formheasta, síneoidh na comhchathaoirligh dhá chóip bhunaidh. Coimeádfaidh gach comhchathaoirleach cóip bhunaidh de na miontuairiscí.

*Airteagal 9***Speansais**

1. Seasfaidh gach Páirtí na costais a thabhoídh sé de thoradh é a bheith rannpháirteach i gcruinnithe an Chomhchoiste.
2. Is é an Páirtí a bheidh ina óstach ar an gcruinniú a sheasfaidh an speansais i ndáil le cruinnithe a eagrú agus doiciméid a atáirgeadh.

*Airteagal 10***Poiblíocht agus Rúndacht**

1. Mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt, ní bheidh cruinnithe an Chomhchoiste poiblí.
 2. Nuair a chuireann Páirtí faoi bhráid an Chomhchoiste faisnéis a mheastar a bheith faoi rún faoina chuid dlíthe agus rialachán, caithfidh an Páirtí eile leis an bhfaisnéis sin amhail agus go bhfuil sí faoi rún.
 3. Gan dochar d'alt 2 thuasluaite, féadfaidh gach Páirtí cinneadh a dhéanamh maidir le cinní agus moltaí an Chomhchoiste a fhoilsiú ina fhoilseachán oifigiúil féin.
-

CINNEADH (AE) 2022/1678 ÓN gCOMHAIRLE**an 26 Meán Fómhair 2022****lena gceaptar beirt chomhaltaí, arna moladh ag Poblacht na Slóivéine, de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ⁽¹⁾,

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Slóivéine,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.
- (2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ⁽²⁾, lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.
- (3) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Uroš BREŽAN agus Aleksander JEVŠEK a cheapadh.
- (4) Mhol Rialtas na Slóivéine na hionadaithe seo a leanas, arb ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Tine RADINJA, *župan Škofje Loke* (Méara Škofja Loka), agus Tomaž ROŽEN, *župan Raven na Koroškem* (Méara Ravne na Koroškem),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, arb ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

- Tine RADINJA, *župan Škofje Loke* (Méara Škofja Loka),
- Tomaž ROŽEN, *župan Raven na Koroškem* (Méara Ravne na Koroškem).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

⁽¹⁾ IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. NEKULA

CINNEADH (AE) 2022/1679 ÓN gCOMHAIRLE**an 26 Meán Fómhair 2022****lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na Danmhairge, de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ⁽¹⁾,

Ag féachaint don togra ó rialtas na Danmhairge,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.
- (2) An 18 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/1257 ⁽²⁾, lena gceaptar cúigear comhaltaí agus seachtar comhaltaí malartacha, arna moladh ag Ríocht na Danmhairge, de Choiste na Réigiún.
- (3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Peter Sønderby Westphal SØRENSEN éirí as oifig.
- (4) Mhol rialtas na Danmhairge Kasper Egede GLYNGØ, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus sainordú toghchánach aige in údarás áitiúil, *Byrådsmedlem, Hedensted Kommune* (comhalta den Chomhairle Cathrach, Bardas Hedensted), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Kasper Egede GLYNGØ, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus sainordú toghchánach aige, *Byrådsmedlem, Hedensted Kommune* (comhalta den Chomhairle Cathrach, Bardas Hedensted), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle**An tUachtarán*

Z. NEKULA

⁽¹⁾ IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2022/1257 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 lena gceaptar cúigear comhaltaí agus seachtar comhaltaí malartacha, arna moladh ag Ríocht na Danmhairge, de Choiste na Réigiún (IO L 191, 20.7.2022, lch. 63).

CINNEADH (AE) 2022/1680 ÓN gCOMHAIRLE**an 26 Meán Fómhair 2022****lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ⁽¹⁾,

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Spáinne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.
- (2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ⁽²⁾, lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.
- (3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Alberto NÚÑEZ FEIJÓO a cheapadh.
- (4) Mhol Rialtas na Spáinne Alfonso RUEDA VALENZUELA, arb ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus sainordú toghchánach aige in údarás réigiúnach, *Presidente de la Junta de Galicia* (Uachtarán Rialtas Réigiúnach na Gailíse), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Alfonso RUEDA VALENZUELA, arb ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus sainordú toghchánach aige in údarás réigiúnach, *Presidente de la Junta de Galicia* (Uachtarán Rialtas Réigiúnach na Gailíse), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. NEKULA

⁽¹⁾ IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

CINNEADH (CBES) 2022/1681 ÓN GCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**an 27 Meán Fómhair 2022****maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/513 (EUNAVFOR MED IRINI/4/2022)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472, rud a bhunaigh agus a sheol oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI).
- (2) De bhun Chinneadh (CBES) 2020/472, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) cinnú a ghlacadh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar EUNAVFOR MED IRINI.
- (3) An 29 Márta 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/513 ⁽²⁾ lena gceaptar an Seachaimiréal Fabrizio RUTTERI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ar EUNAVFOR MED IRINI.
- (4) An 26 Iúil 2022, mhol na húdaráis mhíleata Heilléanacha go ndéanfaí an Ceannasóir Cabhlaigh Stylianos DIMOPOULOS a cheapadh i gcomharbas ar an Seachaimiréal Fabrizio RUTTERI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ar EUNAVFOR MED IRINI amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2022. Tá sé curtha in iúl ag na húdaráis sin go dtabharfar ardú céime don Cheannasóir Stylianos DIMOPOULOS agus go ndéanfar Seachaimiréal de tráth a cheapfar mar Cheannasaí Fórsa an Aontais é.
- (5) An 14 Meán Fómhair 2022, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh a rinne na húdaráis mhíleata Heilléanacha.
- (6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an Seachaimiréal Stylianos DIMOPOULOS a cheapadh.
- (7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2022/513 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Seachaimiréal Stylianos DIMOPOULOS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ón 1 Deireadh Fómhair 2022.

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2022/513 (EUNAVFOR MED IRINI/2/2022) a aisghairm.

⁽¹⁾ IO L 101, 1.4.2020, lch. 4.

⁽²⁾ Cinneadh (CBES) 2022/513 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 29 Márta 2022, maidir le Ceannasaí Fórsa AE a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1748 (EUNAVFOR MED IRINI/2/2022) (IO L 103, 31.3.2022, lch. 12).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

D. PRONK

An Cathaoirleach

CINNEADH (CBES) 2022/1682 ÓN gCOMHAIRLE**an 29 Meán Fómhair 2022****Iena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1465 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 18 Meán Fómhair 2018, bunaithe ar iarraidh ó Shásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe don Éimin (UNVIM), ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1249 ⁽¹⁾ maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le UNVIM.
- (2) An 12 Deireadh Fómhair 2020, bunaithe ar iarraidh ó UNVIM, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1465 ⁽²⁾ agus rinne sí gníomhaíocht an Aontais a athnuachan mar thaca leis an sásra ar feadh tréimhse 12 mhí.
- (3) An 15 Samhain 2021, bunaithe ar iarraidh eile ó UNVIM, rinne an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1465 a leasú trí bhíthin Chinneadh (CBES) 2021/1991 ⁽³⁾ chun gníomhaíocht an Aontais a athnuachan a thuilleadh mar thaca le UNVIM ar feadh 12 mhí, go dtí an 30 Meán Fómhair 2022.
- (4) Le Rún 2643 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, cuireadh síneadh le sainordú Mhisean na Náisiún Aontaithe chun tacú le Comhaontú Hodeidah chun tacú le cur chun feidhme an chomhaontaithe maidir le Cathair Hodeidah agus calafoirt Hodeidah, Saleef agus Ras Issa, a leagtar amach i gComhaontú Stócólm agus a thug na páirtithe uile sa choinbheacht in Éimin i gcrích an 13 Nollaig 2018, agus a formhuiníodh le Rún 2451 (2018) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Rún 2452 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.
- (5) D'iarr UNVIM tacaíocht bhreise ar feadh bliain amháin ar an Aontas.
- (6) Ba cheart don Aontas a thacaíocht do UNVIM a athnuachan ar feadh bliana chun a shainordú a chur chun feidhme.
- (7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2020/1465 a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear, leis seo, Cinneadh (CBES) 2020/1465 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Is é seo a leanas a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur chun feidhme:

— EUR 2 059 838 don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 28 Feabhra 2022,

— EUR 2 200 000 don tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022,

— EUR 2 200 000 don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023.

⁽¹⁾ Cinneadh (CBES) 2018/1249 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach mar thaca le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin (IO L 235, 19.9.2018, lch. 14).

⁽²⁾ Cinneadh (CBES) 2020/1465 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Cigireachta agus Fíoraithe na Náisiún Aontaithe in Éimin (IO L 335, 13.10.2020, lch. 13).

⁽³⁾ Cinneadh (CBES) 2021/1991 ón gComhairle an 15 Samhain 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1465 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin (UNVIM) (IO L 405, 16.11.2021, lch. 12).

Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar an méid tagartha airgeadais faoin 1 Márta 2023 bunaithe, *inter alia*, ar an ráta ionsúcháin agus ar mheasúnú ar riachtanais ón Seirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ón gCoimisiún.”;

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

“Rachaidh sé in éag an 30 Meán Fómhair 2023.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. SÍKELA

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1683 ÓN gCOIMISIÚN**an 28 Meán Fómhair 2022****maidir leis an gcoibhéis idir an creat rialála i ndáil le contrapháirtithe lárnacha sa Cholóim agus ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 25(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An nós imeachta maidir le haitheantas a thabhairt do chontrapháirtithe lárnacha ("CPLanna") atá bunaithe i dtrú tíortha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, is é is aidhm dó, i gcás CPLanna atá bunaithe agus údaraithe i dtrú tíortha a bhfuil a gcaighdeáin rialála coibhéiseach leo sin a leagtar síos sa Rialachán sin, a cheadú dóibh seirbhísí imréitigh a sholáthar do chomhaltaí imréitigh nó d'ionaid trádála atá bunaithe san Aontas. Dá bhrí sin, leis an nós imeachta sin maidir le haitheantas a thabhairt agus leis an gcinneadh coibhéise dá bhforáiltear ann, rannchuidítear le haidhm uileghabhálach Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a bhaint amach i ndáil leis an riosca sistéimeach a laghdú, tríd an úsáid a bhaintear as CPLanna sábháilte fóna a leathnú chun conarthaí díorthach thar an gcuntar a imréiteach, lena n-áirítear i gcásanna ina bhfuil na CPLanna sin bunaithe agus údaraithe i dtrú tír.
- (2) Chun go measfaí córas dlí trú tír a bheith coibhéiseach le córas dlí an Aontais i leith CPLanna, ba cheart toradh substainteach na socrúithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme a bheith coibhéiseach le ceanglais an Aontais i leith na gcuspóirí rialála a bhaintear amach leis na socrúithe sin. Dá bhrí sin, is é is aidhm don mheasúnú coibhéise sin a fhíorú an áirithítear le socrúithe dlíthiúla agus maoirseachta an trú tír lena mbaineann nach ndéanfaidh na CPLanna atá bunaithe agus údaraithe sa trú tír sin comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas a fhágáil neamhchosanta ar leibhéal riosca is airde ná an leibhéal a bhféadfadh CPLanna atá údaruithe san Aontas a fhágáil neamhchosanta air agus, dá bhrí sin, nach mbaineann leibhéal riosca shistéimigh leo atá do-ghlactha san Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, na rioscaí i bhfad níos ísle a bhaineann le gníomhaíochtaí imréitigh a dhéantar i margáí airgeadais ar lú iad ná margadh airgeadais an Aontais a chur san áireamh.
- (3) An measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil socrúithe dlíthiúla agus maoirseachta na Colóime coibhéiseach le socrúithe an Aontais, ba cheart é a bhunú ní hamháin ar anailís chomparáideach ar na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus a bhfuil feidhm acu maidir le CPLanna sa Cholóim, ach ar mheasúnú ar thoradh na gceanglas sin freisin. Ba cheart don Choimisiún leordhóthanacht na gceanglas sin a sheiceáil chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a bhféadfadh comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas a bheith neamhchosanta orthu, agus aird á tabhairt ar mhéid an mhargaidh airgeadais ina bhfeidhmíonn CPLanna atá údaraithe sa Cholóim. Tá gá le ceanglais um maolú riosca atá níos déine le haghaidh CPLanna a dhéanann a gcuid gníomhaíochtaí i margáí airgeadais atá níos mó ar airde an leibhéal riosca a bhaineann leo ná mar atá i gcás CPLanna a dhéanann a gcuid gníomhaíochtaí i margáí airgeadais atá níos lú ar ísle an leibhéal riosca a bhaineann leo.
- (4) In Airteagal 25(6), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, socrúithe dlíthiúla agus maoirseachta trú tír maidir le CPLanna atá údaraithe inti, leagtar síos trí choinníoll is gá a chomhlíonadh chun a chinneadh go bhfuil siad coibhéiseach leis na socrúithe a leagtar síos sa Rialachán sin.
- (5) I gcomhréir le hAirteagal 25(6), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ní mór do CPLanna atá údaraithe i dtrú tír ceanglais a chomhlíonadh atá ceangailteach ó thaobh an dlí de atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV den Rialachán sin.

(1) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

- (6) Na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh an dlí de atá infheidhme maidir le CPLanna atá údaraithe sa Cholóim, leagtar síos iad i nDlí uimh. 964 de 2005 lena rialáiltear imréiteach agus glanadh ionstraimí airgeadais (“na rialacha príomhúla”) agus sna rialacha ginearálta a leagtar síos i bhForaithne 2555 de 2010 i Leabhar 13 de Chuid 2 agus i gciocláin a eisíonn an Superintendencia Financiera (“SFC”) (“na rialacha tánaisteacha”). Leis na rialacha sin le chéile, leagtar amach na caighdeáin agus na ceanglais a bhfuil ar CPLanna atá údaraithe sa Cholóim a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach.
- (7) Leis na rialacha príomhúla, leagtar amach, i measc nithe eile, rialacha maidir le socrúithe rialachais, scairshealbhóirí agus comhaltaí a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu, ciste mainneachtana agus glanadh, agus bunaítear na ceanglais íosta ar gá rialacha oibriúcháin CPLanna iad a chomhlíonadh. Thairis sin, de bhun Chiorclán Básica Jurídica - CE 29 de 2014, ní mór do CPLanna údaraithe na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a bhaineann le córais um imréiteach agus um ghlanadh a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme, go háirithe na Prionsabail le haghaidh Bhonneagair an Mhargaidh Airgeadais (“PFMI”) a eisíonn an Coiste ar Chórais Iocaíochta agus Socraíochta agus Coiste Teicniúil na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús ⁽²⁾.
- (8) Chun a bheith údaraithe sa Cholóim, ní mór do CPL a rialacha oibriúcháin a chur faoi bhráid SFC, chomh maith le staidéar ar leordhóthanacht gach córais atá á bhainistiú aige. Le rialacha oibriúcháin de chuid CPL, is gá sonraí saintreoracha a sholáthar faoin gcaoi a bhfuil an CPL leis na caighdeáin agus na ceanglais ardleibhéil a leagtar amach sna rialacha príomhúla agus sa PFMI a chomhlíonadh freisin. Ní mór a áireamh sna rialacha oibriúcháin forálacha maidir le ceanglais rannpháirtíochta, córais chumarsáide, an cineál ionstraimí airgeadais is féidir a imréiteach, nósanna imeachta bainistíochta riosca, nósanna imeachta um shocraíocht thráthúil, comhthaobhacht atá le soláthar ag rannpháirtithe, bearta atá le déanamh i gcás ina sáraíonn rannpháirtithe a n-oibleagáidí, eagrú agus oibriú na gcoistí iniúchta agus riosca agus leanúnachas oibríochtaí. A luaithe is a údaráíonn SFC na rialacha oibriúcháin, déanann SFC measúnú ar chumas an CPL oibríochtaí a thosú, i dtéarmaí saoráidí, acmhainní proifisiúnta agus teicneolaíochta, nósanna imeachta agus rialuithe. A luaithe is a údaráítear an CPL, éiríonn a rialacha oibriúcháin ceangailteach air ó thaobh an dlí de. Ní mór aon leasú ar na rialacha oibriúcháin a fhormheas ag SFC.
- (9) Dá bhrí sin, is struchtúr dhá shraith atá sna ceanglais atá ceangailteach ó thaobh an dlí de atá infheidhme maidir le CPLanna atá údaraithe sa Cholóim. Is é atá sa chéad sraith Dlí uimh. 964 de 2005, chomh maith leis na rialacha ginearálta agus na ciorcláin a eisíonn SFC, ar lena chéile a leagtar amach na caighdeáin agus ceanglais ardleibhéil, lena n-áirítear PFMI, nach mór CPLanna údaraithe a chomhlíonadh, agus sonraí saintreoracha faoin gcaoi a bhfuil an CPL leis na caighdeáin agus ceanglais ardleibhéil sin a chomhlíonadh. Is é atá sa dara sraith rialacha oibriúcháin na CPLanna.
- (10) Tá margadh airgeadais na Colóime i bhfad níos lú ná an margadh airgeadais a bhfuil CPLanna atá bunaithe san Aontas gníomhach ann. Le 3 bliana anuas, bhí luach iomlán na n-idirbheart díorthach thar an gcuntar a imréitíodh sa Cholóim cothrom le níos lú ná 1 % de luach iomlán na n-idirbheart díorthach thar an gcuntar a imréitíodh san Aontas. Dá bhrí sin, an rannpháirtíocht in CPLanna atá údaraithe sa Cholóim, is rud é sin lena bhfágtar comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas neamhchosanta ar rioscaí atá i bhfad níos ísle ná an rannpháirtíocht in CPLanna atá údaraithe san Aontas. Leis na rialacha príomhúla agus tánaisteacha atá infheidhme maidir le CPLanna atá údaraithe sa Cholóim, a chomhlánaítear leis na rialacha oibriúcháin ceangailteacha, ar lena chéile a gcuirtear PFMI chun feidhme, maolaítear go leordhóthanach an leibhéal níos ísle riosca a bhféadfadh comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas a bheith neamhchosanta air agus, dá bhrí sin, is féidir a mheas go mbaintear toradh maolaithe riosca amach atá coibhíseach leis an toradh a shaothraítear le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i ngeall orthu sin.
- (11) Is é conclúid an Choimisiúin go n-áirítear le socrúithe dlíthiúla agus maoirseachta na Colóime go gcomhlíonfaidh CPLanna atá údaraithe sa Cholóim ceanglais atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus atá coibhíseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.
- (12) Le hAirteagal 25(6), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, maidir leis na socrúithe dlíthiúla agus maoirseachta i leith CPLanna atá údaraithe i dtríú tír, ceanglaítear nach mór foráil a dhéanamh maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach i ndáil le CPLanna ar bhonn leanúnach.
- (13) De bhun Airteagal 6 de Dhlí uimh. 964 de 2005, tá sé de chumhacht ag SFC maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí na CPLanna sa Cholóim agus faireachán a dhéanamh ar na CPLanna sin chun comhlíonadh na rialacha príomhúla agus rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha na CPLanna a áirithiú ar bhonn leanúnach. Tá sraith chuimsitheach cumhachtaí ag SFC chun CPL údaraithe a rialú agus a phionósú, lena n-áirítear, *inter alia*, an chumhacht chun faisnéis agus sonraí a iarraidh, cigireachtaí ar an láthair agus lasmuigh den láthair a dhéanamh agus iarraidh ar CPL údaraithe ceartúcháin a dhéanamh agus ordúithe agus treoracha a eisiúint. I gcomhréir le

⁽²⁾ An Coiste um Íocaíochtaí agus um Bonneagar Margaidh, Páipéar Uimh. 101 an 16 Aibreán 2012.

hAirteagal 53 de Dhlí uimh. 964 de 2005, féadfaidh SFC rabhaidh, fíneálacha, fionraí nó dícháiliú bainisteoirí arna gceapadh de chuid CPL údaraithe a fhorchur. Féadfaidh sé freisin oibríochtaí CPL a chur ar fionraí nó údarú CPL a tharraingt siar i gcás ina sárófar ceanglas dlíthiúil éigeantach. Thairis sin, ní mór do CPLanna féinmheasúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann siad PFMI gach 3 bliana ar a laghad agus tuarascáil a sholáthar a fhoilsíonn SFC agus a ndéanann SFC athbhreithniú tréimhsiúil uirthi i gcomhréir lena phlean maoirseachta.

- (14) Is é conclúid an Choimisiúin go bhforáiltear leis na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta i leith CPLanna atá údaraithe sa Cholóim maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach ar bhonn leanúnach.
- (15) I gcomhréir le hAirteagal 25(6), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, le creat dlíthiúil tríú tír ní mór foráil a dhéanamh maidir le córas coibhéiseach éifeachtach chun aitheantas a thabhairt do CPLanna atá údaraithe faoi chórais dlí tríú tír (“CPLanna tríú tír”).
- (16) Sa Cholóim, i gcomhréir le Ciorclán Seachtrach Uimh. 019 de 2022, is é atá in “CPL tríú tír coibhéiseach” CPL a oibríonn i ndlínse ina dtugann SFC comhlíontacht ábhair le PFMI faoi deara, is CPL atá faoi réir maoirseacht éifeachtach agus lena bhfuil socrú comhair idir an maoirseoir tríú tír agus SFC ann. CPLanna tríú tír a n-aithníonn SFC iad mar CPLanna tríú tír coibhéiseacha, liostaítear iad i dtaifead poiblí a ndéantar measúnú air chun an chomhlíontacht le PFMI a sheiceáil. De bhun Chiorclán Seachtrach Uimh. 019 de 2022, neamhchosaintí bhainc na Colóime ar CPLanna tríú tír coibhéiseacha, baineann siad tairbhe as láimhseáil fhabhrach caipitil, agus tá neamhchosaintí ar CPLanna tríú tír a meastar nach CPLanna tríú tír coibhéiseacha iad faoi réir ualú riosca pionósach. Go praiticiúil, ualú riosca chomh hard sin le haghaidh CPLanna tríú tír nach CPLanna tríú tír coibhéiseacha iad, tá sé toirmeasach agus is beag banc Colómach, más ann dóibh ar chor ar bith, ar féidir coinne a bheith leis go n-imréiteodh sé ag CPLanna tríú tír nach CPLanna tríú tír coibhéiseacha iad. Thairis sin, dá gcinnfeadh bainc na Colóime go n-imréiteoidís in CPL tríú tír nach CPL tríú tír coibhéiseach é, maolófaí aon riosca a bhaineann lena neamhchosaintí ag an ualú riosca ard. I bhfianaise na láimhseála caipitil is infheidhme maidir le neamhchosaintí ar CPLanna nach CPLanna coibhéiseacha iad faoi Chiorclán Seachtrach Uimh. 019 de 2022, is féidir a mheas go soláthraítear le córas na Colóime córas coibhéiseach éifeachtach chun aitheantas a thabhairt do CPLanna tríú tír.
- (17) Is é conclúid an Choimisiúin go ndéantar foráil le creat dlíthiúil na Colóime maidir le córas coibhéiseach éifeachtach chun aitheantas a thabhairt do CPLanna tríú tír.
- (18) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, go gcomhlíonann socruithe dlíthiúla agus maoirseachta na Colóime is infheidhme maidir le CPLanna na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Ba cheart a mheas go bhfuil na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta sin coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán sin dá réir sin.
- (19) Tá an Cinneadh seo bunaithe ar na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus a bhfuil feidhm acu maidir le CPLanna sa Cholóim tráth a ghlacfar an Cinneadh seo. Leanfaidh an Coimisiún, bunaithe, *inter alia*, ar fhaisnéis a sholáthar an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) de bhun Airteagal 25(6b) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, d'fhaireachán a dhéanamh ar bhonn rialta ar éabhlóid an chreata dhlíthiúil agus maoirseachta is infheidhme maidir le CPLanna sa Cholóim agus ar chomhlíonadh na gcoinníollacha ar an mbonn ar ar glacadh an Cinneadh seo.
- (20) Féadfaidh an Coimisiún, i bhfianaise na dtorthaí a thiofadh as athbhreithniú tráthrialta nó sonrath, cinneadh a dhéanamh an Cinneadh seo a leasú nó a aisghairm tráth ar bith, go háirithe i gcás ina ndéanfaidh forbairtí difear do na coinníollacha arb iad is bonn do ghlacadh an Chinnidh seo.
- (21) Chun a áirithiú gur féidir le ESMA tús a chur gan mhoill leis an nós imeachta maidir le haitheantas a thabhairt do CPLanna atá údaraithe sa Cholóim, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.
- (22) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Eorpach um Urrúis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun críocha Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, socruithe dlíthiúla agus maoirseachta Phoblacht na Colóime is infheidhme maidir le contrapháirtithe lárnacha, ina bhfuil Dlí uimh. 964 de 2005 arna chomhlánú leis na rialacha ginearálta agus na ciorcláin arna n-eisiúint ag Superintendencia Financiera, measfar iad a bheith coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1684 ÓN gCOIMISIÚN
an 28 Meán Fómhair 2022

maidir leis an gcoibhéis idir an creat rialála le haghaidh contrapháirtithe lárnacha sa Téaváin * agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le Tithe Imréitigh Todhchaíochtaí atá faoi mhaoirseacht an Choimisiúin um Maoirseacht Airgeadais

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 25(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An nós imeachta maidir le haitheantas a thabhairt do chontrapháirtithe lárnacha (“CPLanna”) atá bunaithe i dtríú tíortha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, is é is aidhm dó i gcás CPLanna atá bunaithe agus údaraithe i dtríú tíortha a bhfuil a gcaighdeáin rialála coibhéiseach leo sin a leagtar síos sa Rialachán sin, a cheadú dóibh seirbhísí imréitigh a sholáthar do chomhaltaí imréitigh nó d'ionaid trádála atá bunaithe san Aontas. Dá bhrí sin, leis an nós imeachta sin maidir le haitheantas a thabhairt agus leis an gCinneadh coibhéise dá bhforáiltear ann, rannchuidítear le haidhm uileghabhálach Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a bhaint amach i ndáil leis an riosca sistéamach a laghdú, tríd an úsáid a bhaintear as CPLanna sábháilte fóna a leathnú chun conarthaí díorthacha thar an gcuntar a imríteach, lena n-áirítear na cásanna ina bhfuil na CPLanna sin bunaithe agus údaraithe i dtríú tír.
- (2) Chun go measfaí córas dlí tríú tír a bheith coibhéiseach le córas dlí an Aontais i leith CPLanna, ba cheart toradh substainteach na socrúithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme a bheith coibhéiseach le ceanglais an Aontais i leith na gcuspóirí rialála a bhaintear amach leis na socrúithe sin. Dá bhrí sin, is é is aidhm don mheasúnú coibhéise sin a fhíorú go n-áiríthítear le socrúithe dlíthiúla agus maoirseachta na Téaváine nach ndéanfaidh CPLanna atá bunaithe agus údaraithe sa Téaváin comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas a fhágáil neamhchosanta ar leibhéal riosca níos airde ná an leibhéal a bhféadfadh CPLanna atá údaraithe san Aontas na comhaltaí imréitigh agus na hionaid trádála sin a fhágáil neamhchosanta air agus, dá bhrí sin, nach mbaineann leibhéal riosca shistéamacha leo atá do-ghlactha san Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, na rioscaí i bhfad níos ísle a bhaineann le gníomhaíochtaí imréitigh a dhéantar i margaí airgeadais ar lú iad ná margadh airgeadais an Aontais a chur san áireamh.
- (3) Ní bhaineann an Cinneadh seo ach le coibhéis na socrúithe dlíthiúla agus maoirseachta le haghaidh tithe imréitigh todhchaíochtaí arna bhformheas agus arna gceadúnú faoin nGníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí (“FTA”) agus atá faoi mhaoirseacht an Choimisiúin um Maoirseacht Airgeadais (“FSC”) ná ní bhaineann sé le socrúithe dlíthiúla agus maoirseachta le haghaidh CPLanna atá bunaithe sa Téaváin.
- (4) Le hAirteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, leagtar síos trí choinníoll is gá a chomhlíonadh sular féidir a chinneadh go bhfuil na socrúithe dlíthiúla agus maoirseachta de chuid tríú tír maidir le CPLanna atá údaraithe inti coibhéiseach leis na socrúithe sin a leagtar síos sa Rialachán sin.
- (5) De réir Airteagal 25(6), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ní mór a áirithiú le socrúithe dlíthiúla agus maoirseachta dhlínse an tríú tír lena mbaineann go ndéanfaidh CPLanna atá údaraithe sa dlínse tríú tír sin ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV den Rialachán seo a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach.

(*) Níor cheart an Cinneadh seo a léirmhíniú mar léiriú ar sheasamh oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcúinsí ar bith maidir le stádas dlíthiúil na Téaváine.

(¹) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

- (6) Is éard atá sna ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus is infheidhme maidir le CPLanna atá údaraithe sa Téaváin an Gníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí, arna fhorlíonadh leis na Rialacháin lena Rialaítear Tithe Imréitigh Todhchaíochtaí (“na Rialacháin”) agus ag na Caighdeáin lena Rialaítear Bunú na dTithe Imréitigh Todhchaíochtaí (“na Caighdeáin”). Tá feidhm ag na rialacha breise a leagtar síos sna Rialacháin lena Rialaítear Bunú na gCóras Rialaithe Inmheánaigh ag Fiontair Seirbhíse i Margaí Urrús agus Todhchaíochtaí, agus ag na Rialacháin lena Rialaítear Malartáin Todhchaíochtaí agus na Rialacháin lena Rialaítear Ceannaithe Todhchaíochtaí an Choimisiúin, maidir le tithe imréitigh todhchaíochtaí atá ag oibriú sa Téaváin.
- (7) Ní mór do thithe imréitigh todhchaíochtaí formheas agus ceadúnas gnó a fháil ón gCoimisiún um Maoirseacht Airgeadais sula mbunófar iad. Ní bhaineann an Cinneadh seo ach leis an gcóras is infheidhme maidir le tithe imréitigh todhchaíochtaí a dhéanann an tseirbhís airgeadais fhormheasta maidir le teach imréitigh todhchaíochtaí a oibriú sa Téaváin mar a shonraítear in Airteagal 2 de na Rialacháin agus a bhunaítear i gcomhréir leis na Caighdeáin.
- (8) Le hAirteagal 7 den Gníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí, a bhfuil feidhm aige *mutatis mutandis* maidir le tithe imréitigh todhchaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 55 den Gníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí, foráiltear go ndéanfar teach imréitigh todhchaíochtaí “a bhunú chun leas an phobail a chur chun cinn agus chun cothroime idirbheart an mhargaidh todhchaíochtaí a chaomhnú”. Ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 2 de na Rialacháin gurb iad “gnólachtaí tí imréitigh todhchaíochtaí an t-imréiteach agus an tsocraíocht maidir le trádáil todhchaíochtaí agus chun ráthaíocht a sholáthar maidir le feidhmiú an chonartha todhchaíochtaí” lena n-áirítear díorthaigh arna dtrádáil ar an malartán agus díorthaigh thar an gcuntar araon. Ní bhfaighidh teach imréitigh todhchaíochtaí a fhormheas ná an ceadúnas gnó dá bhunú ach amháin i gcás ina bhfuil an Coimisiún um Maoirseacht Airgeadais sásta, i measc nithe eile, go bhfuil caipiteal cuí agus fóna curtha i leataobh ag tionscnóirí tí imréitigh todhchaíochtaí, go bhfuil plean gnó cuí agus fóna acu ina sonraítear prionsabail na hoibríochta gnó, roinnt na heagraíochta inmheánaí, earcú agus oiliúint an phearsanra, a réamh-mheastacháin airgeadais don bhliain ina gcuirfead tús le hoibríú agus don bhliain ina diaidh sin, agus go bhfuil acmhainní daonna, trealamh próiseála sonraí agus saoráidí fisiceacha eile aige atá leordhóthanach chun gnóthaí tí imréitigh todhchaíochtaí a dhéanamh. Féadfaidh an Coimisiún um Maoirseacht Airgeadais, agus cinneadh á dhéanamh aige an ndéanófar formheas agus ceadúnas gnó do theach imréitigh todhchaíochtaí, coinneollacha breise a fhorchur agus doiciméid bhreise a éileamh.
- (9) Leis an nGníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí, ceanglaítear ar thithe imréitigh todhchaíochtaí rialacha oibriúcháin a ghlacadh lena n-áirítear go gcomhlíonfar na ceanglais uile chun rialáil chúí a dhéanamh ar shaoráidí imréitigh agus socraíochta na dtithe imréitigh todhchaíochtaí, lena n-áirítear rialacha mainneachtana. Ceanglaítear ar thithe imréitigh todhchaíochtaí na rialacha oibriúcháin sin, agus aon leasú orthu, a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Maoirseacht Airgeadais sula gcuirfead chun feidhme iad. Is féidir leis an gCoimisiún um Maoirseacht Airgeadais na rialacha oibriúcháin sin a dhiúltú, nó leasuithe ar na rialacha sin a éileamh. Faoi Airteagal 47(2) den Gníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí, tá rialacha oibriúcháin na dtithe imréitigh todhchaíochtaí ceangailteach ó thaobh dlí de agus in-fhorfheidhmithe i gcoinne comhaltá agus rannpháirtithe eile tar éis don Choimisiún um Maoirseacht Airgeadais iad a fhormheas.
- (10) Dá bhrí sin, is struchtúr dhá shraith atá sna ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus is infheidhme iad maidir le tithe imréitigh todhchaíochtaí atá údaraithe sa Téaváin. Leis na croíphrionsabail sa Gníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí, leagtar amach na caighdeáin ardleibhéil nach mór do thithe imréitigh todhchaíochtaí a chomhlíonadh chun údarú a fháil chun seirbhísí imréitigh a sholáthar sa Téaváin (le chéile, na “rialacha príomhúla”). Is éard atá sna rialacha príomhúla sin an chéad sraith de na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí de sa Téaváin. Chun comhlíonadh na rialacha príomhúla a chruthú, le hAirteagal 47 den Gníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí ceanglaítear ar thithe imréitigh todhchaíochtaí a rialacha oibriúcháin a bhunú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Maoirseacht Airgeadais lena bhformheas sula gcuirfead chun feidhme iad agus féadfaidh an Coimisiún um Maoirseacht Airgeadais iad a chosc, a dhícheadú nó a leasú. Is éard atá sna rialacha oibriúcháin sin an dara sraith de na ceanglais sa Téaváin.
- (11) Sa mheasúnú ar cé acu atá na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme maidir le tithe imréitigh todhchaíochtaí sa Téaváin coibhéiseach le ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó nach bhfuil, ba cheart a chur san áireamh freisin toradh an mhaolaithe riosca arna áirithiú ag na socruithe sin i dtéarmaí leibhéal an riosca a bhfuil comhaltá imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas neamhchosanta air agus iad rannpháirteach i dtithe imréitigh todhchaíochtaí den sórt sin. Cinntear toradh an mhaolaithe riosca sin de réir an leibhéil riosca a bhaineann go dlúth leis na gníomhaíochtaí imréitigh a dhéanann an CPL lena mbaineann, ar leibhéal riosca é atá ag brath ar mhéid an mhargaidh airgeadais ina n-oibríonn sé, agus de réir oiriúnacht na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme maidir le CPLanna chun an leibhéal riosca sin a mhaolú. Chun toradh maolaithe riosca atá coibhéiseach a bhaint amach, tá gá le ceanglais maidir le maolú riosca atá níos déine le haghaidh CPLanna a dhéanann a gcuid gníomhaíochtaí i margaí airgeadais níos mó, i gcás ina mbaineann leibhéal riosca níos airde leo ná mar a bhaineann le CPLanna a dhéanann a gcuid gníomhaíochtaí i margaí airgeadais níos lú, i gcás ina mbaineann leibhéal bunúsach riosca níos ísle leo.

- (12) Is lú go mór na margáí airgeadais ina ndéanann tithe imréitigh todhchaíochtaí atá údaraithe sa Téaváin a gcuid gníomhaíochtaí imréitigh ná na margáí ina mbíonn CPLanna atá bunaithe san Aontas gníomhach. Dá bhrí sin, nuair a bhíonn comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas rannpháirteach i dtithe imréitigh todhchaíochtaí atá údaraithe sa Téaváin, bíonn siad neamhchosanta ar rioscaí i bhfad níos ísle ná nuair a bhíonn siad rannpháirteach in CPLanna atá údaraithe san Aontas.
- (13) Na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme maidir le tithe imréitigh todhchaíochtaí atá údaraithe sa Téaváin, féadfar a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil siad coibhéiseach le ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i gcás inarb iomchuí na socruithe sin chun an leibhéal riosca níos ísle sin a mhaolú. Leis na rialacha príomhúla is infheidhme maidir leis na tithe imréitigh todhchaíochtaí sin, arna gcomhlánú lena rialacha oibriúcháin, maolaítear an leibhéal riosca níos ísle atá sa Téaváin agus baintear amach toradh maolaithe riosca atá coibhéiseach leis an toradh a shaothraítear le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.
- (14) Dá bhrí sin, cinneann an Coimisiún go n-áiríthítear le socruithe dlíthiúla agus maoirseachta na Téaváine go gcomhlíonann tithe imréitigh todhchaíochtaí atá údaraithe inti ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.
- (15) De réir Airteagal 25(6), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ní mór foráil a dhéanamh le socruithe maoirseachta dlínse tríú tír i ndáil le CPLanna atá údaraithe ann maidir le maoirseacht éifeachtach ar na CPLanna sin agus maidir leis na ceanglais sin a fhorfheidhmiú ar bhonn leanúnach.
- (16) A luaithe a bheidh teach imréitigh todhchaíochtaí formheasta agus ceadúnaithe, beidh sé faoi réir na gceanglas a leagtar síos a Ghníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí agus faoi réir mhaoirseacht an Choimisiúin um Maoirseacht Airgeadais ar bhonn leanúnach, agus faoi réir fhorghairseacht bhanc ceannais na Téaváine laistigh de raon feidhme chúrsaí riaracháin an bhainc chomh maith. Déanann an Coimisiún um Maoirseacht Airgeadais faireachán ar thithe imréitigh todhchaíochtaí sa Téaváin chun comhlíonadh an chreata dhlíthiúil is infheidhme a áirithiú. Faoi Airteagail 100 agus 101 den Ghníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí, tá an chumhacht chuimsitheach ag an gCoimisiún um Maoirseacht Airgeadais pionós a ghearradh ar thithe imréitigh todhchaíochtaí, lena n-áirítear, i measc nithe eile, an chumhacht formheas agus ceadúnas gnó tithe imréitigh todhchaíochtaí a tharraingt siar agus an chumhacht smachtbhannaí a fhorchur. Is é an Coimisiún um Maoirseacht Airgeadais a dhéanann maoirseacht laethúil i gcomhréir le hAirteagal 4 den Ghníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí. Leis an nGníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí, tugtar cumhachtaí láidre don Choimisiún um Maoirseacht Airgeadais a dhéanann maoirseacht laethúil i gcomhréir le hAirteagail 95 go 120 den Ghníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí. Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún um Maoirseacht Airgeadais imscrúduithe a dhéanamh ar shárúithe amhrasta ar a rialacha, agus tá cumhachtaí aige cigireachtaí a dhéanamh, leabhair agus taifid a fháil go héigeantach agus iarraidh ar thithe imréitigh todhchaíochtaí a rialacha oibriúcháin a leasú.
- (17) Dá bhrí sin, cinneann an Coimisiún go bhfuil tithe imréitigh todhchaíochtaí atá údaraithe sa Téaváin faoi réir maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach ar bhonn leanúnach.
- (18) De réir Airteagal 25(6), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, leis an gcreat dlíthiúil atá ag dlínse tríú tír ní mór foráil a dhéanamh maidir le córas coibhéiseach éifeachtach chun aitheantas a thabhairt do CPLanna atá údaraithe faoi chórais dlí tríú tír (“CPLanna tríú tír”).
- (19) CPLanna tríú tír ar mian leo díorthaigh a imréiteach sa Téaváin, ní mór dóibh iarratas ar fhorghairseacht a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Maoirseacht Airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin. De réir Airteagal 45(1), an dara cuid, den Ghníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí, is féidir le “hinstiúidí eile”, lena n-áirítear CPLanna atá bunaithe lasmuigh den Téaváin, formheas agus ceadúnas gnó a fháil chun teach imréitigh todhchaíochtaí a oibriú. I gcás CPLanna tríú tír den sórt sin, tá feidhm ag na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus is infheidhme maidir le CPLanna atá údaraithe sa Téaváin. Thairis sin, is féidir leis an gCoimisiún um Maoirseacht Airgeadais aitheantas a thabhairt do CPLanna tríú tír i gcomhréir leis an Rialachán Aitheantais maidir le CPLanna Eachtracha agus is mar a leanas atá cur chuige dhá chás maidir le haitheantas: I gcás ina mbeidh na rialacháin maidir le maoirseacht agus an córas rialála atá ag CPL eachtrach i gcomhréir leis na Prionsabail le haghaidh Bhonneagair an Mhargaidh Airgeadais (PFMI) arna n-eisiúint ag an gCoiste ar Chórais Íocaíochta agus Socraíochta (CPMI) agus ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO) nó ag caighdeáin idirnáisiúnta eile atá aitheanta ag an

gCoimisiún um Maoirseacht Airgeadais, agus ina mbeidh CPL eachtrach aitheanta ag údarás inniúla tríú tír mar CPL Cáilitheach (QCCP), féadfaidh an CPL sin seirbhísí imréitigh díorthach thar an gcontar a sholáthar d'institiúidí airgeadais de chuid na Téaváine. I gcás nár thug údarás inniúil an tríú tír aitheantas do CPL eachtrach mar CPL cáilitheach agus ina bhfuil sé ar intinn aige iarratas ar aitheantas mar CPL cáilitheach a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Maoirseacht Airgeadais, cuirfidh an CPL eachtrach iarratas faoi bhráid an Choimisiúin um Maoirseacht Airgeadais ina léireofar a cháilíocht mar CPL cáilitheach faoi cheanglais chaipitil Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht maidir le neamhchosaintí bainc ar chontrapháirtithe lárnacha. Leis sin, cuirtear ar chumas chomhaltaí imréitigh na Téaváine ualaí riosca níos ísle a chur i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí ar CPLanna tríú tír den sórt sin. De réir Airteagal 6 den Ghníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí, tugtar de chumhacht don Choimisiún um Maoirseacht Airgeadais “comhaontuithe comhair a dhéanamh le gníomhaireachtaí rialtas eachtrach, le hinstiúidí nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun cúrsaí a éascú amhail malartú faisnéise, comhar teicniúil, agus cúnaimh imscrúdaithe”.

- (20) Dá bhrí sin, cinneann an Coimisiún go ndéantar foráil le socruithe dlíthiúla agus maoirseachta na Téaváine maidir le córas coibhéiseach éifeachtach chun aitheantas a thabhairt do CPLanna tríú tír.
- (21) Tá an Cinneadh seo bunaithe ar na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus a bhaineann le tithe imréitigh todhchaíochtaí is infheidhme sa Téaváin tráth a ghlacfar an Cinneadh seo. Leanfaidh an Coimisiún agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí d'fhaireachán a dhéanamh go tráthrialta ar éabhlóid an chreata dhlíthiúil agus maoirseachta le haghaidh tithe imréitigh todhchaíochtaí agus ar chomhlíonadh na gcoinníollacha arb iad is bonn do ghlacadh an Chinnidh seo.
- (22) Gach 3 bliana ar a laghad, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na forais ar ar a mbonn a mheastar socruithe dlíthiúla agus maoirseachta na Téaváine a bheith coibhéiseach le socruithe dlíthiúla agus maoirseachta an Aontais. Beidh athbhreithnithe rialta den sórt sin gan dochar do chumhacht an Choimisiúin athbhreithniú sonrach a dhéanamh tráth ar bith i gcás inar gá don Choimisiún, de bharr forbairtí ábhartha, athmheasúnú a dhéanamh ar an gcoibhéis idir na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta sin agus socruithe dlíthiúla agus maoirseachta an Aontais. Féadfaidh an Coimisiún, i bhfianaise thorthaí na n-athbhreithnithe sin, cinneadh a dhéanamh an Cinneadh seo a leasú nó a aisghairm tráth ar bith, go háirithe i gcás ina ndéanfaidh na forbairtí rialála agus maoirseachta sa Téaváin difear do na coinníollacha arb iad is bonn do ghlacadh an Chinnidh seo.
- (23) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste Eorpaigh um Urrúis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun críocha Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, socruithe dlíthiúla agus maoirseachta na Téaváine arb é atá iontu an Gníomh maidir le Trádáil Todhchaíochtaí, na Rialacháin lena Rialaítear Tithe Imréitigh Todhchaíochtaí agus na Caighdeáin lena Rialaítear Bunú na dTithe Imréitigh Todhchaíochtaí, agus is infheidhme maidir le tithe imréitigh todhchaíochtaí atá údaraithe sa Téaváin, measfar iad a bheith coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

Airteagal 2

Faoin 28 Meán Fómhair 2022, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na forais ar a raibh an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 1 bunaithe.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

Aistriúchán

CINNEADH Uimh. 1/2022 ÓN GCOMHAIRLE COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS IDIR AN
TAONTAS EORPACH AGUS AN CHOSAIV *

an

lena leasaítear an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Chosaiv *, den pháirt eile, trí Phrótacal III a ghabhann leis agus a bhaineann leis an gcoincheap “táirgí tionscnaimh” a ionadú [2022/1685]

TÁ AN CHOMHAIRLE COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS,

ag féachaint don Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Chosaiv *, den pháirt eile ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 4 de Phrótacal III a ghabhann leis agus a bhaineann leis an gcoincheap “táirgí tionscnaimh”,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 46 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Chosaiv *, den pháirt eile, (“an Comhaontú”), tagraítear do Phrótacal III den Chomhaontú sin (“Prótacal III”) lena leagtar síos na rialacha tionscnaimh.
- (2) Foráiltear le hAirteagal 4 de Phrótacal III go bhféadfaidh an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais a bhunaítear le hAirteagal 126 den Chomhaontú a chinneadh Prótacal III a leasú.
- (3) Is é is aidhm don Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora -Mheánmhara ⁽²⁾ (“an Coinbhinsiún”) na córais dhéthaobhacha um rialacha tionscnaimh atá ann cheana agus a bunaíodh le comhaontuithe saorthrádála déthaobhacha a tugadh chun críche idir na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún a thrasú ionas go mbeidh na córais sin faoi chuimsiú creat iltaobhach, gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe déthaobhacha siúd.
- (4) Shínigh an tAontas an Coinbhinsiún an 15 Meitheamh 2011.
- (5) Rinne an tAontas a ionstraimí glactha a thaisceadh le taiscí an Choinbhinsiúin an 26 Márta 2012. Dá bhrí sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 10(3) den Choinbhinsiún, tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm maidir leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012.
- (6) Chomhaontaigh an tAontas agus an Chosaiv tacar malartach rialacha tionscnaimh a chur i bhfeidhm, agus na rialacha sin bunaithe ar na rialacha sa Choinbhinsiún leasaithe, a fhéadfar a úsáid go déthaobhach, mar rialacha tionscnaimh de mhálairt ar na rialacha tionscnaimh sin a leagtar síos sa Choinbhinsiún, go dtí go dtabharfar an leasú ar an gCoinbhinsiún i gcrích agus go dtiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm.
- (7) Ba cheart, dá bhrí sin, prótacal nua a chur in ionad Phrótacal III lena bhforáiltear do thacar eile rialacha maidir le tionscnaimh. Thairis sin, ba cheart go mbeadh ar áireamh sa phrótacal nua tagairt dhinimiciúil don Choinbhinsiún, chun tagairt a dhéanamh i gcónaí don leagan is déanaí den Choinbhinsiún atá i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur in ionad Phrótacal III a ghabhann leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Chosaiv *, den pháirt eile, maidir leis an gcoincheap “táirgí tionscnaimh”.

* Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

⁽¹⁾ IO L 71, 16.3.2016, lch. 3.

⁽²⁾ IO L 54, 26.2.2013, lch. 4.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 15 Deireadh Fómhair 2022.

Arna dhéanamh sa , an .

*Thar ceann na Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais
An tUachtarán*

IARSCRÍBHINN

“Prótacal III**a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh’***Airteagal 1***Rialacha tionscnaimh is infheidhme**

1. Chun an Comhaontú a chur chun feidhme, beidh feidhm ag Foscríbhinn I agus ag na forálacha ábhartha d’Fhoscríbhinn II den Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh ⁽¹⁾ fabhracha uile-Eora-Mheánmhara (‘an Coinbhinsiún’), mar a leasaíodh agus a foilsíodh go deireanach é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Gach tagairt don ‘chomhaontú ábhartha’ i bhFoscríbhinn I agus sna forálacha ábhartha d’Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, déanfar na tagairtí sin a fhorléiriú mar thagairtí arb é an Comhaontú is ciall dóibh.
3. D’ainneoin Airteagal 16(5) agus Airteagal 21(3) d’Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, i gcás nach mbaineann carnadh ach le Stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE), Oileáin Fharó, an tAontas Eorpach, Poblacht na Tuirc, na rannpháirtithe sa phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, Poblacht na Moldóive, an tSeoirsia agus an Úcráin, féadfaidh deimhniú gluaiseachta EUR.1 nó dearbhú tionscnaimh a bheith ina chruthúnas ar thionscnamh.

*Airteagal 2***Rialacha tionscnaimh malartacha is infheidhme**

1. D’ainneoin Airteagal 1 den Phrótacal seo, chun an Comhaontú a chur chun feidhme, táirgí a bhaineann amach stádas tionscnaimh fabhrach i gcomhréir leis na Rialacha tionscnaimh malartacha is infheidhme maidir le tionscnamh a leagtar amach i bhFoscríbhinn A (‘Rialacha idirthréimhseacha’) a ghabhann leis an bPrótacal seo measfar gur de thionscnamh an Aontais Eorpaigh nó na Cosaive iad.
2. Beidh feidhm ag na Rialacha idirthréimhseacha go dtí go dtiocfaidh an leasú ar an gCoinbhinsiún i bhfeidhm, leasú ar a bhfuil na Rialacha idirthréimhseacha bunaithe.

*Airteagal 3***Díospóidí a réiteach**

1. I gcásanna ina n-éireoidh díospóidí i ndáil leis na nósanna imeachta fíorúcháin a leagtar amach in Airteagal 32 d’Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún nó in Airteagal 34 d’Fhoscríbhinn A a ghabhann leis an bPrótacal seo, ar díospóidí iad nach féidir a réiteach idir na húdaráis chustaim a iarrann an fíorú agus na húdaráis chustaim atá freagrach as an bhfíorú sin a chur i gcrích, cuirfear na díospóidí sin faoi bhráid na Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais.
2. I ngach cás, i dtaca le díospóidí idir an t-allmhaireoir agus údaráis chustaim na tíre allmhairiúcháin a réiteach, is faoi reachtaíocht na tíre sin a réiteofar na díospóidí sin.

*Airteagal 4***Leasuithe ar an bPrótacal**

Féadfaidh an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais a chinneadh an Prótacal seo a leasú.

(¹) IO L 54, 26.2.2013, lch. 4.

*Airteagal 5***Tarraingt siar as an gCoinbhinsiún**

1. Má thugann an tAontas Eorpach nó an Chosaiv fógra i scríbhinn do thaiscí an Choinbhinsiúin go bhfuil sé beartaithe acu tarraingt siar as an gCoinbhinsiún de réir Airteagal 9 de, rachaidh an tAontas Eorpach agus an Chosaiv i mbun caibidlíochta láithreach maidir le rialacha tionscnaimh chun an Comhaontú a chur chun feidhme.
2. Go dtí go dtiocfaidh rialacha tionscnaimh den sórt sin a d'aontófaí as an nua i bhfeidhm, na rialacha a áirítear i bhFoscscríbhinn I agus, i gcás inarb iomchuí, na forálacha ábhartha d'Fhoscscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, ar rialacha agus forálacha iad is infheidhme tráth an tarraingt siar, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu maidir leis an gComhaontú. Mar sin féin, ó thráth an tarraingt siar, déanfar na rialacha tionscnaimh i bhFoscscríbhinn I agus, i gcás inarb iomchuí, na forálacha ábhartha d'Fhoscscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a fhorléiriú sa chaoi nach gceadófar an carnadh déthaobhach ach amháin idir an tAontas Eorpach agus an Chosaiv.

Foscábhinn A

RIALACHA TIONSCNAIMH MALARTACHA IS INFHEIDHME

Rialacha is féidir le Páirtithe Conarthacha an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara a chur i bhfeidhm ar bhonn roghnach go dtí go dtabharfar an leasú ar an gCoinbhinsiún i gcrích agus go dtiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm

(‘na Rialacha’ nó ‘na Rialacha idirthréimhseacha’)

SAINMHÍNIÚ AN CHOINCHEAPA ‘TÁIRGÍ TIONSCNAIMH’ AGUS MODHANNA COMHAIR RIARACHÁIN

CLÁR

CUSPÓIRÍ

- TEIDEAL I FORÁLACHA GINEARÁLTA
- Airteagal 1 **Sainmhíithe**
- TEIDEAL II SAINMHÍNIÚ AN CHOINCHEAPA ‘TÁIRGÍ TIONSCNAIMH’
- Airteagal 2 **Ceanglais ghinearálta**
- Airteagal 3 **Táirgí a fuarthas go hiomlán**
- Airteagal 4 **Oibriú nó próiseáil leordhóthanach**
- Airteagal 5 **Riail lamhátais**
- Airteagal 6 **Oibriú nó próiseáil easpach**
- Airteagal 7 **Carnadh tionscnaimh**
- Airteagal 8 **Coinníollacha maidir le carnadh tionscnaimh a chur i bhfeidhm**
- Airteagal 9 **Aonad incháilitheachta**
- Airteagal 10 **Tacair**
- Airteagal 11 **Eilimintí neodracha**
- Airteagal 12 **Deighilt chuntasaíochta**
- TEIDEAL III CEANGLAIS CHRÍCHE
- Airteagal 13 **Prionsabal an chríochachais**
- Airteagal 14 **Neamhathrú**
- Airteagal 15 **Taispeántais**
- TEIDEAL IV AISÍOCAÍOCHT NÓ DÍOLÚINE
- Airteagal 16 **Aisíocaíocht dleachtanna custaim nó díolúine uathu**
- TEIDEAL V CRUTHÚNAS AR THIONSCNAMH
- Airteagal 17 **Ceanglais ghinearálta**
- Airteagal 18 **Coinníollacha maidir le dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas**
- Airteagal 19 **Onnmhaireoir formheasta**
- Airteagal 20 **Nós imeachta maidir le deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint**
- Airteagal 21 **Deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a eisítear go cúlghabhálach**
- Airteagal 22 **Dúblach de dheimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint**
- Airteagal 23 **Bailíocht an chruthúnais ar thionscnamh**
- Airteagal 24 **Saorchriosanna**
- Airteagal 25 **Ceanglais allmhairiúcháin**

Airteagal 26 **Allmhairiú i dtráthchodanna**

Airteagal 27 **Díolúine ó chruthúnas ar thionscnamh**

Airteagal 28 **Neamhréitigh agus earráidí foirmiúla**

Airteagal 29 **Dearbhuithe soláthraí**

Airteagal 30 **Suimeanna arna sloinneadh in euro**

TEIDEAL VI **PRIONSABAIL AN CHOMHAIR AGUS NA FIANAISE DOICIMÉADAÍ**

Airteagal 31 **Fianaise dhoiciméadach, cruthúnas ar thionscnamh agus doiciméid tacaíochta a chaomhnú**

Airteagal 32 **Díospóidí a réiteach**

TEIDEAL VII **COMHAR RIARACHÁIN**

Airteagal 33 **Fógra agus comhar**

Airteagal 34 **Cruthúnais ar thionscnamh a fhíorú**

Airteagal 35 **Na dearbhuithe soláthraí a fhíorú**

Airteagal 36 **Pionóis**

Teideal VIII **FOSCRÍBHINN A A CHUR I bhFEIDHM**

Airteagal 37 **An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch**

Airteagal 38 **Lichtinstéin**

Airteagal 39 **Poblacht San Mairíne**

Airteagal 40 **Prionsacht Andóra**

Airteagal 41 **Ceuta agus Melilla**

Liosta Iarscríbhinní

IARSCRÍBHINN I: **Réamhnótaí a ghabhann leis an liosta in Iarscríbhinn II**

IARSCRÍBHINN II: **Liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun go dtabharfar an stádas ‘táirge tionscnaimh’ don táirge monaraithe**

IARSCRÍBHINN III: **Téacs an dearbhaithe tionscnaimh**

IARSCRÍBHINN IV: **Samplaí de dheimhniú gluaiseachta EUR.1 agus iarratas ar dheimhniú gluaiseachta EUR.1**

IARSCRÍBHINN V: **Coinníollacha speisialta maidir le táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla**

IARSCRÍBHINN VI: **Dearbhú soláthraí**

IARSCRÍBHINN VII: **Dearbhú fadtéarmach soláthraí**

CUSPÓIRÍ

Tá na Rialacha seo roghnach. Tá sé beartaithe go mbeidh feidhm acu ar bhonn sealadach, go dtí go dtabharfar i gcrích an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha fabhracha tionscnaimh uile-Eora-Mheánmhara ('Coinbhinsiún PEM' nó 'Coinbhinsiún') agus go dtí go dtiocfaidh an céanna i bhfeidhm. Beidh feidhm dhéthaobhach ag na Rialacha sin maidir le trádáil idir na Páirtithe Conarthacha sin a chinnfidh tagairt dóibh nó a chuirfidh san áireamh iad ina gcomhaontuithe déthaobhacha um thrádáil fhabhrach. Tá sé ar intinn na Rialacha sin a chur i bhfeidhm mar rogha mhalartach ar rialacha an Choinbhinsiúin, ar rialacha iad a bheidh, mar a fhoráiltear sa Choinbhinsiún, gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe ábhartha agus i gcomhaontuithe déthaobhacha gaolmhara eile idir na Páirtithe Conarthacha. Dá réir sin, ní bheidh na Rialacha sin éigeantach, ach roghnach. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha ar mian leo leas a bhaint as scéim fhabhrach a bheidh bunaithe ar na Rialacha sin seachas ar rialacha an Choinbhinsiúin iad a chur i bhfeidhm.

Níl sé i gceist leis na Rialacha seo an Coinbhinsiún a mhodhnú. Leanfaidh an Coinbhinsiún d'fheidhm iomlán a bheith aige idir na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún. Ní athrófar leis na Rialacha seo cearta ná oibleagáidí na bPáirtithe Conarthacha faoin gCoinbhinsiún.

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha na Rialacha seo:

- (a) ciallaíonn 'Páirtí Conarthach a chuireann na rialacha i bhfeidhm' Páirtí Conarthach sa Choinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a ionchorpraíonn na Rialacha seo ina chomhaontuithe déthaobhacha um thrádáil fhabhrach le Páirtí Conarthach eile sa Choinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara agus áirítear orthu sin na Páirtithe sa Chomhaontú;
- (b) ciallaíonn 'caibidlí', 'ceannteidil' agus 'fo-cheannteidil' na caibidlí, na ceannteidil agus na fo-cheannteidil (cóid 4 dhigit nó 6 dhigit) a úsáidtear san ainmníocht arb í an Córas Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtarraí ('Córas Comhchuibhithe') í ina bhfuil na hathruithe de bhun Mholadh an 26 Meitheamh 2004 ón gComhairle um Chomhar Custaim;
- (c) ciallaíonn 'aicmithe' aicmiú earra atá faoi cheannteideal áirithe nó faoi fho-cheannteideal áirithe den Chóras Comhchuibhithe;
- (d) ciallaíonn 'coinsíneacht' táirgí:
 - (i) a sheoltar go comhuaineach ó aon onnmhaireoir amháin chuig aon choinsíní amháin; nó
 - (ii) atá cumhdaithe ag aon doiciméad iompair amháin lena gcumhdaítear seoladh na dtáirgí sin ón onnmhaireoir chuig an goinsíní nó, de cheal doiciméad den sórt sin, atá cumhdaithe ag aon sonrasc amháin;
- (e) i gcás an Aontais Eorpaigh, ciallaíonn 'údaráis chustaim an Pháirtí nó an Pháirtí Chonarthaigh a chuireann na rialacha i bhfeidhm' aon cheann d'údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;
- (f) ciallaíonn 'luach custaim' an luach arna chinneadh i gcomhréir leis an gComhaontú maidir le cur i bhfeidhm Airteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil, 1994 (Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Luacháil Chustaim);
- (g) ciallaíonn 'praghas díreach ón monarcha' an praghas a íoctar as an táirge díreach ón monarcha leis an monaróir sa Pháirtí a ndéantar an t-oibriú deiridh nó an phróiseáil deiridh ina ghnóthas, ar choinníoll go n-áirítear sa phraghas sin luach na n-ábhar uile a úsáidtear agus na costais eile uile a bhaineann lena tháirgeadh, lúide aon cháin inmheánach a aisíoctar, nó is féidir a aisíoc, nuair a onnmhairítear an táirge a fuarthas. I gcás inar ndéantar an t-oibriú deiridh nó an phróiseáil deiridh a chur amach ar fochonradh chuig monaróir, tagraíonn an téarma 'monaróir' don fhiontar a bhfuil an fochonraitheoir ar fostú aige.

I gcás nach léiríú é an praghas iarbhír a íoctar ar na costais uile a bhaineann le monarú an táirge a thabhaítear go iarbhír sa Pháirtí, ciallaíonn an praghas díreach ón monarcha suim na gcostas sin go léir, lúide aon cháin inmheánach a aisíoctar, nó is féidir a aisíoc, nuair a onnmhairítear an táirge a fuarthas;
- (h) ciallaíonn 'ábhar idirmhalartach' nó 'táirge idirmhalartach' ábhar nó táirge ar den chineál céanna agus den cháilíocht tráchtála chéanna iad agus a bhfuil na tréithe teicniúla agus fisiceacha céanna acu, agus nach féidir iad a idirdhealú ó chéile;
- (i) ciallaíonn 'earra' ábhar agus táirge araon;
- (j) ciallaíonn 'monarú' aon chineál oibrithe nó próiseála lena n-áirítear cóimeáil;
- (k) ciallaíonn 'ábhar' aon chomhábhar, aon amhábhar, aon chomhpháirt nó aon pháirt etc., a úsáidtear chun an táirge a mhonarú;
- (l) ciallaíonn 'uasmhéid ábhair neamhthionscnaimh' an t-uasmhéid ábhair neamhthionscnaimh a cheadaítear chun a mheas gur leor an t-oibriú nó an phróiseáil a dhéantar sa mhonarú chun stádas tionscnaimh a thabhairt don táirge. Féadfar é a shloinneadh mar chéatadán de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó mar chéatadán de ghlanmheáchan na n-ábhar sin a úsáidtear, ábhair atá faoi ghrúpa sonraithe caibidlí, faoi chaibidil, faoi cheannteideal nó faoi fho-cheannteideal;
- (m) ciallaíonn 'táirge' an táirge atá á mhonarú, fiú amháin má tá sé ceaptha lena úsáid ina dhiaidh sin in oibríocht mhonaraíochta eile;
- (n) cuimsíonn 'críoch' críoch thalún, uiscí inmheánacha agus farraige theorann Pháirtí;
- (o) measfar gurb é an 'breisluach' praghas an táirge díreach ón monarcha lúide luach custaim gach ceann de na hábhair a ionchorpraítear, arb ábhair iad de thionscnamh na bPáirtithe Conarthacha eile a chuireann na rialacha i bhfeidhm, rialacha ar trína mbíthin a bhfuil carnadh infheidhme nó, i gcás nach eol an luach custaim nó nach féidir é a fháil amach, measfar gurb é an chéad praghas infhíoraithe é a íocadh as na hábhair sa Pháirtí is onnmhaireoir;

- (p) ciallaíonn 'luach na n-ábhar' an luach custaim tráth a allmhairítear na hábhair neamhthionscnaimh a úsáidtear, nó, murab eol sin agus nach féidir é a fháil amach, ciallaíonn sé an chéad phraghas infhíoraíthe a íocadh as na hábhair sa Pháirtí is onnmhaireoir. I gcás inar gá luach na n-ábhar tionscnaimh a bhunú, cuirfear an pointe seo i bhfeidhm *mutatis mutandis*.

TEIDEAL II

SAINMHÍNIÚ AN CHOINCHEAPA 'TÁIRGÍ TIONSCNAIMH'

Airteagal 2

Ceanglais ghinearálta

Chun an Comhaontú a chur chun feidhme, measfar gur de thionscnamh Páirtí na táirgí seo a leanas nuair a onnmhairítear chuig an bPáirtí eile iad:

- (a) táirgí a fuarthas go hiomlán i bPáirtí de réir bhrí Airteagal 3;
- (b) táirgí a fuarthas i bPáirtí a bhfuil ábhair iontu nach bhfuarthas go hiomlán sa Pháirtí sin, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil leordhóthanach ar na hábhair sin sa Pháirtí sin de réir bhrí Airteagal 4.

Airteagal 3

Táirgí a fuarthas go hiomlán

1. Measfar go bhfuarthas na táirgí seo a leanas go hiomlán i bPáirtí nuair a onnmhairítear chuig an bPáirtí eile iad:
- (a) táirgí mianracha agus uisce nádúrtha a eastósctar as ithir nó as grinneall farraige an Pháirtí sin;
- (b) plandaí, lena n-áirítear plandaí uisceacha agus táirgí glasraí a fhástar nó a bhuintear sa Pháirtí sin;
- (c) ainmhithe beo a rugadh agus a tógadh sa Pháirtí sin;
- (d) táirgí a fuarthas ó ainmhithe beo a tógadh sa Pháirtí sin;
- (e) táirgí a fuarthas ó ainmhithe maraithe a rugadh agus a tógadh sa Pháirtí sin;
- (f) táirgí a fuarthas de thoradh fiach nó iascaireacht a rinneadh sa Pháirtí sin;
- (g) táirgí do bharshaothraithe arb ó uibheacha, ó larbhaí, ó mhionéisc nó ó ghilidíní a rugadh nó a tógadh sa Pháirtí sin na crústaigh, na moilisc agus na hinveirteabraigh uisce eile;
- (h) táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile ar lasmuigh d'aon fharraige theorann a bhain soithí an Pháirtí sin;
- (i) táirgí a rinneadh ar bord longa próiseála an Pháirtí sin agus arb as na táirgí dá dtagraítear i bpointe (h) a rinneadh iad agus astu sin amháin;
- (j) earraí athláimhe a bailíodh sa Pháirtí sin agus nach bhfuil oiriúnach ach chun amhábhair a aisghabháil;
- (k) dramhaíl agus fuíoll a tháinig as oibríochtaí monaraithe a rinneadh sa Pháirtí sin;
- (l) táirgí a eastóscadh as grinneall na farraige nó as faoi ghrinneall na farraige atá lasmuigh dá fharraige theorann ach a bhfuil cearta eisiacha saothraithe aige;
- (m) earraí a táirgeadh sa Pháirtí sin agus arb earraí iad a táirgeadh as na táirgí a luaitear go sonracha i bpointí (a) go (l) agus as na táirgí sin amháin.
2. Ní bheidh feidhm ag na téarmaí 'soithí an Pháirtí sin' agus 'longa próiseála an Pháirtí sin' i bpointí (h) agus (i) de mhír 1 faoi seach ach amháin maidir le soithí agus longa próiseála a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:
- (a) go bhfuil siad cláraithe sa Pháirtí is onnmhaireoir nó sa Pháirtí is allmhaireoir;
- (b) gurb í bratach an Pháirtí is onnmhaireoir nó an Pháirtí is allmhaireoir a bhíonn ar foluain acu;
- (c) go gcomhlíonann siad ceann de na coinníollacha seo a leanas:
- (i) go bhfuil siad faoi úinéireacht 50 % ar a laghad ag náisiúnaigh den Pháirtí is onnmhaireoir nó den Pháirtí is allmhaireoir; nó
- (ii) gur le cuideachtaí iad:
- a bhfuil a bpríomhoifig agus a bpríomhionad gnó sa Pháirtí is onnmhaireoir nó sa Pháirtí is allmhaireoir; agus
 - go bhfuil siad faoi úinéireacht 50 % ar a laghad ag an bPáirtí is onnmhaireoir nó ag an bPáirtí is allmhaireoir nó ag eintitis phoiblí na bPáirtithe sin nó ag náisiúnaigh de na Páirtithe sin.

3. Chun críoch mhír 2, nuair is é an tAontas Eorpach an Páirtí is onnmhaireoir nó an Páirtí is allmhaireoir, ciallaíonn sé Ballstáit an Aontais Eorpaigh.
4. Chun críoch mhír 2, measfar go bhfuil Stáit CSTE ina bPáirtí Conarthach amháin a chuireann na rialacha i bhfeidhm.

Airteagal 4

Oibriú nó próiseáil leordhóthanach

1. Gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo ná d'Airteagal 6, táirgí nach bhfaightear go hiomlán i bPáirtí, measfar go ndearnadh oibriú nó próiseáil leordhóthanach orthu nuair a chomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos sa liosta in Iarscríbhinn II maidir leis na hearraí lena mbaineann.
2. Maidir le táirge a fuair stádas tionscnaimh i bPáirtí i gcomhréir le mír 1, má úsáidtear an táirge sin mar ábhar chun táirge eile a mhonarú, ní chuirfear san áireamh na hábhair neamhthionscnaimh arbh fhéidir gur úsáideadh iad chun é a mhonarú.
3. I gcás gach táirge, cinnfear cé acu a chomhlíontar ceanglais mhír 1 nó nach gcomhlíontar.

Os a choinne sin, i gcás ina mbeidh an riail ábhartha bunaithe ar chomhlíonadh uasmhéid d'ábhair neamhthionscnaimh, féadfaidh údaráis chustaim na bPáirtithe a údarú d'onnmhaireoirí praghas an táirge díreach ón monarcha agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a ríomh ar bhonn meánluachanna mar a leagtar amach i mír 4, d'fhonn na luaineachtaí i gcostais agus i rátaí airgeadra a chur san áireamh.

4. I gcás ina mbeidh feidhm ag an dara fomhír de mhír 3, ríomhfar meánphraghas an táirge díreach ón monarcha agus meánluach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh ar bhonn shuim na bpraghsanna díreach ón monarcha a gearradh maidir le díolacháin uile na dtáirgí a rinneadh le linn na bliana fiosaí roimhe sin agus ar bhonn shuim na n-ábhar neamhthionscnaimh uile a úsáideadh chun na dtáirgí sin a mhonarú le linn na bliana fiosaí roimhe sin mar a shainítear sa Pháirtí is onnmhaireoir, nó, i gcás nach mbeidh figiúirí le haghaidh bliain fhioscach iomlán ar fáil, le haghaidh tréimhse is lú, ar tréimhse nach lú ná 3 mhí í.
5. Onnmhaireoirí a shocróidh an ríomh a dhéanamh ar bhonn meánluachanna, cuirfidh siad an modh sin i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana tar éis na bliana fiosaí tagartha, nó, i gcás inarb iomchuí, le linn na bliana tar éis na tréimhse is giorra a úsáidtear mar thagairt. Féadfaidh siad stad den mhodh sin a chur i bhfeidhm i gcás ina dtugann faoi deara, le linn bliain fhioscach ar leith nó le linn tréimhse ionadaíoch is lú ná 3 mhí, go bhfuil deireadh leis na luaineachtaí i gcostais nó i rátaí airgeadra a thug údar cuí le modh den sórt sin a úsáid.
6. Úsáidfead na meánluachanna dá dtagraítear i mír 4 mar phraghas díreach ón monarcha agus mar luach na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi seach, chun a shuí go gcomhlíontar an t-uasmhéid ábhair neamhthionscnaimh.

Airteagal 5

Riail lamháltais

1. De mhaolú ar Airteagal 4 agus faoi réir mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, ábhair neamhthionscnaimh nach ceart, de réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa liosta in Iarscríbhinn II, iad a úsáid chun táirge áirithe a mhonarú, féadfar na hábhair sin a úsáid mar sin féin, ar choinníoll nach mó a nglanmheáchan iomlán nó a nglanluach iomlán arna measúnú le haghaidh an táirge ná:
 - (a) 15 % de ghlanmheáchan an táirge atá faoi Chaibidil 2 agus faoi Chaibidil 4 go 24, seachas táirgí iascaigh próiseáilte atá faoi Chaibidil 16;
 - (b) 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha i gcás táirgí seachas na dtáirgí sin a chumhdaítear le pointe (a).

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le dtáirgí atá faoi Chaibidil 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe, ar dtáirgí iad a mbeidh feidhm ag na lamháltais a luaitear i Nótaí 6 agus 7 d'Iarscríbhinn I maidir leo.

2. Le mír 1 den Airteagal seo ní cheadaítear dul thar aon cheann de na céatadáin maidir le huasmhéid ábhair neamhthionscnaimh mar a shonraítear sna rialacha a leagtar síos sa liosta in Iarscríbhinn II.

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir le táirgí a fhaightear go hiomlán i bPáirtí de réir bhrí Airteagal 3. Gan dochar d'Airteagal 6 agus d'Airteagal 9(1), áfach, beidh feidhm ag an lamháltas dá bhforáiltear sna forálacha sin maidir le táirgí arb ina leith a cheanglaítear leis an riail a leagtar síos sa liosta in Iarscríbhinn II, go bhfaighfear go hiomlán na hábhair a úsáidtear chun an táirge sin a mhonarú.

Airteagal 6

Oibriú nó próiseáil leordhóthanach

1. Gan dochar do mhír 2 den Airteagal seo, measfar nach leordhóthanach an t-oibriú ná an phróiseáil a dhéantar sna hoibríochtaí seo a leanas chun gur féidir stádas táirge tionscnaimh a thabhairt, bíodh ceanglais Airteagal 4 comhlíonta nó ná bídís:

- (a) oibríochtaí a chaomhnú chun a áirithiú go mbeidh dea-bhail ar na táirgí le linn iompair agus stórála;
- (b) briseadh agus cóimeáil pacáistí;
- (c) ní, glanadh; deannach, ocsaíd, ola, péint nó cumhdaigh eile a bhaint;
- (d) teicstílí a iarnáil nó a phreasáil;
- (e) oibríochtaí simplí péinteála agus snasúcháin;
- (f) rís a scillgeadh agus a mhuilleáil go páirteach nó go hiomlán; gránaigh agus rís a shnasú agus a ghlórnú;
- (g) oibríochtaí lena ndéantar siúcra a dhathú nó a bhlaistiú nó lena ndéantar cnapshiúcra; siúcra gránaithe a mheilt go páirteach nó ina iomláine;
- (h) torthaí, cnónna agus glasraí a scileadh, an craiceann a bhaint díobh agus na clocha a bhaint astu;
- (i) géarú, meilt shimplí nó gearradh simplí;
- (j) criathrú, scagadh, sórtáil, aicmiú, grádú, comhoiriúnú; (lena n-áirítear tacair earraí a dhéanamh);
- (k) an táirge a chur go simplí i mbuidéil, i gcannaí, i bhfleascáin, i málaí, i gcásanna, i mboscaí, a dhaingniú ar chartaí nó ar chláir, agus gach oibríocht pacáistithe shimplí eile;
- (l) marcanna, lipéid, suaitheantais agus comharthaí idirdhealaithe den chineál sin a ghreamú de tháirgí nó dá bpacáistíocht nó iad a phriontáil orthu;
- (m) táirgí a mheascadh go simplí, bídís ina dtáirgí de chineálacha éagsúla nó ná bídís;
- (n) siúcra a mheascadh le haon ábhar eile;
- (o) uisce a chur go simplí le táirgí nó iad a chaolú, a dhíhiodráitiú nó a dhínádú go simplí;
- (p) codanna d'earraí a chóimeáil go simplí chun earra iomlán a dhéanamh nó táirgí a dhíchóimeáil ina gcodanna;
- (q) ainmhithe a mharú;
- (r) teaglaim de dhá cheann nó níos mó de na hoibríochtaí a luaitear go sonrach i bpointí (a) go (q).

2. Na hoibríochtaí uile a dhéantar sa Pháirtí is onnmhaireoir ar tháirge áirithe, cuirfear san áireamh iad nuair a chinnfear an leordhóthanach an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh ar an táirge sin de réir bhrí mhír 1.

Airteagal 7

Carnadh tionscnaimh

1. Gan dochar d'Airteagal 2, measfar gur de thionscnamh an Pháirtí is onnmhaireoir táirgí a onnmhairítear chuig an bPáirtí eile más ansin a fuarthas iad, táirgí ina bhfuil ábhair de thionscnamh aon Pháirtí Conarthach a chuireann na rialacha i bhfeidhm seachas an Páirtí is onnmhaireoir ar choinníoll gur mó an t-oibriú nó an phróiseáil a dhéanfar sa Pháirtí is onnmhaireoir ná na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6. Ní bheidh sé riachtanach oibriú leordhóthanach ná próiseáil leordhóthanach a bheith déanta ar na hábhair sin.

2. I gcás nach mó an t-oibriú nó an phróiseáil a dhéantar sa Pháirtí is onnmhaireoir ná na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6, an táirge a fhaightear trí ábhair a bheith ann atá de thionscnamh aon Pháirtí Conarthach eile a chuireann na rialacha i bhfeidhm, measfar gur de thionscnamh an Pháirtí is onnmhaireoir é, ach amháin i gcás inar mó an breisluach ná luach na n-ábhar a úsáideadh de thionscnamh aon Pháirtí Conarthach eile a chuireann na rialacha i bhfeidhm. Murab amhlaidh atá, i dtaca leis an táirge a fuarthas measfar é a bheith de thionscnamh an Pháirtí Chonarthaigh a chuireann na rialacha i bhfeidhm lena mbaineann an luach is airde ábhar tionscnaimh a úsáideadh le linn na monaraíochta sa Pháirtí is onnmhaireoir.

3. Gan dochar d'Airteagal 2, agus gan táirgí atá faoi Chaibidlí 50 go 63 a áireamh, oibriú nó próiseáil a dhéantar i bPáirtí Conarthach a chuireann na rialacha i bhfeidhm seachas sa Pháirtí is onnmhaireoir measfar é a bheith déanta sa Pháirtí is onnmhaireoir nuair a dhéantar oibriú nó próiseáil ina dhiaidh sin ar na táirgí a fhaightear sa Pháirtí is onnmhaireoir sin.

4. Gan dochar d'Airteagal 2, i gcás táirgí atá faoi Chaibidlí 50 go 63 agus chun críche trádála fabhraí idir na Páirtithe, oibriú nó próiseáil a dhéantar sa Pháirtí is allmhaireoir, measfar é a bheith déanta sa Pháirtí is onnmhaireoir nuair a dhéantar oibriú nó próiseáil ina dhiaidh sin ar na táirgí sa Pháirtí is onnmhaireoir sin.

Chun críoch na míre seo, measfar go bhfuil na rannpháirtithe i bpróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na Moldóive ina bPáirtí amháin a chuireann na rialacha i bhfeidhm.

5. Féadfaidh na Páirtithe síneadh a chur le cur i bhfeidhm mhír 3 den Airteagal seo maidir le hallmhairiú táirgí atá faoi Chaibidlí 50 go 63 go haontaobhach. Páirtí a roghnóidh síneadh den sórt sin tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoi agus cuirfidh an Páirtí sin an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi i gcomhréir le hAirteagal 8(2).

6. Chun críche carnadh de réir bhrí mhíreanna 3 go 5 den Airteagal seo, ní mheasfar gur de thionscnamh an Pháirtí is onnmhaireoir na táirgí tionscnaimh ach amháin más mó an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh ná na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6.

7. Táirgí de thionscnamh ceann amháin de na Páirtithe Conarthacha a chuireann na rialacha i bhfeidhm dá dtagraítear i mír 1, ar táirgí iad nach ndearnadh aon oibriú ná aon phróiseáil orthu sa Pháirtí is onnmhaireoir, coinneoidh siad a stádas tionscnaimh má onnmhairítear iad chuig ceann de na Páirtithe Conarthacha eile a chuireann na rialacha i bhfeidhm.

Airteagal 8

Coinníollacha maidir le carnadh tionscnaimh a chur i bhfeidhm

1. Ní fhéadfar an carnadh dá bhforáiltear in Airteagal 7 a chur i bhfeidhm ach amháin ar choinníoll:

- go bhfuil comhaontú um thrádáil fhabhrach de réir Airteagal XXIV den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 (CGTT) infheidhme idir na Páirtithe Conarthacha a chuireann na rialacha i bhfeidhm atá rannpháirteach i stádas tionscnaimh a fháil agus an Páirtí Conarthach a chuireann na rialacha i bhfeidhm is ceann scríbe; agus
- go bhfuil stádas tionscnaimh tugtha d'earraí trí rialacha tionscnaimh a chur i bhfeidhm arb ionann iad agus na rialacha a leagtar amach sna Rialacha seo.

2. Fógraí ina sonraítear gur comhlíonadh na ceanglais is gá chun carnadh a chur i bhfeidhm, foilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C) agus i bhfoilseachán oifigiúil sa Chosaiv, i gcomhréir lena nósanna imeachta féin.

Beidh feidhm ag an gcarnadh dá bhforáiltear in Airteagal 7 ón dáta a shonraítear sna fógraí sin.

Soláthróidh na Páirtithe sonraí don Choimisiún Eorpach maidir leis na comhaontuithe ábhartha arna dtabhairt i gcrích le Páirtithe Conarthacha eile a chuireann na rialacha i bhfeidhm, lena n-áirítear dátaí theacht i bhfeidhm na Rialacha seo.

3. Ar an gcruithúnas tionscnaimh ba cheart an ráiteas seo i mBéarla a bheith mar chuid de 'CUMULATION APPLIED WITH (ainm an Pháirtí nó na bPáirtithe Conarthacha ábhartha a chuireann na rialacha i bhfeidhm, i mBéarla)' nuair is trí chur i bhfeidhm an charntha tionscnaimh i gcomhréir le Airteagal 7 a fuair na táirgí a stádas tionscnaimh.

I gcásanna ina n-úsáidfear deimhniú gluaiseachta EUR.1 mar chruithúnas tionscnaimh, is i mBosca 7 den deimhniú gluaiseachta EUR.1 a dhéanfar an ráiteas sin.

4. Féadfaidh na Páirtithe a chinneadh, i gcás na dtáirgí a onnmhairítear chucu, ar táirgí iad a fuair an stádas tionscnaimh sa Pháirtí is onnmhaireoir trí chnardh tionscnaimh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 7, go dtarscaoilfear an oibleagáid an ráiteas dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a chur ar an gcruthúnas ar thionscnamh ^(?).

Tabharfaidh na Páirtithe fógra faoin tarscaoileadh don Choimisiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 8(2).

Airteagal 9

An t-aonad cáilíochta

1. Is é a bheidh san aonad incháilitheachta le haghaidh chur i bhfeidhm na Rialacha seo an táirge sonracha a meastar gurb é an bunaonad é agus an t-aicmiú á chinneadh le hainmníocht an Chórais Comhchuibhithe. Dá bhrí sin:

- (a) i gcás ina ndéantar táirge, ar táirge é atá déanta as grúpa earraí nó as comhthiomsú earraí, a aicmiú faoi aon cheannteideal amháin de réir théarmaí an Chórais Comhchuibhithe, is é an táirge ina iomláine a bheidh san aonad incháilitheachta;
- (b) nuair is coinsíneacht é ina bhfuil líon táirgí combhionanna atá aicmithe faoi aon cheannteideal amháin den Chóras Comhchuibhithe, cuirfear gach táirge aonair san áireamh agus na Rialacha seo á gcur i bhfeidhm.

2. I gcás ina n-áireofar, faoi Riail Ghinearálta 5 den Chóras Comhchuibhithe, an phacáistíocht in éineacht leis an táirge chun críoch aicmithe, áireofar í chun an áit tionscnaimh a chinneadh.

3. Gabhálaís, páirteanna breise agus uirlisí a sheoltar in éineacht le píosa trealaimh, meaisín, fearas nó feithicil, ar cuid den ghnáth-threalamh iad agus atá ar áireamh i bpraghas an ghnáth-threalaimh díreach ón monarcha, measfar gur cuid den fhíosa trealaimh, den inneall, den fhearas nó den fheithicil sin iad.

Airteagal 10

Tacair

Maidir le tacair, mar a shainmhínítear i Riail Ghinearálta 3 den Chóras Comhchuibhithe iad, measfar gur tacair tionscnaimh iad más páirteanna tionscnaimh na páirteanna uile iontu.

Dá ainneoin sin, nuair is tacar é atá comhdhéanta de tháirgí tionscnaimh agus de tháirgí neamhthionscnaimh measfar gur tacar tionscnaimh an tacar ina iomláine, ar choinníoll nach mó luach na dtáirgí neamhthionscnaimh ná 15 % de phraghas an tacair díreach ón monarcha.

Airteagal 11

Eilimintí neodracha

Chun a chinneadh an táirge tionscnaimh é an táirge, ní chuirfear san áireamh tionscnamh na nithe seo a leanas is féidir a úsáid le linn an mhonaraithe:

- (a) fuinneamh agus breosla;
- (b) gléasra agus trealamh;
- (c) meaisíní agus uirlisí;
- (d) aon earra eile nach dtéann isteach agus nach bhfuil ceaptha dul isteach i gcomhdhéanamh deiridh an táirge.

Airteagal 12

Deighilt chuntasaíochta

1. Má úsáidtear ábhair idirmhalartacha tionscnaimh agus neamhthionscnaimh le linn oibriú nó próiseáil táirge, is féidir le hoibreoirí eacnamaíoch a áirithiú go ndéanfar ábhair a bhainistiú trí úsáid a bhaint as an modh deighilte cuntasaíochta, gan na hábhair a choimeád ar stoic ar leithligh.

^(?) Maidir leis an oibleagáid an ráiteas dá dtagraítear i Airteagal 8(3) a chur ar an gcruthúnas ar thionscnamh, comhaontaíonn na páirtithe an oibleagáid sin a tharscaoileadh.

2. Is féidir le hoibreoirí eacnamaíocha bainistiú táirgí idirmhálartacha tionscnaimh agus neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal 1701 a áirithiú trí úsáid a bhaint as an modh deighilte cuntasaíochta, gan na táirgí a choimeád ar stoic ar leithligh.

3. Féadfaidh na Páirtithe ceanglas a leagan síos go gcuirfear deighilt chuntasaíochta i bhfeidhm ach údarú a fháil roimh ré ó na húdaráis Chustaim. Féadfaidh na húdaráis Chustaim an t-údarú a dheonú faoi réir aon choinníoll a mheasann siad a bheith iomchuí agus déanfaidh siad faireachán ar an úsáid a bhainfear as an údarú. Féadfaidh na húdaráis Chustaim an t-údarú a tharraingt siar aon uair a bhainfidh an tairbhí úsáid mhíchuí as an údarú ar aon bhealach nó aon uair a mhainneoidh sé aon cheann de na coinníollacha eile a leagtar síos sna Rialacha seo a chomhlíonadh.

Ní fhéadfar úsáid a bhaint as an deighilt chuntasaíochta ach amháin más féidir a áirithiú, aon tráth, nach mó an líon táirgí a mheastar mar 'tháirgí de thionscnamh an Pháirtí is onnmhaireoir' ná mar a mheasfaí dá n-úsáidí modh deighilte fisicí le haghaidh na stoc.

Cuirfear an modh i bhfeidhm agus taifeadfar a chur i bhfeidhm ar bhonn na bprionsabal cuntasaíochta ginearálta is infheidhme sa Pháirtí is onnmhaireoir.

4. Tairbhí an mhodha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, soláthróidh sé cruthúnais tionscnaimh le haghaidh chainníocht na dtáirgí a bhféadfaí a mheas gur de thionscnamh an Pháirtí is onnmhaireoir iad, nó cuirfidh sé isteach ar na cruthúnais tionscnaimh sin. Arna iarraidh sin do na húdaráis chustaim, soláthróidh an tairbhí ráiteas faoin gcaoi ar bainistíodh na cainníochtaí.

TEIDEAL III

CEANGLAIS CHRÍOCHACHA

Airteagal 13

Prionsabal an chríochachais

1. Déanfar na coinníollacha a leagtar amach i dTeideal II a chomhlíonadh gan bhriseadh sa Pháirtí lena mbaineann.
2. Má dhéantar táirgí tionscnaimh a onnmhairíodh ó Pháirtí go tír eile a chur ar ais, measfar gur táirgí neamhthionscnaimh iad, mura féidir an méid seo a leanas a léiriú chun sástacht na n-údarás custaim:
 - (a) gurb iad na táirgí céanna iad siúd a cuireadh ar ais agus iad siúd a onnmhairíodh; agus
 - (b) nach ndearnadh aon oibríocht orthu thar mar is gá chun bail mhaith a choimeád orthu le linn dóibh a bheith sa tír sin nó le linn a n-onnmhairithe.
3. Maidir le hoibriú nó próiseáil a dhéantar lasmuigh den Pháirtí is onnmhaireoir, ar ábhair a onnmhairítear ón bPáirtí sin agus a ath-allmhairítear chuige ina dhiaidh sin, ní dhéanfaidh an méid sin difear do stádas tionscnaimh a fháil i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i dTeideal II, ar choinníoll:
 - (a) go bhfuarthas na hábhair sin ina n-iomláine sa Pháirtí is onnmhaireoir nó go ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu thar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6 sular onnmhairíodh iad; agus
 - (b) gur féidir a léiriú chun sástacht na n-údarás custaim:
 - (i) go bhfuarthas na táirgí a ath-allmhairíodh trí oibriú nó próiseáil a dhéanamh ar na hábhair a onnmhairíodh; agus
 - (ii) nach bhfuil an breisluach iomlán a fuarthas lasmuigh den Pháirtí is onnmhaireoir, tríd an Airteagal seo a chur i bhfeidhm, níos mó ná 10 % den phraghas díreach ón monarcha le haghaidh an táirge deiridh dá maítear an stádas tionscnaimh.
4. Chun críoch mhír 3 den Airteagal seo, na coinníollacha a leagtar amach i dTeideal II maidir le stádas tionscnaimh a fháil, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha sin maidir le hoibriú nó próiseáil a dhéantar lasmuigh den Pháirtí is onnmhaireoir. Mar sin féin, i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm, sa liosta in Iarscríbhinn II, riail chun stádas tionscnaimh an táirge deiridh a chinneadh lena socraítear luach uasta na n-ábhar neamhthionscnaimh a ionchorpraítear, ní bheidh luach iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh a ionchorpraítear i gcríoch an Pháirtí is onnmhaireoir, in éineacht leis an mbreisluach iomlán a fuarthas lasmuigh den Pháirtí sin tríd an Airteagal seo a chur i bhfeidhm, ní bheidh sé níos mó ná an céatadán atá luaite.

5. Chun míreanna 3 agus 4 a chur i bhfeidhm, measfar go gciallaíonn 'breisluach iomlán' gach costas arna thabhtú lasmuigh de Pháirtí is onnmhaireoir, lena n-áirítear luach na n-ábhar a ionchorpraítear ansin.
6. Míreanna 3 ná 4 den Airteagal seo, ní bheidh feidhm acu maidir le táirgí nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa liosta in Iarscríbhinn II ná maidir le táirgí nach féidir a mheas go ndearnadh oibriú nó próiseáil leordhóthanach orthu ach amháin má chuirtear an lamháltas ginearálta a shocraítear in Airteagal 5 i bhfeidhm.
7. Is faoi na socruithe próiseála amach, nó faoi shocruithe comhchosúla, a dhéantar aon oibriú nó próiseáil den sórt a chumhdaítear leis an Airteagal seo agus a dhéantar lasmuigh den Pháirtí is onnmhaireoir.

Airteagal 14

Neamhathrú

1. Ní bheidh feidhm leis an gcóir fhabhrach dá bhforáiltear faoin gComhaontú ach maidir le táirgí a shásóidh ceanglais na Rialacha seo agus a dhearbhfófar le haghaidh allmhairiú i bPáirtí, ar choinníoll gurb iad sin na táirgí céanna a onnmhairíodh ón bPáirtí is onnmhaireoir. Ní bheidh athrú ná claochlú déanta ar na hearraí ar aon bhealach ná ní bheidh oibríochtaí déanta orthu ach amháin chun dea-bhail a choinneáil orthu nó chun marcanna, lipéid, séaláí nó aon doiciméad a chur leo nó a ghreamú díobh lena áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais intíre shonracha de chuid an Pháirtí is allmhaireoir arna ndéanamh faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír (sna tríú tíortha) idirthurais, nó chun iad a roinnt sula ndéantar iad a dhearbhtú le haghaidh úsáid intíre.
2. Féadfar táirgí nó coinsíneachtaí a stóráil ar choinníoll go bhfanfaidh siad faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír (sna tríú tíortha) idirthurais.
3. Gan dochar do Theideal V den Fhoscríbhinn seo, féadfar táirgí nó coinsíneachtaí a roinnt ar choinníoll go bhfanfaidh siad faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír (sna tríú tíortha) ina ndéantar an roinnt.
4. I gcás amhrais, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir, aon tráth, a iarraidh ar an allmhaireoir nó ar a ionadaí gach doiciméad iomchuí a chur faoina bhráid chun fianaise a sholáthar go bhfuil an tAirteagal seo á chomhlíonadh, fianaise is féidir a sholáthar trí aon fhianaise dhoiciméadach, agus go háirithe ar na dóigheanna seo a leanas:
 - (a) doiciméid iompair chonarthacha amhail billí luchtá;
 - (b) fianaise fhíorasach nó nithiúil atá bunaithe ar mharcáil nó uimhriú pacáistí;
 - (c) deimhniú neamhchúblála arna sholáthar ag údarais chustaim na tíre (na dtíortha) idirthurais nó na tíre (na dtíortha) ina ndéantar an roinnt, nó aon doiciméid eile a léiríonn gur fhan na hearraí faoi mhaoirseacht chustaim sa tír (sna tíortha) idirthurais nó sa tír (sna tíortha) ina ndearnadh an roinnt; nó
 - (d) aon fhianaise a bhaineann leis na hearraí féin.

Airteagal 15

Taispeántais

1. Táirgí tionscnaimh a sheoltar lena dtaispeánt i dtír seachas tír a bhfuil an carnadh infheidhme maidir léi i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 agus a dhíoltar tar éis an taispeántais lena n-allmhairiú isteach i bPáirtí, beidh an comhaontú ábhartha ina shochar acu tráth a n-allmhairithe ar choinníoll go léireofar chun sástacht na n-údarás custaim:
 - (a) gur choinsínigh onnmhaireoir na táirgí ó Pháirtí chuig an tír ina raibh an taispeántas ar siúl agus gur thaispeáin sé ann iad;
 - (b) go ndearna an t-onnmhaireoir sin na táirgí a dhíol nó a dhiúscairt ar dhóigh eile le duine i bPáirtí eile;
 - (c) gur coinsíníodh na táirgí, le linn an taispeántais nó go díreach tar éis an taispeántais sa stát ar seoladh isteach ann iad lena dtaispeánt; agus
 - (d) nár úsáideadh na táirgí, ó coinsíníodh iad lena dtaispeánt, chun aon chríoch seachas chun iad a léiriú ag an taispeántas.

2. Eiseofar cruthúnas ar thionscnamh nó tarraingeofar suas cruthúnas ar thionscnamh i gcomhréir le Teideal V den Fhoscríbhinn seo agus a chur isteach chuig údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir ar an ngnáthmhodh. Beidh ainm agus seoladh an taispeántais luaite air. Más gá, féadfar fianaise dhoiciméadach eile a éileamh maidir leis na coinníollacha inar taispeánadh iad.

3. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le haon taispeántas trádála, tionscail, talmhaíochta nó ceardaíochta, aon aonach nó léiriú nó taispeántas poiblí comhchosúil nach n-eagraítear chun críoch príobháideach i siopaí nó in áitribh ghnó d'fhonn táirgí eachtracha a dhíol agus a bhfanann na táirgí faoi rialú custaim ann.

TEIDEAL IV

AISIÓCAÍOCHT NÓ DÍOLÚINE

Airteagal 16

Aisíocaíocht dleachtanna custaim nó díolúine uathu

1. Ábhair neamhthionscnaimh a mbaintear úsáid astu i monarú táirgí a thagann faoi Chaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe, ar táirgí de thionscnamh Páirtí iad a ndéantar cruthúnas ar thionscnamh a eisiúint nó a tharraingt suas ina leith i gcomhréir le Teideal V den Fhoscríbhinn seo, ní dhéanfar dleachtanna custaim d'aon chineál a aisíoc maidir leis na hábhair sin, ná ní thabharfar díolúine uathu, sa Pháirtí is onnmhaireoir.

2. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le haon socrú chun aisíoc, loghadh nó neamhíocaíocht a dhéanamh, go pointe áirithe nó go hiomlán, ar dhleachtanna custaim, nó ar mhuirir a bhfuil éifeacht choibhéseach acu, is infheidhme sa Pháirtí is onnmhaireoir maidir le hábhair a úsáidtear sa mhonarú, má tá feidhm ag an aisíoc, an loghadh nó an neamhíocaíocht sin, go sainráite nó iarbhrí, sa chás go n-onnmhairítear táirgí a fhaightear ó na hábhair sin seachas iad a choinneáil ansin le haghaidh úsáid intíre.

3. Beidh onnmhaireoir na dtáirgí atá cumhdaithe ag cruthúnas tionscnaimh ullamh tráth ar bith chun gach doiciméad iomchuí a chur faoi bhráid na n-údarás custaim, arna iarraidh sin dóibh, lena gcruthaítear nach bhfuarthas aon aisíocaíocht i leith na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh chun na táirgí lena mbaineann a mhonarú agus gur íocadh, iarbhrí, gach dleacht custaim nó muirear a bhfuil éifeacht choibhéseach aige is infheidhme maidir le hábhair den sórt sin.

4. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 den Airteagal seo maidir le trádáil idir na Páirtithe i gcás táirgí a fuair stádas tionscnaimh trí chnádadh tionscnaimh a chur i bhfeidhm mar a chumhdaítear in Airteagal 7(4) nó (5).

TEIDEAL V

CRUTHÚNAS TIONSCNAIMH

Airteagal 17

Ceanglais ghinearálta

1. Beidh forálacha an Chomhaontaithe ina sochar ag táirgí de thionscnamh ceann de na Páirtithe tráth a allmhaireofar isteach sa Pháirtí eile iad má chuirtear isteach ceann amháin de na cruthúnais ar thionscnamh seo a leanas:

- deimhniú gluaiseachta EUR.1, a bhfuil sampla de in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an bhFhoscríbhinn seo;
- sna cásanna a shonraítear in Airteagal 18(1), dearbhú, dá ngairtear an 'dearbhu tionscnaimh' anseo feasta, arna thabhairt ag an onnmhaireoir ar shonrasc, ar nóta seachadta nó ar aon doiciméad tráchtála eile ina bhfuil tuairisc ar na táirgí lena mbaineann agus atá mionsonraithe go leor chun iad a shainithint; tá téacs an dearbhaithe tionscnaimh in Iarscríbhinn III den Fhoscríbhinn seo.

2. D'ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, i dtaca le táirgí tionscnaimh de réir bhrí na Rialacha seo, tairbheoidh na táirgí sin d'fhorálacha an Chomhaontaithe sna cásanna a shonraítear in Airteagal 27 gan aon ghá a bheith le haon cheann de na cruthúnais tionscnaimh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur isteach.

3. Gan dochar do mhír 1, féadfaidh na Páirtithe aontú, ar mhaithe le trádáil fhabhrach eatarthu, go ndéanfar ráitis ar thionscnamh arna dtarraingt suas ag onnmhaireoirí atá cláraithe i mbunachar sonraí leictreonach, i gcomhréir le reachtaíocht inmheánach na bPáirtithe, a chur in ionad na gcruthúnas ar thionscnamh a liostaítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1.

I dtaca le ráiteas tionscnaimh a úsáid, ráiteas arna tharraingt suas ag na honnmhaireoirí atá cláraithe i mbunachar sonraí leictreonach atá comhaontaithe ag dhá pháirtí nó níos mó de na Páirtithe Conarthacha a chuireann na rialacha i bhfeidhm, ní chuirfidh sé bac ar an úsáid a bhaintear as carnadh trasnánach le páirtithe eile de na Páirtithe Conarthacha a chuireann na rialacha i bhfeidhm.

4. Chun críoch mhír 1, féadfaidh na Páirtithe aontú córas a bhunú lena gceadaítear cruthúnais ar thionscnamh a liostaítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1 a eisiúint go leictreonach agus/nó a chur isteach go leictreonach.

5. Chun críoch Airteagal 7, i gcás ina gcuirtear Airteagal 8(4) i bhfeidhm, an t-onnmhaireoir i bPáirtí Conarthach a chuireann na rialacha i bhfeidhm, a eiseoidh cruthúnas tionscnaimh nó a dhéanfaidh iarratas ar chruthúnas tionscnaimh ar bhonn cruthúnas tionscnaimh eile a tarscaoileadh ón oibleagáid an ráiteas in Airteagal 8(3) a chur san áireamh, déanfaidh sé gach beart is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le carnadh a chur i bhfeidhm agus beidh sé ullamh chun na doiciméid ábhartha uile a chur faoi bhráid na n-údarás custaim.

Airteagal 18

Coinníollacha maidir le dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas

1. Is féidir leis na daoine seo a leanas dearbhú tionscnaimh dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 17(1) a tharraingt suas:

(a) onnmhaireoir formheasta de réir bhrí Airteagal 19; nó

(b) aon onnmhaireoir i gcás aon choinsíneacht arb éard atá inti pacáiste amháin nó níos mó ina bhfuil táirgí tionscnaimh nach mó a luach iomlán ná EUR 6 000.

2. Féadfar dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas más féidir a mheas gur de thionscnamh Páirtí Conarthach a chuireann na rialacha i bhfeidhm iad na táirgí agus má chomhlíonann siad na ceanglais eile atá sna Rialacha seo.

3. An t-onnmhaireoir a tharraingíonn suas dearbhú tionscnaimh, beidh sé réidh ag aon tráth, arna iarraidh sin d'údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir, na doiciméid iomchuí uile a chur isteach lena gcruthaítear stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann chomh maith le comhlíonadh na gceanglas eile atá sna Rialacha seo.

4. Is é an t-onnmhaireoir a tharraingeoidh an dearbhú tionscnaimh suas tríd an dearbhú, a bhfuil a théacs in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo, a chlósáil, a stampáil nó a phriontáil ar an sonrasc, ar an nóta seachadta nó ar aon doiciméad tráchtála eile, ag úsáid ceann de na leaganacha teanga a leagtar amach san Iarscríbhinn sin i gcomhréir le forálacha dhlí náisiúnta na tíre onnmhairithe. Má dhéantar an dearbhú a scríobh de láimh, is le dúch agus le carachtair phriontáilte a dhéanfar sin.

5. Beidh bunsíniú an onnmhaireora lámhscríofa ar dhearbhuithe tionscnaimh. Dá ainneoin sin, ní bheidh ar onnmhaireoir atá formheasta de réir bhrí Airteagal 19 na dearbhuithe sin a shíniú ar choinníoll go dtugann sé gealltanais i scríbhinn d'údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir go nglacann sé freagracht iomlán as aon dearbhú tionscnaimh ar a bhfuil sé aitheanta, mar a bheadh sé sínithe de láimh aige.

6. Féadfaidh an t-onnmhaireoir dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas tráth a onnmhaireofar na táirgí a mbaineann sé leo, nó tar éis a n-onnmhairithe (an 'dearbhu tionscnaimh cúlghabhálach') ar choinníoll go gcuirfeair i láthair é sa tír allmhairiúcháin laistigh de 2 bhliain tar éis allmhairiú na dtáirgí a mbaineann sé leo.

I gcás ina ndéantar na coinsíneachtaí a roinnt i gcomhréir le hAirteagal 14(3) agus ar choinníoll go n-urramaítear an sprioc-am céanna de 2 bhliain, déanfaidh onnmhaireoir formheasta Pháirtí onnmhairithe na dtáirgí an dearbhú tionscnaimh cúlghabhálach a tharraingt suas.

Airteagal 19

Onnmhaireoir formheasta

1. Féadfaidh údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir, faoi réir na gceanglas náisiúnta, aon onnmhaireoir atá bunaithe sa Pháirtí sin (an 't-onnmhaireoir formheasta'), a údarú chun dearbhuithe tionscnaimh a tharraingt suas gan beann ar luach na dtáirgí lena mbaineann.

2. Ní mór don onnmhaireoir a iarann údarú den sórt sin, na ráthaíochtaí uile a tabhairt, chun sástacht na n-údarás custaim, is gá chun a fhíoriú go bhfuil stádas tionscnaimh ag na táirgí agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá sna Rialacha seo.

3. Tabharfaidh údaráis chustaim na tíre onnmhairithe uimhir údarúcháin chustaim don onnmhaireoir formheasta, agus beidh an uimhir sin le feiceáil ar an dearbhú tionscnaimh.
4. Déanfaidh na húdaráis chustaim a fhíorú go mbaintear úsáid chuí as an údarú. Féadfaidh siad an t-údarú a tharraingt siar má bhaineann an t-onnmhaireoir formheasta úsáid mhíchuí as agus déanfaidh siad amhlaidh mura dtugann an t-onnmhaireoir formheasta na ráthaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 a thuilleadh.

Airteagal 20

Nós imeachta maidir le deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint

1. Eiseoidh údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir deimhniú gluaiseachta EUR.1 ar iarratas i scríbhinn ón onnmhaireoir nó, faoi fhreagracht an onnmhaireora, óna ionadaí údaraithe.
2. Chun na críche sin, déanfaidh an t-onnmhaireoir nó a ionadaí údaraithe an deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus an fhoirm iarratais araon a líonadh isteach, nithe a bhfuil samplaí díobh in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo. Líonfar isteach na foirmeacha sin i gceann éigin de na teangacha inar tarraingíodh suas an Comhaontú agus i gcomhréir le forálacha dhlí náisiúnta na tíre is onnmhaireoir. Má dhéantar an dearbhú a scríobh de láimh, is le dúch agus le carachtair phriontáilte a dhéanfar sin. Cuirfear an tuairisc ar na táirgí sa bhosca atá ann chun na críche sin gan aon líne a fhágáil bán. Mura mbeidh an bosca líonta isteach ina iomláine, tarraingeofar líne chothrománach faoi bhun líne dheireanach na tuairisce agus crosálfar an spás bán.
3. Beidh an ráiteas i mBéarla 'TRANSITIONAL RULES' i mbosca 7 den deimhniú gluaiseachta EUR.1.
4. Déanfaidh an t-onnmhaireoir atá ag cur iarratas isteach ar eisiúint deimhniú gluaiseachta EUR.1, tráth ar bith, arna iarraidh sin d'údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir ina n-eisítear an deimhniú gluaiseachta EUR.1, na doiciméid iomchuí uile a chur ar fáil ina bhfuil cruthúnas go bhfuil stádas tionscnaimh ag na táirgí lena mbaineann agus gur comhlíonadh na ceanglais eile atá sna Rialacha seo.
5. Eiseoidh údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir deimhniú gluaiseachta EUR.1 más féidir a mheas gur táirgí tionscnaimh iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá sna Rialacha seo.
6. Déanfaidh na húdaráis chustaim a eiseoidh na deimhnithe gluaiseachta EUR.1 aon bheart is gá chun stádas tionscnaimh na dtáirgí agus comhlíonadh na gceanglas eile atá sna Rialacha seo a fhíorú. Chun na críche sin, beidh sé de cheart acu aon fhianaise a iarraidh agus aon imscrúdú a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó tabhairt faoi aon seiceáil eile a mheasfar a bheith iomchuí. Áiríteoidh siad freisin gur líonadh isteach go hiomchuí na foirmeacha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo. Go háirithe, seiceálfaidh siad ar líonadh isteach an spás don tuairisc ar na táirgí ar bhealach nach féidir cur leis go calaoiseach in aon chor.
7. Beidh dáta eisiúna an deimhnithe gluaiseachta EUR.1 luaite i mBosca 11 den deimhniú gluaiseachta EUR.1.
8. Eiseoidh na húdaráis chustaim deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus cuirfear ar fáil don onnmhaireoir é a luaithe a bheidh fíor-onnmhairiú déanta nó áirithithe.

Airteagal 21

Deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a eisítear go cúlghabhálach

1. D'ainneoin Airteagal 20(8), féadfar deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint tar éis onnmhairiú na dtáirgí lena mbaineann sé más rud é:
 - (a) nár eisíodh é tráth an onnmhairithe de dheasca earráidí nó easnaimh neamhdheonacha nó dálaí eisceachtúla;
 - (b) go léireofar chun sástacht na n-údarás custaim gur eisíodh deimhniú gluaiseachta EUR.1 ach nár glacadh é tráth an allmhairithe ar chúiseanna teicniúla;

- (c) nárbh eol ceann scríbe na dtáirgí lena mbaineann tráth an onnmhairithe agus gur cinneadh é le linn a n-iompair nó a stórála, agus i ndiaidh coinsíneachtaí a roinnt, más rud é gur roinneadh iad, i gcomhréir le hAirteagal 14(3);
- (d) gur eisíodh deimhniú gluaiseachta EUR.1 nó EUR.MED i gcomhréir le rialacha an Choinbhinsiúin réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara maidir le táirgí ar táirgí tionscnaimh freisin iad i gcomhréir leis na Rialacha seo; déanfaidh an t-onnmhaireoir gach beart is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le carnadh a chur i bhfeidhm agus beidh sé ullamh chun na doiciméid ábhartha uile lena gcruthaítear go bhfuil stádas tionscnaimh ag an táirge i gcomhréir leis na rialacha seo a chur faoi bhráid na n-údarás custaim; nó
- (e) gur eisíodh deimhniú gluaiseachta EUR.1 ar bhonn Airteagal 8(4) agus gur gá Airteagal 8(3) a chur i bhfeidhm tráth an allmhairithe i bPáirtí Conarthach a chuireann na rialacha i bhfeidhm eile.

2. Chun mír 1 a chur chun feidhme, luafaidh an t-onnmhaireoir ina iarratas áit agus dáta onnmhairithe na dtáirgí a mbaineann an deimhniú gluaiseachta EUR.1 leo agus na cúiseanna atá lena iarratas.

3. Ní fhéadfaidh na húdaráis chustaim deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint go cúlghabhálach ach amháin tar éis dóibh a fhíorú go bhfuil an fhaisnéis atá in iarratas an onnmhaireora ag teacht leis an bhfaisnéis sa chomhad a chomhfhreagraíonn don iarratas sin, agus féadfaidh siad an deimhniú sin a eisiúint laistigh de 2 bhliain ó dháta an onnmhairithe.

4. I dteannta an cheanglais faoi Airteagal 20(3), beidh an frása seo a leanas scríofa i mBéarla mar fhormhuiniú ar dheimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisítear go cúlghabhálach: 'ISSUED RETROSPECTIVELY'.

5. Cuirfear an formhuiniú dá dtagraítear i mír 4 isteach i mBosca 7 den deimhniú gluaiseachta EUR.1.

Airteagal 22

Dúblach de dheimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint

1. Má goideadh, má cailleadh nó má scriosadh deimhniú gluaiseachta EUR.1, féadfaidh an t-onnmhaireoir iarratas a chur isteach chuig na húdaráis chustaim a d'eisigh é ar dhúblach a tharraingeofar suas ar bhonn na ndoiciméad onnmhairithe atá ina seilbh.

2. I dteannta an cheanglais faoi Airteagal 20(3), beidh an focal seo a leanas scríofa i mBéarla mar fhormhuiniú ar an dúblach a eisíofar i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo: 'DUPLICATE'.

3. Cuirfear an formhuiniú dá dtagraítear i mír 2 isteach i mBosca 7 de chuid dhúblach an deimhnithe gluaiseachta EUR.1.

4. Beidh dáta eisiúna an bhundeimhnithe gluaiseachta EUR.1 scríofa ar an dúblach agus beidh feidhm aige ón dáta sin ar aghaidh.

Airteagal 23

Bailíocht an chruthúnais tionscnaimh

1. Beidh cruthúnas ar thionscnamh bailí go ceann deich mí tar éis an dáta a eisítear nó a tarraingítear suas é sa Pháirtí is onnmhaireoir agus déanfar é a chur faoi bhráid údarás chustaim an Pháirtí is allmhaireoir laistigh den tréimhse sin.

2. Cruthúnais ar thionscnamh a chuirfear faoi bhráid údarás chustaim an Pháirtí is allmhaireoir tar éis na tréimhse bailíochta dá dtagraítear i mír 1, féadfar iad a ghlacadh chun fabhair tharaife a chur i bhfeidhm más de thoradh imthosca eisceachtúla nár cuireadh na doiciméid sin isteach faoin dáta deiridh a bhí socraithe.

3. I gcásanna eile ina dtíolactar na doiciméid sin go déanach, féadfaidh údarás chustaim an Pháirtí is allmhaireoir cruthúnais ar thionscnamh a ghlacadh i gcás inar taispeánadh na táirgí don lucht custaim roimh an dáta deiridh sin.

*Airteagal 24***Saorchriosanna**

1. I gcás táirgí atá á dtrádáil faoi chumhdach cruthúnais ar thionscnamh agus atá ag dul, le linn a n-iompair, trí shaorchrios ina gcríoch, déanfaidh na Páirtithe gach beart is gá chun a áirithiú nach gcuirfear earraí eile ina n-ionad agus nach ndéanfar láimhseáil orthu seachas gnáthoibríochtaí atá ceaptha meathlú orthu a chosc.
2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina ndéanfar táirgí de thionscnamh Páirtí Chonarthaigh a chuireann na rialacha i bhfeidhm a allmhairiú isteach i saorchrios faoi chumhdach cruthúnais tionscnaimh agus go ndéantar cóireáil nó próiseáil orthu, féadfar cruthúnas tionscnaimh nua a eisiúint nó a tharraingt suas, má chomhlíonann an chóireáil nó an phróiseáil a rinneadh na Rialacha seo.

*Airteagal 25***Ceanglais allmhairiúcháin**

Cuirfear cruthúnas ar thionscnamh faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme sa Pháirtí sin.

*Airteagal 26***Allmhairiú i dtráthchodanna**

I gcás ina ndéanfar, arna iarraidh sin don allmhaireoir agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos ag údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir, táirgí atá díchoimeáilte nó neamhchoimeáilte de réir bhrí Rial Ghinearálta 2(a) um léirmhíniú ar an gCóras Comhchuibhithe faoi chuimsiú Roinn XVI agus Roinn XVII nó cheannteideal 7308 agus cheannteideal 9406, i gcás ina ndéanfar táirgí den sórt sin a allmhairiú i dtráthchodanna, cuirfear aon chruthúnas ar thionscnamh amháin faoi bhráid na n-údarás custaim tráth a allmhaireofar an chéad tráthchuid.

*Airteagal 27***Díolúine ón gcruthúnas tionscnaimh**

1. Táirgí a sheolfar ina bpacáistí beaga ó dhaoine príobháideacha chuig daoine príobháideacha nó atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaí, ligfear isteach i gcáil táirgí tionscnaimh iad gan cruthúnas tionscnaimh a bheith curtha isteach, ar choinníoll nach bhfuil na táirgí sin á n-allmhairiú lena dtrádáil agus gur dearbhaíodh go gcomhlíonann siad ceanglais na Rialacha seo agus nach bhfuil aon amhras ann ná go bhfuil an dearbhú sin fíor.
2. Ní mheasfar i leith allmhairí gur allmhairí lena dtrádáil iad má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (a) gur allmhairí ócáideacha iad;
 - (b) nach bhfuil sna hallmhairí ach táirgí le haghaidh úsáid phearsanta na bhfaighteoirí nó na dtaistealaithe nó a dteaghlaigh amháin;
 - (c) más léir ar chineál agus ar chainníocht na dtáirgí nach bhfuil aon chríoch thrádála beartaithe dóibh.
3. Ní ceadmhach luach iomlán na dtáirgí sin a bheith os cionn EUR 500 i gcás pacáistí beaga nó EUR 1 200 i gcás táirgí atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaí.

*Airteagal 28***Neamhréireachtaí agus earráidí foirmiúla**

1. I gcás ina dtiocfar ar neamhréitigh bheaga idir na ráitis a rinneadh sa chruthúnas ar thionscnamh agus na ráitis a rinneadh sna doiciméid a cuireadh isteach chuig an oifig chustaim chun na foirmiúlachtaí a chomhlíonadh maidir leis na táirgí sin a allmhairiú, ní chuirfidh sin an cruthúnas ar thionscnamh ar neamhní ar fad ipso facto má chruthaítear go hiomchuí go bhfreagraíonn an doiciméad sin do na táirgí a cuireadh isteach.
2. Earráidí ar léir gur earráidí foirmiúla iad amháin earráidí cló ar chruthúnas tionscnaimh, ní dhiúltofar do na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin dá ndeasca mura cúis amhrais iad maidir le cruinneas na ráiteas atá sna doiciméid sin.

*Airteagal 29***Dearbhuithe soláthraí**

1. Nuair a eisítear deimhniú gluaiseachta EUR.1 i bPáirtí nó nuair a tharraingítear suas dearbhú tionscnaimh le haghaidh táirgí tionscnaimh, ar úsáideadh lena monarú, i gcomhréir le hAirteagal 7(3) nó Airteagal 7(4), earraí de thionscnamh Páirtí Chonarthaigh eile a chuireann na rialacha i bhfeidhm, arb earraí iad ar a ndearnadh oibriú nó próiseáil sa Pháirtí Conarthach sin gan stádas tionscnaimh fabhrach a fháil, cuirfear san áireamh an dearbhú soláthraí a tugadh i leith na n-earraí sin i gcomhréir leis an Airteagal sin.
2. Beidh an dearbhú soláthraí dá dtagraítear i mír 1 ina fhianaise ar an oibriú nó ar an bpróiseáil a rinneadh ar na hearraí lena mbaineann i bPáirtí Conarthach a chuireann na rialacha i bhfeidhm, chun a chinneadh an bhféadfar na táirgí, ar úsáideadh na hearraí sin lena monarú, a mheas mar tháirgí tionscnaimh sa Pháirtí is onnmhaireoir agus an bhféadfar na ceanglais eile atá sna Rialacha seo a chomhlíonadh.
3. Ach amháin sna cásanna dá dtagraítear i mír 4, tarraingeoidh an soláthraí suas dearbhú soláthraí ar leithligh le haghaidh gach coinsíneachta earraí, san fhoirm a leagtar síos in Iarscríbhinn VI, ar leathanach páipéir i gceangal leis an sonrasc, leis an nóta seachadta nó le haon doiciméad tráchtála eile ina bhfuil tuairisc ar na hearraí lena mbaineann, ar tuairisc í atá mionsonraithe go leor chun iad a shainaithint.
4. Maidir le hearraí a bhfuiltear ag súil go leanfaidh siad de bheith seasta ar feadh tréimhse an oibrithe nó na próiseála a dhéantar orthu i bPáirtí Conarthach a chuireann na rialacha i bhfeidhm, i gcás ina gcuireann soláthraí na hearraí sin ar fáil do chustaiméir go tráthrialta, féadfaidh sé dearbhú soláthraí amháin a sholáthar lena gcumhdófar coinsíneachtaí earraí ina dhiaidh sin (an 'dearbhú soláthraí fhadtéarmaigh'). Is gnách go bhféadfaidh an dearbhú soláthraí fhadtéarmaigh a bheith bailí ar feadh tréimhse suas le 2 bhliain ón dáta a tharraingeofar suas an dearbhú. An Páirtí Conarthach a chuireann na rialacha i bhfeidhm, arb é an áit a dtarraingítear suas an dearbhú é, is iad údaráis chustaim an Pháirtí sin a leagann síos na coinníollacha faoina bhféadfar tréimhsí níos faide a úsáid. Tarraingeoidh an soláthraí suas an dearbhú soláthraí fhadtéarmaigh san fhoirm a leagtar síos in Iarscríbhinn VII agus beidh tuairisc ann ar na hearraí lena mbaineann, tuairisc a bheidh mionsonraithe go leor chun iad a shainaithint. Cuirfear é ar fáil don chustaiméir lena mbaineann sula dtabharfar an chéad choinsíneacht earraí dó a chumhdaítear leis an dearbhú sin nó i dteannta a chéad choinsíneachta. Cuirfidh an soláthraí an custaiméir ar an eolas láithreach bonn mura bhfuil feidhm a thuilleadh leis an dearbhú soláthraí fhadtéarmaigh maidir leis na hearraí arna soláthar.
5. Déanfar na dearbhuithe soláthraí fadtéarmacha dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 a chlósscríobh nó a phriontáil i gceann de theangacha an Chomhaontaithe, i gcomhréir le dlí náisiúnta an pháirtí de na Páirtithe Conarthacha a chuireann na rialacha i bhfeidhm arb é an páirtí é inar tarraingíodh suas an dearbhú, agus beidh bunsiúna an tsoláthraí lámhscríofa orthu. Féadfaidh an dearbhú a bheith scríofa de lámh freisin; sa chás sin, is le dúch agus le carachtair phriontáilte a dhéanfar sin.
6. Beidh an soláthraí a tharraingíonn suas an dearbhú réidh aon tráth, arna iarraidh sin d'údaráis chustaim an Pháirtí Chonarthaigh a chuireann na rialacha i bhfeidhm, arb é an áit a dtarraingítear suas an dearbhú é, na doiciméid iomchuí uile a chur ar fáil lena gcruthaítear go bhfuil an fhaisnéis a thugtar sa dearbhú ceart.

*Airteagal 30***Suimeanna arna sloinneadh in euro**

1. Chun críocha phointe (b) d'Airteagal 18(1) agus Airteagal 27(3) a chur i bhfeidhm i gcás ina sonrascstar na táirgí sin in airgeadra seachas an euro, socróidh gach tír lena mbaineann go bliantúil, in airgeadraí náisiúnta na bPáirtithe, suimeanna atá coibhéiseach leis na suimeanna arna sloinneadh in euro.
2. Beidh pointe (b) d'Airteagal 18(1) nó Airteagal 27(3) ina shochar ag coinsíneacht trí thagairt don airgeadra ina dtarraingeofar suas an sonrasc, de réir na suime a shocraigh an tír lena mbaineann.
3. Beidh na suimeanna atá le húsáid in aon airgeadra náisiúnta áirithe coibhéiseach san airgeadra sin leis na suimeanna arna sloinneadh in euro an chéad lá oibre de mhí Dheireadh Fómhair. Cuirfear na suimeanna in iúl don Choimisiún Eorpach faoin 15 Deireadh Fómhair agus beidh feidhm acu ón 1 Eanáir an bhliain dár gcionn. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach na suimeanna ábhartha in iúl do na tíortha uile lena mbaineann.

4. An tsuim a thagann mar thoradh ar chomhshó na suime arna sloinneadh in euro isteach ina hairgeadra náisiúnta, féadfaidh Páirtí an tsuim sin a shlánú suas nó síos. Ní ceadmhach difear níos mó ná 5 % a bheith idir an tsuim arna comhshó agus an tsuim arna slánú. Féadfaidh Páirtí an choibhéis ina airgeadra náisiúnta féin den tsuim atá sloinnte in euro a choinneáil má thagann méadú níos lú ná 15 % ar an gcoibhéis ina hairgeadra náisiúnta féin as comhshó na suime sin, sula ndéanfar aon slánú uirthi tráth an choigeartaithe bhliantúil dá bhforáiltear i mír 3. Féadfar gan an choibhéis in airgeadra náisiúnta na tíre a athrú más rud é go dtiocfadh laghdú ar an luach coibhéiseach sin de thoradh a comhshóite.

5. Déanfaidh an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais na suimeanna arna sloinneadh in euro a athbhreithniú arna iarraidh sin do Pháirtí. Agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh aici, cuirfidh an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais san áireamh a inmhianaithe atá sé éifeachtaí na dteorainneacha i gceist a choimeád i dtéarmaí réadacha. Chun na críche sin, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh na suimeanna atá sloinnte in euro a mhodhnú.

TEIDEAL VI

PRIONSABAIL AN CHOMHAIR AGUS NA FIANAISE DOICIMÉADAÍ

Airteagal 31

Fianaise dhoicimédach, cruthúnas tionscnaimh agus doiciméid tacaíochta a chaomhnú

1. Onnmhaireoir ag a bhfuil dearbhú tionscnaimh tarraingthe suas nó ag a bhfuil iarratas curtha isteach ar dheimhniú gluaiseachta EUR.1, coimeádfaidh sé cóip chrua nó leagan leictreonach de na cruthúnais ar thionscnamh sin agus de gach doiciméad lena dtacaítear le stádas tionscnaimh an táirge, go ceann trí bliana ar a laghad ón dáta a eisíodh an dearbhú tionscnaimh nó a tarraingíodh suas é.

2. An soláthraí a tharraingíonn suas dearbhú soláthraí, coimeádfaidh sé, ar feadh 3 bliana ar a laghad, cóipeanna den dearbhú agus de gach sonrasc, nóta seachadta nó doiciméad tráchtála eile dá gceanglaítear an dearbhú sin mar iarscríbhinn, chomh maith leis na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 29(6).

An soláthraí a tharraingíonn suas dearbhú soláthraí fhadtéarmaigh, coimeádfaidh sé, ar feadh 3 bliana ar a laghad, cóipeanna den dearbhú agus de gach sonrasc, nóta seachadta nó doiciméad tráchtála eile a bhaineann le hearraí a chumhdáitear leis an dearbhú sin agus a seoladh chuig an gcustaiméir lena mbaineann, chomh maith leis na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 29(6). Tosóidh an tréimhse sin ar dháta éaga bhailíocht an dearbhaithe soláthraí fhadtéarmaigh.

3. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, is iad seo a leanas, *inter alia*, na doiciméid lena dtacaítear le stádas tionscnaimh an táirge:

- fianaise dhíreach ar na próisis a rinne an t-onnmhaireoir nó an soláthraí chun an táirge a fháil, ar fianaise í, mar shampla, atá ina chuid cuntas nó ina leabharchoimeád inmheánach;
- doiciméid lena gcruthaítear stádas tionscnaimh na n-ábhar a úsáideadh, ar doiciméid iad arna n-eisiúint nó arna dtarraingt suas, i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta, sa Pháirtí Conarthach ábhartha a chuireann na rialacha i bhfeidhm;
- doiciméid lena gcruthaítear oibriú nó próiseáil na n-ábhar sa Pháirtí ábhartha, arna dtarraingt suas nó arna n-eisiúint sa Pháirtí sin i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta;
- dearbhuithe tionscnaimh nó deimhnithe gluaiseachta EUR.1 lena gcruthaítear stádas tionscnaimh na n-ábhar a úsáideadh, arna dtarraingt suas nó arna n-eisiúint sna Páirtithe i gcomhréir leis na Rialacha seo;
- fianaise iomchuí a bhaineann le hoibriú nó próiseáil a rinneadh lasmuigh de na Páirtithe trí Airteagail 13 agus 14 a chur i bhfeidhm, lena gcruthaítear comhlíonadh cheanglais na nAirteagal sin.

4. Údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir a eiseoidh na deimhnithe gluaiseachta EUR.1 coimeádfaidh siad an fhoirm iarratais dá dtagraítear in Airteagal 20(2) ar feadh 3 bliana ar a laghad.

5. Déanfaidh údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir na dearbhuithe tionscnaimh agus na deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a chuirtear faoina mbráid a choimeád ar feadh trí bliana ar a laghad.

6. I dtaca le dearbhuithe soláthraí lena gcruthaítear go ndearnadh oibriú nó próiseáil ar na hábhair a úsáideadh, i bPáirtí Conarthach a chuireann na rialacha i bhfeidhm, ar dearbhuithe iad a tarraingíodh suas sa Pháirtí Conarthach a a chuireann na rialacha i bhfeidhm sin, déileálfar leo mar dhoiciméad dá dtagraítear in Airteagail 18(3), 20(4) agus 29(6) a úsáidtear chun a chruthú gur féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh an Pháirtí Chonarthaigh a chuireann na rialacha i bhfeidhm sin iad na táirgí arna gcumhdach le deimhniú gluaiseachta EUR.1 nó le dearbhú tionscnaimh agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá sna Rialacha seo.

*Airteagal 32***Díospóidí a réiteach**

I gcásanna ina n-éireoidh díospóidí i ndáil leis na nósanna imeachta fíorúcháin faoi Airteagail 34 agus 35, nó i ndáil le léirmhíniú na Foscríbhíne seo, ar díospóidí iad nach féidir a réiteach idir na húdarais chustaim a d'iarr fíorú agus na húdarais chustaim a bhí freagrach as an bhfíorú a chur i gcrích, cuirfear na díospóidí sin faoi bhráid na Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais.

I ngach cás, i dtaca le díospóidí idir an t-allmhaireoir agus údarais chustaim na tíre allmhairiúcháin a réiteach, is i gcomhréir le reachtaíocht na tíre sin a réiteofar na díospóidí sin.

CAIBIDIL VII

COMHAR RIARACHÁIN*Airteagal 33***Fógra agus comhar**

1. Cuirfidh údarais chustaim na bPáirtithe ar fáil dá chéile clónna samplacha de stampaí a úsáidtear ina n-oifigí custaim le haghaidh eisiúint deimhnithe gluaiseachta EUR.1, chomh maith le samhlacha na n-uimhreacha údaraithe a deonaíodh d'onnmhaireoirí formheasta agus seoltaí na n-údarás custaim ar a bhfuil an fhreagracht maidir le fíorú na ndeimhnithe agus na ndearbhuithe tionscnaimh sin.

2. Chun a áirithiú go gcuirfear na Rialacha seo i bhfeidhm go hiomchuí, tabharfaidh na Páirtithe cúnamh dá chéile, trí na húdarais chustaim inniúla, maidir le barántúlacht na ndeimhnithe gluaiseachta EUR.1, na ndearbhuithe tionscnaimh, na ndearbhuithe soláthraí agus chruinneas na faisnéise atá sna doiciméid sin a sheiceáil.

*Airteagal 34***Cruthúnais tionscnaimh a fhíorú**

1. Déanfar fíoruithe iardain ar chruthúnais ar thionscnamh go randamach nó i gcásanna ina bhfuil amhras réasúnta ar údarais chustaim an Pháirtí is allmhaireoir faoi bharántúlacht na ndoiciméad sin, stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann nó comhlíonadh na gceanglas eile atá sna Rialacha seo.

2. Nuair a iarrann siad fíorú iardain, cuirfidh údarais chustaim an Pháirtí is allmhaireoir ar ais an deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus an sonrasc, má cuireadh isteach é, agus an dearbhú tionscnaimh, nó cóipeanna de na doiciméid sin chuig údarais chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir agus tabharfaidh siad, más iomchuí, na cúiseanna atá le fíorú a iarraidh. Aon doiciméid agus aon fhaisnéis a fuarthas ina dtabharfar le fios go bhfuil an fhaisnéis a tugadh sa chruthúnas ar thionscnamh míchruinn, seolfar ar aghaidh iad chun tacú leis an iarraidh ar fhíorú.

3. Is iad údarais chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir a dhéanfaidh an fíorú. Chun na críche sin, beidh sé de cheart acu aon fhianaise a iarraidh agus aon imscrúdú a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó tabhairt faoi aon seiceáil eile a mheasfar a bheith iomchuí.

4. Má chinneann údarais chustaim an Pháirtí is allmhaireoir an chóir fhabhrach le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann a chur ar fionraí go dtí go dtiocfaidh torthaí an fhíoraithe sin isteach, tairgfear scaoileadh na dtáirgí don allmhaireoir faoi réir aon bheart réamhchúraim a mheasfar a bheith riachtanach.

5. Cuirfear torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdarais chustaim a d'iarr an fíorú sin a luaithe is féidir. Léireoidh na torthaí sin go soiléir cé acu a bhfuil na doiciméid barántúil nó nach bhfuil agus an féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh ceann de na Páirtithe iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá sna Rialacha seo.

6. Más rud é, i gcás ina bhfuil amhras réasúnta ann, nach bhfuarthas aon fhreagra faoi cheann deich mí ó dháta na hiarrata ar fhíorú, nó mura leor an fhaisnéis chun barántúlacht an doiciméid i gceist nó fíorthionscnamh na dtáirgí a chinneadh, déanfaidh na húdarais chustaim a d'iarr an fíorú, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, teidlíocht ar an gcóir fhabhrach a dhiúltú.

*Airteagal 35***Na dearbhuithe soláthraí a fhíorú**

1. Féadfar fíoruithe iardain a dhéanamh ar dhearbhuithes soláthraí nó ar dhearbhuithes soláthraí fadtéarmach go randamach nó nuair atá amhras réasúnta ar údaráis chustaim Páirtí, áit ar cuireadh na dearbhuithe sin san áireamh chun deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint nó chun dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas, ar amhras é faoi bharántúlacht an doiciméid nó faoi chruinneas na faisnéise atá sa doiciméad sin.

2. Chun forálacha mhír 1 a chur chun feidhme, déanfaidh údaráis chustaim an Pháirtí dá dtagraítear i mír 1 an dearbhú soláthraí nó an dearbhú soláthraí fhadtéarmaigh agus na sonraisc, na nótaí seachadta nó aon doiciméad tráchtála eile lena mbaineann earraí arna gcumhdach ag an dearbhú sin, a sheoladh ar ais chuig údaráis chustaim an Pháirtí Chonarthaigh a chuireann na rialacha i bhfeidhm inar tarraingíodh suas an dearbhú agus tabharfaidh siad, de réir mar is iomchuí, na cúiseanna atá le substaint nó le foirm na hiarrata ar fhíorú.

Seolfaidh siad ar aghaidh, mar thaca leis an iarraidh ar fhíorú iardain, aon doiciméid nó aon fhaisnéis a fuarthas a thugann le tuiscint gur faisnéis mhícheart an fhaisnéis a thugtar sa dearbhú soláthraí nó sa dearbhú soláthraí fhadtéarmaigh.

3. Údaráis chustaim an Pháirtí Chonarthaigh a chuireann na rialacha i bhfeidhm, arb é an Páirtí é inar tarraingíodh suas an dearbhú soláthraí nó an dearbhú soláthraí fhadtéarmaigh é, is iad na húdaráis sin a dhéanfaidh an fíorú. Chun na críche sin, beidh sé de cheart acu aon fhianaise a iarraidh agus aon imscrúdú a dhéanamh ar chuntais an tsoláthraí nó tabhairt faoi aon seiceáil eile a mheasfaidh siad a bheith iomchuí.

4. Cuirfear torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú sin a luaithe is féidir. Tabharfaidh na torthaí sin le fios go soiléir an faisnéis chruinn an fhaisnéis a thugtar sa dearbhú soláthraí nó sa dearbhú soláthraí fhadtéarmaigh agus cuirfidh siad ar chumas na n-údarás custaim a chinneadh an bhféadfar, agus cá mhéad a fhéadfar, an dearbhú sin a chur san áireamh chun deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint nó chun dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas.

*Airteagal 36***Pionóis**

Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le pionóis choiriúla, shibhialta nó riaracháin a fhorchur i leith sáruithe ar a reachtaíocht náisiúnta lena mbaineann na Rialacha seo.

Teideal VIII

FOSCRÍBHINN A A CHUR I bhFEIDHM*Airteagal 37***An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch**

Déanfar earraí de thionscnamh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE), de réir bhrí Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, a mheas mar earraí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh, na hÍoslainne, Lichtinstéin nó na hIorua ('Páirtithe LEE') nuair a onnmhaireofar iad ón Aontas Eorpach, ón Íoslainn, ó Lichtinstéin nó ón Iorua faoi seach chuig an gCosaiv, ar choinníoll go mbeidh feidhm le comhaontuithe saorthrádála ina n-úsáidtear na Rialacha seo, idir an Chosaiv agus Páirtithe LEE.

*Airteagal 38***Lichtinstéin**

Gan dochar d'Airteagal 2, déanfar aon táirge de thionscnamh Lichtinstéin, de thoradh an aontais custaim idir an Eilvéis agus Lichtinstéin, a mheas mar tháirge de thionscnamh na hEilvéise.

*Airteagal 39***Poblacht San Mairíne**

Gan dochar d'Airteagal 2, déanfar aon táirge de thionscnamh Phoblacht San Mairíne, mar gheall ar an aontas custaim idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne, a mheas mar tháirge de thionscnamh an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 40***Prionsacht Andóra**

Gan dochar d'Airteagal 2, aon táirge de thionscnamh Phrionsacht Andóra a aicmítear faoi Chaibidlí 25 go 97 den Chóras Comhchuibhithe, mar gheall ar an aontas custaim idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra, measfar é a bheith ina tháirge de thionscnamh an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 41***Ceuta agus Melilla**

1. Chun críoch na Rialacha seo, ní bheidh Ceuta agus Melilla cumhdaithe ag an téarma 'an tAontas Eorpach'.
2. Maidir le táirgí de thionscnamh na Cosaive, nuair a allmhairítear isteach in Ceuta nó Melilla iad, tairbheoidh siad, ar gach slí, den chóras custaim a chuirtear i bhfeidhm i gcás táirgí de thionscnamh chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh de réir Phrótacal 2 den Acht a bhaineann le coinníollacha aontachais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile agus le hoiriúnuithe na gConarthaí ⁽³⁾. Maidir le hallmhairí táirgí a chumhdaítear leis an gcomhaontú ábhartha agus ar de thionscnamh Ceuta agus Melilla iad, deonóidh an Chosaiv dóibh an córas custaim céanna a dheonaítear i gcás táirgí a allmhairítear ón Aontas Eorpach agus ar de thionscnamh an Aontais Eorpaigh iad.
3. Chun críoch mhír 2 den Airteagal seo a bhaineann le táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla, beidh feidhm ag na Rialacha seo *mutatis mutandis* faoi réir na gcoinníollacha speisialta a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

⁽³⁾ IO L 302, 15.11.1985, lch. 23.

IARSCRÍBHINN I

RÉAMHNÓTAÍ A GHABHANN LEIS AN LIOSTA IN IARSCRÍBHINN II

Nóta 1 – Réamhrá ginearálta

Leagtar amach sa liosta na coinníollacha is gá a chomhlíonadh maidir le gach táirge chun go measfar iad a bheith ina dtáirgí a ndearnadh oibriú nó próiseáil leordhóthanach orthu de réir bhrí Airteagal 4 de Theideal II den Fhoscríbhinn seo. Tá ceithre chineál éagsúla rialach ann, agus athraíonn siad de réir an táirge:

- (a) trí oibriú nó trí phróiseáil ní théitear thar uasmhéid d'ábhair neamhthionscnaimh;
- (b) trí oibriú nó trí phróiseáil, éiríonn ceannteideal 4 dhigit an Chórais Chomhchuibhithe nó fo-cheannteideal 6 dhigit an Chórais Chomhchuibhithe don táirge monaraithe éagsúil le ceannteideal 4 dhigit an Chórais Chomhchuibhithe nó le fo-cheannteideal 6 dhigit an Chórais Chomhchuibhithe faoi seach do na hábhair arna n-úsáid;
- (c) déantar oibriocht shonrach oibríthe nó próiseála;
- (d) déantar oibriú nó próiseáil ar ábhair áirithe a fuarthas go hiomlán.

Nóta 2 – Struchtúr an liosta

- 2.1. Sa chéad dá cholún den liosta tugtar tuairisc ar an táirge a fuarthas. Tugtar sa cholún (1) uimhir an cheanteidil nó uimhir na caibidle a úsáidtear sa Chóras Comhchuibhithe, agus tugtar sa cholún (2) tuairisc ar na hearraí a úsáidtear sa chóras sin faoin gceanteideal nó faoin gcaibidil sin. I gcás gach iontrála sa chéad dá cholún, sonraítear riail i gcolún (3). I gcásanna áirithe ina bhfuil 'ex' roimh an iontráil sa cholún (1), ciallaíonn sé sin nach bhfuil feidhm ag na rialacha i gcolún (3) ach amháin maidir leis an gcuid den cheanteideal ar a dtugtar tuairisc i gcolún (2).
- 2.2. I gcás ina gcuirtear roinnt uimhreacha ceanteidil le chéile i ngrúpaí i gcolún (1) nó ina dtugtar uimhir chaibidle agus an tuairisc ar na táirgí i gcolún (2) i dtéarmaí ginearálta dá bharr, tá feidhm ag na rialacha atá in aice leo i gcolún (3) maidir le gach táirge, faoin gCóras Comhchuibhithe, a aicmítear i gceanteidil na caibidle nó in aon cheann de na ceanteidil atá le chéile i ngrúpaí i gcolún (1).
- 2.3. I gcás ina bhfuil rialacha éagsúla sa liosta a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí éagsúla laistigh de cheanteideal, i ngach fleasc tá tuairisc ar an gcuid den cheanteideal atá faoi chumhdach na rialacha atá in aice leo i gcolún (3).
- 2.4. I gcás ina leagtar amach dhá riail mhalartacha i gcolún (3), agus 'nó' eatarthu, is faoi rogha an onnmhaireora é cé acu ceann a úsáidfeair.

Nóta 3 – Samplaí den chaoi leis na rialacha a chur i bhfeidhm

- 3.1. Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Theideal II den Fhoscríbhinn seo, maidir le táirgí a bhfuil stádas tionscnaimh faighte acu agus a úsáidtear le linn monarú táirgí eile, is cuma ar baineadh an stádas sin amach laistigh den mhonarcha ina n-úsáidtear na táirgí sin nó i monarcha eile i bPáirtí.
- 3.2. De bhun Airteagal 6 de Theideal II den Fhoscríbhinn seo, ní mór don oibriú nó don phróiseáil a dhéantar dul níos faide ná an liosta oibríochtaí a luaitear san Airteagal sin. Mura dtéann, ní bheidh na hearraí incháilithe le haghaidh dheonú shochar na cóireála fabhraí taraife, fiú má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach sa liosta thíos.

Faoi réir Airteagal 6 de Theideal II den Fhoscríbhinn seo, is éard atá sna rialacha atá sa liosta an t-íosmhéid oibríthe nó próiseála is gá agus má dhéantar tuilleadh oibríthe nó próiseála tugtar stádas tionscnaimh freisin; os a choinne sin, ní thugtar stádas tionscnaimh má dhéantar níos lú oibríthe nó próiseála.

Dá bhrí sin, má fhoráiltear le riail go bhféadfar ábhar neamhthionscnaimh de leibhéal áirithe monaraithe a úsáid, ceadaítear an t-ábhar sin a úsáid ag céim níos luaithe sa mhonarú agus ní cheadaítear an t-ábhar sin a úsáid ag céim níos déanaí.

Má fhoráiltear le riail nach bhféadfar ábhar neamhthionscnaimh de leibhéal áirithe monaraithe a úsáid, ceadaítear ábhair a úsáid atá ag céim níos luaithe sa mhonarú, agus ní cheadaítear ábhair a úsáid atá ag céim níos déanaí.

Mar shampla: i gcás ina gceanglaítear le rialail an liosta do Chaibidil 19 ‘nach féidir le hábhair neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 1101 go 1108 dul thar 20 % de réir meáchain’, níl aon teorainn le húsáid (i.e. allmhairiú) gránaigh atá faoi Chaibidil 10 (ábhair atá ag céim níos luaithe sa mhonarú).

- 3.3. Gan dochar do Nóta 3.2, i gcás ina n-úsáideann rialail an nath ‘Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal’, is féidir ábhair atá faoi aon cheannteideal nó aon cheannteidil a úsáid (fiú ábhair arb ionann tuairisc agus ceannteideal dóibh féin agus don táirge), faoi réir aon teorainneacha sonracha atá sa rialail freisin, áfach.

Mar sin féin, ciallaíonn an nath ‘Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoi cheannteideal ...’ nó ‘Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge’ go bhféadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal a úsáid, diomaite de na hábhair sin arb ionann tuairisc dóibh agus don táirge mar a thugtar i gcolún (2) sa liosta.

- 3.4. Nuair a shonraítear faoi rialail sa liosta go bhféadfar táirge a mhonarú as níos mó ná aon ábhar amháin, ciallaíonn sé sin go bhféadfar ábhar amháin nó níos mó a úsáid. Ní gá na hábhair go léir a úsáid de réir na rialach sin.
- 3.5. Nuair a shonraítear faoi rialail sa liosta nach mór táirge a mhonarú as ábhar ar leith, ní chuireann an coinníoll sin cosc ar ábhair eile a úsáid, ábhair nach féidir leo, mar gheall ar a gcineál féin, an coinníoll a chomhlíonadh.
- 3.6. I gcás rialail sa liosta, ina dtugtar dhá chéatadán le haghaidh uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh is féidir a úsáid, ní fhéadfar na céatadán sin a chur le chéile. Is é sin le rá, ní fhéadfaidh uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh go léir a úsáideadh a bheith níos mó ná an céatadán is airde a tugadh. Anuas air sin, ní shárófar na céatadán aonair i dtaca leis na hábhair ar leith a bhfuil feidhm acu maidir leo.

Nóta 4 – Forálacha ginearálta maidir le hearraí talmhaíochta áirithe

- 4.1. Earraí talmhaíochta atá faoi Chaibidilí 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus faoi cheannteideal 2401, agus a fhástar nó a bhuaitear i gcríoch Pháirtí, is mar earraí de thionscnamh chríoch an Pháirtí sin a chaithfear leo, fiú má fhástar iad ó shíolta, bleibeanna, fréamhstoc, gearrthóga, beanguithe, péacáin, bachlóga nó codanna beo eile de phlandaí, a allmhairíodh.
- 4.2. I gcásanna ina bhfuil teorainneacha leis an méid siúcra neamhthionscnaimh i dtáirge áirithe, meáchan na siúcraí atá faoi cheannteideal 1701 (siúcros) agus faoi cheannteideal 1702 (e.g. fruchtós, glúcós, luchtós, maltós, iseaglúcós nó siúcra inbhéartaithe) a úsáidtear i monarú an táirge deiridh agus a úsáidtear i monarú na dtáirgí neamhthionscnaimh a ionchorpraítear sa táirge deiridh, déantar é a chur san áireamh agus na teorainneacha sin á ríomh.

Nóta 5 – Téarmaíocht a úsáidtear i leith táirgí teicstíle áirithe

- 5.1. Úsáidtear an téarma ‘snáithíní nádúrtha’ sa liosta chun tagairt do na snáithíní nach snáithíní saorga ná snáithíní sintéiseacha iad. Tá sé teoranta do na céimeanna sula ndéantar an sníomh, lena n-áirítear dramhaíl, agus, mura sonraítear a mhalairt, áirítear leis snáithíní cardáilte, cíortha nó próiseáilte ar shlí eile ach nach bhfuil sníofa.
- 5.2. Áirítear leis an téarma ‘snáithíní nádúrtha’ rón atá faoi cheannteideal 0511, síoda atá faoi cheannteidil 5002 agus 5003 chomh maith le snáithíní olla agus fionnadh ainmhíoch mín nó garbh atá faoi cheannteidil 5101 go ceannteideal 5105, snáithíní cadáis atá faoi cheannteidil 5201 go 5203 agus snáithíní plandúla eile atá faoi cheannteidil 5301 go 5305.
- 5.3. Úsáidtear na téarmaí ‘laíon teicstíle’, ‘ábhair cheimiceacha’ agus ‘ábhair déanta páipéir’ sa liosta chun tuairisc a thabhairt ar na hábhair nach n-aicmítear i gCaibidilí 50 go 63, arb ábhair iad is féidir a úsáid chun snáithíní nó snáth saorga, sintéiseach nó páipéir a mhonarú.
- 5.4. Úsáidtear an téarma ‘snáithíní stáplacha de dhéantús an duine’ sa liosta chun tagairt do bharrach filiméadach, snáithíní stáplacha nó dramhaíl atá sintéiseach nó saorga, atá faoi cheannteidil 5501 go 5507.
- 5.5. Sainmhínítear an chlódóireacht (nuair a dhéantar í in éineacht le fíodóireacht, cniotáil/cróiseáil, caitíniú nó flocasú) mar theicníc lena ndéantar feidhm a mheastar go hoibiachtúil amháin dath, dearadh, feidhmíocht theicniúil, a thabhairt do shubstráit teicstíle ar dhóigh bhuan, ag úsáid teicnící scagphriontála, rollóra, digiteacha nó aistrithe.

- 5.6. Sainmhínítear an chlódóireacht (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) mar theicníc lena ndéantar feidhm a mheastar go hoibiachtúil amhail dath, dearadh, feidhmíocht theicniúil, a thabhairt do shubstráit teicstíle ar dhóigh bhuan, ag úsáid teicnící scagphriontála, rollóra, digiteacha nó aistrithe in éineacht le dhá oibríocht ullmhúcháin/bhailchríche ar a laghad (amhail sciúradh, tuaradh, meirsiriú, socrú teasa, ardú, féiliriú, próiseáil friotaíochta craptha, bailchríochnú buan, bailchríoch a chríochnú, tuile, deisiú agus díshnaidhmiú), ar choinníoll nach mó luach n-ábhar uile a úsáidtear ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha.

Nóta 6 – Lamháltas is infheidhme maidir le táirgí a dhéantar as meascán d'ábhair theicstíle

- 6.1. I gcás ina ndéantar tagairt don Nóta seo, le haghaidh táirge áirithe sa liosta, ní chuirfear na coinníollacha a leagtar amach i gcolún (3) i bhfeidhm maidir le haon ábhar teicstíle bunúsach a úsáideadh le linn mhonarú an táirge sin agus arb ionann iad, nuair a chuirtear le chéile iad, agus 15 % nó níos lú de mheáchan iomlán na n-ábhar teicstíle bunúsach go léir a úsáideadh (féach Nóta 6.3 agus Nóta 6.4 freisin).
- 6.2. Mar sin féin, ní féidir an lamháltas a luaitear i Nóta 6.1 a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le táirgí measctha a rinneadh as dhá cheann nó níos mó d'ábhair theicstíle bhunúsacha.

Is iad seo a leanas na hábhair theicstíle bhunúsacha:

- síoda;
- olann;
- fionnadh ainmhíoch garbh;
- fionnadh ainmhíoch mín;
- rón;
- cadás;
- ábhair déanta páipéir agus páipéar;
- líon;
- fíorchnáib;
- siúit agus snáithíní bealaithe teicstíle eile;
- siseal agus snáithíní teicstíle eile den ghéineas Agave;
- cnó cócó, abacá, ráimí agus snáithíní teicstíle plandúla eile;
- snáithíní filiméid sintéiseacha polapróipiléine de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid sintéiseacha poileistir de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid sintéiseacha polaimíde de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid sintéiseacha polaicrílínítríle de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid sintéiseacha polaimíde de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid sintéiseacha polaitreafluaireitiléine de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid sintéiseacha suilfíde polaiifeiniléine de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid sintéiseacha clóiríde polaiuinile de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid sintéiseacha eile de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid saorga vioscóis de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid saorga eile de dhéantús an duine;
- filiméid seolta srutha;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polapróipiléine de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha poileistir de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaimíde de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaicrílínítríle de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaimíde de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaitreafluaireitiléine de dhéantús an duine;

- snáithíní stáplacha sintéiseacha suilfíde polaifeiniléine de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha clóiríde polaiviníle de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha eile de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha saorga vioscóis de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha saorga eile de dhéantús an duine;
- snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poiléitir, bídis galúnaithe nó ná bídis;
- táirgí atá faoi cheannteideal 5605 (snáth miotalaithe) ina n-ionchorpraítear stiall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach, bíodh sé brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, nach mó ná 5 mm ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamachán trédhearcach nó daite idir dhá shraith de scannán plaisteach;
- táirgí eile atá faoi cheannteideal 5605;
- snáithíní gloine;
- snáithíní miotail;
- snáithíní mianracha.

6.3. I gcás na dtáirgí ina n-ionchorpraítear 'snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poileistir, bídis galúnaithe nó ná bídis', is ionann an lamháltas sin agus 20 % i ndáil leis an snáth sin.

6.4. I gcás na dtáirgí ina n-ionchorpraítear 'stiall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach, bíodh sé brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, nach bhfuil níos mó ná 5 mm ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamachán trédhearcach nó daite idir dhá shraith de scannán plaisteach', is ionann an lamháltas sin agus 30 % i ndáil leis an stiall sin.

Nóta 7 – Lamháltais eile is infheidhme maidir le táirgí teicstíle áirithe

- 7.1. I gcás ina ndéantar tagairt, sa liosta, don Nóta seo, féadfar ábhair theicstíle (diomaite de líneálacha agus idirlíneálacha) nach gcomhlíonann an riail a leagtar amach sa liosta i gcolún (3) le haghaidh an táirge rédhéanta lena mbaineann, féadfar iad a úsáid ar choinníoll go bhfuil siad aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge féin agus nach mó a luach ná 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha.
- 7.2. Gan dochar do Nóta 7.3, féadfar ábhair nach bhfuil aicmithe faoi Chaibidlí 50 go 63 a úsáid gan bhac i monarú táirgí teicstíle, bíodh teicstílí iontu nó ná bíodh.
- 7.3. I gcás ina bhfuil feidhm ag riail chéatadánach, ní mór luach na n-ábhar neamhthionscnaimh nach bhfuil aicmithe faoi Chaibidlí 50 go 63 a chur san áireamh agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh atá ionchorpraithe á ríomh.

Nóta 8 – Próisis shonracha agus oibríochtaí simplí a dhéantar i leith táirgí áirithe atá faoi Chaibidil 27 a shainiú

- 8.1. Chun críoch cheannteidil ex 2707 agus ex 2713, is iad seo a leanas na 'próisis shonracha':
- (a) driogadh folúis;
 - (b) athdhriogadh trí bhíthin próiseas codánúcháin atá an-chuimsitheach;
 - (c) scoilteadh;
 - (d) athfhoirmiú;
 - (e) eastóscadh trí bhíthin tuaslagóirí roghnaitheacha;
 - (f) an próiseas ina gcuimsítear na hoibríochtaí seo go léir a leanas: próiseáil le haigéad sulfarach, oiléam nó ainhidríd shulfarach atá tiubhaithe; neodrú le hoibreáin alcaileacha; tuaradh agus íonú le cré atá gníomhach go nádúrtha, cré ghníomhachtaithe, fioghual gníomhachtaithe nó báicsít;

- (g) polaiméiriú;
- (h) ailciliú;
- (i) isiméiriú.

8.2. Chun críocha cheannteidil 2710, 2711 agus 2712, is iad seo a leanas na 'próisis shonracha':

- (a) driogadh folúis;
- (b) athdhriogadh trí bhíthin próiseas codánúcháin atá an-chuimsitheach;
- (c) scoilteadh;
- (d) athfhoirmiú;
- (e) eastóscadh trí bhíthin tuaslagóirí roghnaitheacha;
- (f) an próiseas ina gcuimsítear na hoibríochtaí seo go léir a leanas: próiseáil le haigéad sulfarach, oiléam nó ainhidríd shulfarach atá tiubhaithe; neodrú le hoibreáin alcaileacha; tuaradh agus íonú le cré atá gníomhach go nádúrtha, cré ghníomhachtaithe, fioghual gníomhachtaithe nó báicsít;
- (g) polaiméiriú;
- (h) ailciliú;
- (i) isiméiriú;
- (j) maidir le holaí troma atá faoi cheannteideal ex 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, díshulfarú le hidrigin arb é an toradh atá air laghdú 85 % ar a laghad ar chion sulfair na dtáirgí a próiseáladh (modh ASTM D 1266-59 T);
- (k) maidir leis na táirgí a thagann faoi cheannteideal 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, díphairifíniú trí bhíthin próiseas nach scagadh é;
- (l) maidir le holaí troma atá faoi cheannteideal ex 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, cóireáil le hidrigin faoi bhrú is mó ná 20 bar agus ag teocht is airde ná 250 °C agus catalaíoch in úsáid, seachas chun difear a dhéanamh don díshulfarú, nuair is eilimint ghníomhach an hidrigin in imoibriú ceimiceach. Cóireáil bhreise le hidrigin ar olaí bealaithe atá faoi cheannteideal ex 2710 (e.g. hidrea-bhailchríochnú nó tuaradh), go háirithe chun dath nó seamhacht a fheabhsú, ní mheasfar gur próiseas sonrach an chóireáil sin;
- (m) maidir le holaí breosla atá faoi cheannteideal ex 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, driogadh atmaisféarach, ar choinníoll go ndriogann níos lú ná 30 % de na táirgí sin, de réir toirte, lena n-áirítear cailteanas, ag 300 °C de réir mhodh ASTM D 86;
- (n) maidir le holaí troma seachas olaí gáis agus olaí breosla atá faoi cheannteideal ex 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, cóireáil trí bhíthin scuabdhíluchtú leictreach ardmhínicíochta;
- (o) maidir le hamhtháirgí (seachas glóthach pheitriúil, ózaiceirít, céir ligníte nó céir mhóna, céir phairifín ina bhfuil, de réir meáchain, cion is lú ná 0.75 % ola) atá faoi cheannteideal ex 2712 agus faoin gceannteideal sin amháin, dí-olú trí chríostalú codánach.

8.3. Chun críoch cheannteidil ex 2707 agus 2713, oibríochtaí simplí amhail glanadh, scinceáil, díshailleadh, deighilt uisce, scagadh, dathú, marcáil, cion sulfair a bhaint amach trí tháirgí nach ionann a gcion sulfair a mheascadh; ní thugtar stádas tionscnaimh de bharr na n-oibríochtaí sin ná de bharr aon teaghlaim díobh nó d'oibríochtaí comhchosúla.

Nóta 9 – Próisis shonracha agus oibríochtaí a dhéantar i leith táirgí áirithe a shainiú

- 9.1. Táirgí atá faoi Chaibidil 30 agus a fhaightear i bPáirtí trí shaothrán ceall a úsáid, measfar gur de thionscnamh an Pháirtí sin iad. Sainmhínítear 'saothrán ceall' mar shaothrú ceall duine, ainmhí nó planda faoi dhálaí rialaithe (amhail teochtaí sainithe, meán fáis, meascán gás, pH) lasmuigh den orgánach beo.
- 9.2. Táirgí atá faoi Chaibidil 29 (diomaite de: 2905.43-2905.44), 30, 32, 33 (diomaite de: 3302.10, 3301), 34, 35 (diomaite de: 35.01, 3502.11-3502.19, 3502.20, 35.05), 36, 37, 38 (diomaite de: 3809.10, 38.23, 3824.60, 38.26) agus 39 (diomaite de: 39.16-39.26) agus a fhaightear i bPáirtí trí choipeadh, measfar gur de thionscnamh an Pháirtí sin iad. Is éard is 'coipeadh' ann próiseas bith-theicneolaíoch ina n-úsáidtear cealla duine, cealla ainmhí, cealla planda, baictéir, giostaí, fungais nó einsímí chun táirgí a dhéanamh atá faoi Chaibidil 29 go 39.

9.3. Meastar gur leor na hoibríochtaí próiseála a leanas de réir mhír 1 d'Airteagal 4 i gcás táirgí atá faoi Chaibidlí 28, 29 (diomaite de: 2905.43-2905.44), 30, 32, 33 (diomaite de: 3302.10, 3301), 34, 35 (diomaite de: 35.01, 3502.11-3502.19, 3502.20, 35.05), 36, 37, 38 (diomaite de: 3809.10, 38.23, 3824.60, 38.26) agus 39 (diomaite de: 39.16-39.26):

— Imoibriú ceimiceach: Is éard is 'imoibriú ceimiceach' ann próiseas (lena n-áirítear próiseas bithcheimiceach) as a dtagann móilín ag a bhfuil struchtúr nua de thoradh naisc idirmhóilíneacha a bhriseadh agus naisc idirmhóilíneacha nua a dhéanamh, nó leagan amach spásúil na n-adamh i móilín a athrú. Féadfar imoibriú ceimiceach a chur in iúl tríd an 'uimhir CAS' a athrú.

Níor cheart na próisis seo a leanas a mheas chun críoch tionscnaimh: (a) tuaslagadh in uisce nó i dtuaslagóirí eile; (b) díbirt tuaslagóirí lena n-áirítear uisce tuaslagach; nó (c) breisiú nó díbirt uisce criostalúcháin. Imoibriú ceimiceach mar a shainmhínítear thuas, measfar gur imoibriú ceimiceach é a dtugtar stádas tionscnaimh dá bharr.

— Meascáin agus Cumaisc: Ábhair a mheascadh nó a chumasc (lena n-áirítear easrú) d'aon ghnó agus faoi rialú comhréireach, seachas caolaitheoirí a chur leo, chun sonraíochtaí réamhchinntithe a chomhlíonadh agus as a n-eascraíonn earra ag a bhfuil saintréithe fisiceacha nó ceimiceacha atá ábhartha maidir le críocha nó úsáidí an earra agus nach ionann iad agus na hábhair ionchuir, measfar gur próisis iad sin a dtugtar stádas tionscnaimh dá mbarr.

— Íonú: Measfar gur próiseas é an t-íonú a dtugtar stádas tionscnaimh dá bharr ar choinníoll go gcomhlíontar ceann amháin de na critéir seo a leanas de thoradh an íonaithe a dhéantar i gcríoch Páirtí amháin nó an dá Pháirtí:

- (a) íonú earra arb é an toradh atá air díbirt 80 % ar a laghad den chion neamhíonachta atá ann; nó
- (b) laghdú nó díbirt neamhíonachta dar toradh earra atá oiriúnach do cheann amháin nó níos mó de na feidhmeanna seo a leanas:
 - (i) substaintí de ghrád cógaisíochta, leighis, cosmaide, tréidliachta, nó bia;
 - (ii) táirgí ceimiceacha agus imoibríthe le haghaidh úsáidí anailíseacha, diagnóisíneacha nó saotharlainne;
 - (iii) eilimintí agus comhpháirteanna lena n-úsáid sa mhicrileictreonaic;
 - (iv) úsáidí optúla speisialaithe;
 - (v) úsáid bhith-theicniúil (e.g. i saothrú ceall, sa teicneolaíocht ghéiniteach, nó mar chatalaíoch);
 - (vi) iompróirí a úsáidtear i bpróiseas deighilte; nó
 - (vii) úsáidí de ghrád núicléach.

— Athruithe ar mhéid cáithníní: Méid cáithníní earra a mhodhnú d'aon ghnó agus faoi rialú, seachas trí bhrúscadh nó trí bhrú amháin, as a n-eascraíonn earra ag a bhfuil méid cáithníní sainithe, dáileadh méide cáithníní sainithe nó achar dromchla sainithe atá ábhartha maidir le críocha an earra a thiocfaidh as agus ag a bhfuil saintréithe fisiceacha nó ceimiceacha nach ionann iad agus na hábhair ionchuir, measfar gur próiseas é sin a dtugtar stádas tionscnaimh dá bharr.

— Ábhair chaighdeánacha: Is éard is ábhair chaighdeánacha (lena n-áirítear tuaslagáin chaighdeánacha) ann, ullmhóidí atá oiriúnach d'úsáidí anailíseacha, calabrúcháin nó tagartha agus ag a bhfuil méideanna beachta íonachta nó cion a dheimhníonn an monaróir. Ábhair chaighdeánacha a tháirgeadh, measfar gur próiseas é a dtugtar stádas tionscnaimh dá bharr.

— Scaradh isiméirí: Isiméirí a leithlisiú nó a scaradh ó mheascán isiméirí, measfar gur próisis iad a dtugtar stádas tionscnaimh dá mbarr.

IARSCRÍBHINN II

LIOSTA DEN OIBRÍÚ NÓ DEN PHRÓISEÁIL IS GÁ A DHÉANAMH AR ÁBHAIR NEAMHTHIONSCNAIMH CHUN GO bhFAIGHIDH TÁIRGE MONARAITHE STÁDAS TÁIRGE TIONSCNAIMH

Ceannteideal (1)	Tuairisc ar an táirge (2)	Oibríú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3)
Caibidil 1	Ainmhithe beo	Ní mór na hainmhithe uile atá faoi Chaibidil 1 a bheith faighte go hiomlán
Caibidil 2	Feoil agus scairteach feola inite	Monarú ina bhfuil an fheoil agus an scairteach feola inite uile sna táirgí atá faoin gCaibidil seo faighte go hiomlán
Caibidil 3	Éisc agus crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 3, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
Caibidil 4	Toradh déiríochta; uibheacha éan; mil nádúrtha; táirgí inite de thionscnamh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
ex Caibidil 5	Táirgí inite de thionscnamh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal
ex 0511 91	Uibheacha éisc agus eochraí do-ite	Na huibheacha agus na heochraí uile atá faighte go hiomlán
Caibidil 6	Crainn bheo agus plandaí eile; bleibíní, fréamhacha agus a leithéidí; bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 6, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
Caibidil 7	Glasraí agus fréamhacha agus tiúbair áirithe atá inite	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 7, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
Caibidil 8	Torthaí agus cnónna inite; craiceann torthaí citris nó mealbhacán	Monarú ina bhfuil na torthaí, na cnónna agus craiceann torthaí citris nó mealbhacán atá faoi Chaibidil 8, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
Caibidil 9	Caife, tae, maité agus spíosraí	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal
Caibidil 10	Gránaigh	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 10, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
Caibidil 11	Táirgí an tionscail muilleoireachta; braich; stáirsí; ionúilin; glútan cruithneachta	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidilí 8, 10 agus 11, faoi cheanteidil 0701, 0714, 2302 agus 2303, agus faoi fho-cheannteideal 0710 10, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
Caibidil 12	Síolta ola agus torthaí olúla; gráinní, síolta agus torthaí ilghnéitheacha; plandaí tionsclaíocha nó íocshláinte; tuí agus farae	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é

Ceannteideal (1)	Tuairisc ar an táirge (2)	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3)
ex Caibidil 13	Leaic; gumaí, roisíní agus súnna plandúla agus úisc phlandúla eile; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal
ex 1302	Substaintí peicteacha, peicteanáití agus peicteáití	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáidtear ann ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh
Caibidil 14	Ábhair thrilsithe phlandúla; táirgí plandúla nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal
ex Caibidil 15	Saillte agus olaí ainmhíocha nó plandúla agus a dtáirgí scoilte; saillte inite ullmhaithe; céaracha ainmhíocha nó plandúla; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é
1504 go 1506	Saillte agus olaí agus a gcodáin, ó éisc agus ó mhamaigh farraige; sail caorach agus substaintí sailleacha a fhaightear uaithi (lena n-áirítear úsc olla); saillte ainmhíocha eile agus olaí ainmhíocha eile agus a gcodáin, bídis scagtha nó ná bídis, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal
1508	Ola pise talún agus a codáin, bídis scagtha nó ná bídis, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	Monarú as ábhair atá faoi aon fho-cheannteideal nach é fo-cheannteideal an táirge é
1509 agus 1510	Ola olóige agus a codáin	Monarú ina bhfuil na hábhair glasraí uile a úsáidtear ann faighte go hiomlán
1511	Ola pailme agus a codáin, bídis scagtha nó ná bídis, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	Monarú as ábhair atá faoi aon fho-cheannteideal nach é fo-cheannteideal an táirge é
ex 1512	Olaí lus na gréine agus a gcodáin: — le haghaidh úsáidí teicniúla nó tionsclaíocha seachas monarú earraí bia lena gcaitheamh ag an duine — eile	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é Monarú ina bhfuil na hábhair glasraí uile a úsáidtear ann faighte go hiomlán
1515	Saillte plandúla do-ghalaithe eile agus olaí plandúla do-ghalaithe eile (lena n-áirítear ola hahóba) agus a gcodáin, bídis scagtha nó ná bídis, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	Monarú as ábhair atá faoi aon fho-cheannteideal nach é fo-cheannteideal an táirge é
ex 1516	Saillte agus olaí agus a gcodáin, ó éisc	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal
1520	Gliocról, amh; uiscí gliocróil agus buac ghliocróil	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal
Caibidil 16	Ullmhóidí ó fheoil, ó éisc nó ó chrústaigh, ó mhóilisc nó ó inveirteabraigh uisceacha eile	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 2, 3 agus 16, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán

Ceannteideal (1)	Tuairisc ar an táirge (2)	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3)
ex Caibidil 17	Siúcraí agus milseoga siúcra; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é
1702	Siúcraí eile, lena n-áirítear luchtós, maltós, glúcós agus fruchtós atá ion ó thaobh ceimice de, i bhfoirm sholadach; sioróipí siúcra nach bhfuil ábhar breise blaitithe ná dathúcháin curtha leo; mil shaorga, bíodh sí measctha le mil nádúrtha nó ná bíodh; caramal: — Maltós agus fruchtós atá ion ó thaobh ceimice de — Eile	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoi cheannteideal 1702 Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 1101 go 1108, 1701 agus 1703 a úsáideadh lena linn ná 30 % de mheáchan an táirge deiridh
1704	Milsheogra siúcra (lena n-áirítear seacláid bhán), nach bhfuil cócó iontu	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, monarú: — nach mó meáchan an tsiúcra a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh nó — nach mó luach an tsiúcra a úsáideadh lena linn ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex Caibidil 18	Cócó agus ullmhóidí cócó; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh
ex 1806	Seacláid agus ullmhóidí bia eile ina bhfuil cócó; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, monarú: — nach mó meáchan an tsiúcra a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh nó — nach mó luach an tsiúcra a úsáideadh lena linn ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
1806 10	Púdar cócó, a bhfuil siúcra breise nó ábhair mhilsíúcháin eile curtha leis	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh

Ceannteideal (1)	Tuairisc ar an táirge (2)	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3)
1901	<p>Úsc braiche; ullmhóidí bia de phlúr, piocuaran, min, stáirse nó eastóscán braiche, nach bhfuil cócó iontu nó nach mó ná 40 % a gcion cócó de réir meáchain arna ríomh ar bhonn lán-díshailte, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile; ullmhóidí bia d'earraí atá faoi cheannteidil 0401 go 0404 nach bhfuil cócó iontu nó nach mó ná 5 % a gcion cócó de réir meáchain arna ríomh ar bhonn lán-díshailte, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile:</p> <p>— Úsc braiche</p> <p>— Eile</p>	<p>Monarú as gránaigh atá faoi Chaibidil 10</p> <p>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh meáchan aonair an tsiúcra agus na n-ábhar atá faoi Chaibidil 4 a úsáideadh lena linn</p>
1902	<p>Pasta, bíodh sé cócaráilte nó líonta le búiste (feola nó substaintí eile) nó ná bíodh, nó ullmhaithe ar bhealach eile, amhail spaigítí, macarón, núdail, lasáinne, gnocchi, raiviólaí, canalóiní; cúscús, bíodh sé ullmhaithe nó ná bíodh</p>	<p>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, monarú:</p> <p>— nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 1006 agus 1101 go 1108 a úsáideadh lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh, agus</p> <p>— nach mó meáchan na n-ábhar faoi Chaibidilí 2, 3 agus 16 a úsáideadh lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh</p>
1903	<p>Taipióca agus ionadaigh de atá déanta as stáirse, iad i bhfoirm calóg, gráinní, péarlaí, fuíoll criathair nó foirmeacha comhchosúla</p>	<p>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas stáirse prátaí atá faoi cheannteideal 1108</p>
1904	<p>Bianna ullmhaithe a fhaightear trí ghránaigh nó trí tháirgí gránacha a shéideadh nó a róstadh (calóga arbhair, mar shampla); gránaigh (seachas arbhar Indiach) i bhfoirm gránach nó i bhfoirm calóg nó gránach oibrithe eile (seachas plúr, piocuaran agus min), iad réamhchócaráilte nó ullmhaithe ar bhealach eile, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile</p>	<p>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, monarú:</p> <p>— nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 1006 agus 1101 go 1108 a úsáideadh lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh, agus</p> <p>— nach mó meáchan an tsiúcra a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh</p>
1905	<p>Arán, taosrán, cácaí, briosaí agus táirgí eile báicéirí, bíodh cócó iontu nó ná bíodh; abhlanna, capsúil fholmha de chineál atá oiriúnach d'úsáid chógaisíochta, sliseoga séalaithe, ríspháipéar agus táirgí comhchosúla</p>	<p>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 1006 agus 1101 go 1108 a úsáideadh lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh</p>
ex Caibidil 20	<p>Ullmhóidí glasraí, torthaí, cnónna nó codanna eile de phlandaí; seachas:</p>	<p>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é</p>

Ceannteideal (1)	Tuairisc ar an táirge (2)	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3)
2002 agus 2003	Trátaí, beacáin agus strufail, iad ullmhaithe nó leasaithe seachas le finéagar nó le haigéad aicéiteach	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, nach é ceannteideal an táirge é, ina bhfuil na hábhair uile faoi Chaibidil 7 a úsáideadh iontu ina n-ábhair a fuarthas go hiomlán
2006	Glasraí, torthaí, cnónna, craiceann torthaí agus codanna eile de phlandaí, iad leasaithe le siúcra (draenáilte, glacé nó criostalaithe)	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh
2007	Subha, glóthacha torthaí, marmaláidí, purée torthaí nó cnónna agus leafaois torthaí nó cnónna, a fhaightear trí chócaráil, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin breise eile curtha leo nó ná bíodh	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh
ex 2008	Táirgí seachas: — Cnónna, nach bhfuil siúcra breise ná biotáille bhreise curtha leo — Im piseanna talún; meascáin atá bunaithe ar ghránaigh; croíthe pailme; grán buí (arbhar Indiach) — Torthaí agus cnónna atá cócaráilte ar bhealach eile seachas trína ngalbhrúith nó trína mbruith in uisce, nach bhfuil siúcra breise curtha leo, agus iad reoite	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh
2009	Súnna torthaí (lena n-áirítear úrfhíon fíonchaor) agus súnna glasraí, neamhchoipthe agus nach bhfuil biotáille bhreise curtha leo, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin breise curtha leo nó ná bíodh	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh
ex Caibidil 21	Ullmhóidí inite ilghnéitheacha; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é
2103	— Anlainn agus ullmhóidí lena n-aghaidh; tarsainn mheasctha agus blastanais mheasctha — Plúr mustaird agus min mhustaird agus mustard ullmhaithe	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar plúr mustaird nó min mhustaird nó mustard ullmhaithe a úsáid Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal
2105	Uachtar reoite agus oighear inite eile, bíodh cócó iontu nó ná bíodh	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, monarú: — nach mó meáchan aonair an tsiúcra agus na n-ábhar atá faoi Chaibidil 4 a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh agus — nach mó meáchan carntha an tsiúcra agus na n-ábhar atá faoi Chaibidil 4 a úsáideadh lena linn ná 60 % de mheáchan an táirge deiridh

Ceannteideal (1)	Tuairisc ar an táirge (2)	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3)
2106	Ullmhóidí bia nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh
ex Caibidil 22	Deochanna, biotáillí agus fínéagar; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, nach é ceannteideal an táirge é, ina bhfuil na hábhair uile atá faoi fho-cheannteidil 0806 10, 2009 61, 2009 69 agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
2202	Uiscí, lena n-áirítear uiscí mianracha agus uiscí aeraithe, a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó atá blaistithe, agus deochanna neamhalcólacha eile, seachas súnna torthaí nó glasraí atá faoi cheannteideal 2009	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é
2207 agus 2208	Alcól eitile gan dínádúráil ar mó nó ar lú ná 80 % vol a neart alcóil de réir toirte; biotáillí, licéir agus deochanna biotáilleacha eile	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas ceannteideal 2207 nó 2208 ina bhfuil na hábhair uile atá faoi fho-cheannteidil 0806 10, 2009 61, 2009 69 agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
ex Caibidil 23	Iarmhair agus dramhaíl ó na tionscail bhia; farae ullmhaithe d'ainmhithe; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é
2309	Ullmhóidí de chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe	<p>Monarú:</p> <ul style="list-style-type: none"> — ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 2, agus 3 a úsáidtear ann, faighte go hiomlán, — nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi Chaibidil 10 agus 11 agus atá faoi cheannteidil 2302 agus 2303 a úsáideadh lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh, — nach mó meáchan aonair an tsiúcra agus na n-ábhar atá faoi Chaibidil 4 a úsáideadh ann ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh, agus — nach mó meáchan carntha an tsiúcra agus na n-ábhar atá faoi Chaibidil 4 a úsáideadh lena linn ná 50 % de mheáchan an táirge deiridh
ex Caibidil 24	Tobac agus ionadaigh tobac mhonaraithe; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteideal 2401 ná 30 % de mheáchan iomlán na n-ábhar atá faoi Chaibidil 24 a úsáideadh lena linn
2401	Tobac neamh-mhonaraithe; iarmhar tobac	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi cheannteideal 2401 faighte go hiomlán
ex 2402	Toitíní, as tobac nó as ionadaigh tobac	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, nach é ceannteideal an táirge é, agus nach tobac lena chaitheamh atá faoi fho-cheannteideal 2403 19 é, ina bhfuil ar a laghad 10 % de mheáchan na n-ábhar uile atá faoi cheannteideal 2401 a úsáidtear ann faighte go hiomlán

Ceannteideal (1)	Tuairisc ar an táirge (2)	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3)
ex 2403	Táirgí atá ceaptha le haghaidh ionanálú trína téamh nó ar bhealach eile, gan dóchán	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, nach é ceannteideal an táirge é, ina bhfuil ar a laghad 10 % de mheáchan na n-ábhar uile atá faoi cheannteideal 2401 a úsáidtear ann faighte go hiomlán
ex Caibidil 25	Salann; sulfar; ithreacha agus clocha; ábhair phlástrála, aol agus stroighin; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é nó Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex 2519	Carbónáit mhaighnéisiam nádúrtha brúite (maighnéidít), i gcoimeádáin shéalaithe go heirméiteach, agus ocsaíd mhaighnéisiam, bídis íon nó ná bídis, seachas maignéis chomhleáite nó maignéis atá cailcínithe amach (ar tháinig sintéar uirthi)	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar carbónáit mhaighnéisiam nádúrtha (maighnéidít) a úsáid
Caibidil 26	Mianta, slaig agus luaith	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é
ex Caibidil 27	Breoslaí mianracha, olaí mianracha agus táirgí de thoradh a ndriogtha; substaintí biotúmanacha; céaracha mianracha; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é nó Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex 2707	Olaí inar mó meáchan na gcomhábhar aramatach ná meáchan na gcomhábhar neamharamatach, arb olaí iad atá comhchosúil le holaí mianracha a fhaightear trí tharra guail ardteochta a dhriogadh, ar tarra guail ardteochta é a ndriogann níos mó ná 65 % de, de réir toirte, ag teocht nach mó ná 250°C (lena n-áirítear meascáin de bhiotáille pheitriiliam agus beansól), lena n-úsáid mar bhreoslaí cumhachta nó téimh	Oibriúcháil scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha (!) nó Oibriúcháil eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáideadh aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
2710	Olaí peitriiliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, seachas amholaí; ullmhóidí nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile, ina bhfuil 70 % nó níos mó d'olaí peitriiliam nó d'olaí as mianraí biotúmanacha de réir meáchain, nuair is iad na holaí sin is bun-chomhábhar do na hullmhóidí; olaí dramhaíola	Oibriúcháil scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha (!) nó Oibriúcháil eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáideadh aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha

Ceannteideal (1)	Tuairisc ar an táirge (2)	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3)
2711	Gáis pheitriiliam agus hidreacarbóin ghásacha eile	Oibriúcháil scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ⁽¹⁾ nó Oibriúcháil eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáideadh aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
2712	Glóthach pheitriiliam; céir phairifín, céir pheitriiliam mhicricriostalta, céir ola, ózaiceirít, céir ligníte, céir mhóna, céaracha mianracha eile, agus táirgí comhchosúla a fhaightear trí shintéis nó trí phróisis eile, bídis daite nó ná bídis	Oibriúcháil scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ⁽¹⁾ nó Oibriúcháil eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáideadh aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
2713	Cóc peitriiliam, biotúman peitriiliam agus iarmhair eile olaí peitriiliam nó iarmhair olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha	Oibriúcháil scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ⁽¹⁾ nó Oibriúcháil eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáideadh aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
Caibidil 28	Ceimiceáin neamhorgánacha; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha de mhiotail lómhara, de mhiotail tearc-chré, de dhúile radaighníomhacha nó d'iseatóip	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex Caibidil 29	Ceimiceáin orgánacha; seachas:	Próiseas nó próisis shonracha ⁽⁴⁾ nó Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha

Ceannteideal (1)	Tuairisc ar an táirge (2)	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3)
		nó Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex 2901	Hidreacarbóin neamh-thimthriallacha lena n-úsáid mar bhreoslaí cumhachta nó téimh	Próiseas nó próisis shonracha ⁽⁴⁾ nó Oibriúcháil scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ⁽¹⁾ nó Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex 2902	Ciogláin agus cigléiní (seachas asailéiní), beinséin, toluéin, xiléiní, lena n-úsáid mar bhreoslaí cumhachta nó téimh	Próiseas nó próisis shonracha ⁽⁴⁾ nó Oibriúcháil scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ⁽¹⁾ nó Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex 2905	Alcóláiteanna miotail atá déanta as alcóil atá faoin gceannteideal seo agus as eatánól	Próiseas nó próisis shonracha ⁽⁴⁾ nó Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoi cheannteideal 2905. Mar sin féin, féadfar alcóláiteanna miotail atá faoin gceannteideal seo a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
Caibidil 30	Táirgí cógaisíochta	Próiseas nó próisis shonracha ⁽⁴⁾ nó Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal

